An Roinn Oideachais
Department of Education

# Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna

# 2023 - 2027

Ba choir aon cheist maidir leis an lámhleabhar seo a chur ar aghaidh chuig an seoladh thíos:

An Rannóg um Rialachas Scoileanna
An Roinn Oideachais
Cor na Madadh
Baile Átha Luain
Co. Na hIarmhí
Éirchód: N37X659

R-phost: schoolgovernance@education.gov.ie

Meán Fómhair 2023

# Clár ábhair

Réamhrá

Gluais Téarmaíochta

1. Réamhchocal agus léargas ar ról an Bhord Bhainistíochta……………………….. 1
2. Ginearálta………………………………………………………………………….. 14
3. Chomdhéanamh na mBord Bainistíochta…………………………………………. 17
4. An nós imeachta maidir le comhaltaí Bord Bainistíochta a thoghadh agus a ainmniú……………………………………………………………………………….. 23
5. An seasamh I gcás ina loiceadh baill bhreise ón bPobal a ainmniú dar le Aguisín C……………………………………………………………………………... 25
6. Neamhcháilitheacht………………………………………………………………. 26
7. Téarma Oifige, Lánscor an Bhoird/Comhalta(í) a chur as oifig, scor den Chomhaltas, Éirí as agus Folúntais……………………………………………….. 27
8. Rúndacht………………………………………………………………………… 31
9. Cumarsáid/Trédhearcacht an Bhoird…………………………………………….. 32
10. An Cathaoirleach………………………………………………………………… 33
11. An Rúnaí………………………………………………………………………… 34
12. An Cisteoir……………………………………………………………………….. 35
13. An Nós Imeachta do chruinnithe an Bhoird……………………………………….. 37
14. Freagrachtaí an Bhoird don Phátrún, do na hIontaobhaithe agus don Roinn…… 40
15. Nochtach leasa/caighdeáin imeachtaí an Bhoird……………………………………. 41
16. Comhfhreagras…………………………………………………………………….. 43
17. Airgeadas………………………………………………………………………… 44
18. An Rialálaí Carthanas…………………………………………………………….. 52
19. Cosaint Leanaí…………………………………………………………………….. 53
20. Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána…………………………………………. 55
21. Na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus RGCS……..……………………………… 56

22. Na hAchtanna um Shaoráil Eolais…………………………………………………….. 57

23. Na hAchtanna um Nochtadh Cosanta……….……………………………………….. 58

24. Rochtain ar an scoil…………………………………………………………………….. 60

25. Áitreabh na scoile a úsáid………………………………………………………………. 61

26. Treoirlínte Sláinte agus Sábháilteachta……………………………………………….. 63

27. Soláthar Earraí agus Seirbhísí………………………………………………………….. 64

28. Bainistíocht Fuinnimh sna Scoileanna…………………………………………………. 65

29. Ceapachán Gach Fostaí de chuid an Bhoird Bhainistíochta/BOO lena n-áirítear Príomhoidí/ Múinteoirí/Cúntóirí Riachtanais Speisialta……………………………….. 67

30. Foirm um athrú foirne……………………………………………………………………. 68

31. Córas Éilimh Ar Líne (CEAL)…………………………………………………………… 69

**Aguisín A – Nós imeachta maidir le duine a ainmniú/a thoghadh a ainmneofar don phátrún lena cheapadh mar ainmnigheach na múinteoirí……………………………….** 71

**Aguisín B – Nósanna imeachta maidir le Tuismitheoir(í) a ainmniú/a thoghadh lena gceapadh ag an bpátrún mar ainmnitheach/ainmnithigh na d'thismitheoirí ar an mbord**……………………………………………………………………………………….. 73

Rogha 1…………………………………………………………………………………….. 75

Rogha 2…………………………………………………………………………………….. 77

**Augisín C – Nós imeachta chun ball/baill ón phobal a roghnú le haghaidh ceapachain chuig an mbord**………………………………………………………………. 79

Foirm 1 – Dearbhú Pátrúin……………………………………………………………….. 83

Foirm 2 – Dearbhú Glachta Comhaltais ar bhord Bainistíochta Scoile…………………… 84

# Réamhrá an Aire

Mar Aire Oideachais táim go mór faoi chomaoin ag na mílte oibrithe deonacha a thacaigh agus a chuir go mór le bainistíocht agus oibriú ár mbunscoileanna, ar bhonn aonair agus i dteannta a chéile, ó tugadh boird bhainistíochta isteach i mbunscoileanna den chéad uair i 1975. Táim thar a bheith buíoch go leanann spiorad láidir na hoibre deonaí agus na húinéireachta áitiúla seo mar pháirt lárnach do reáchtáil ár scoileanna ó lá go lá. Tá a fhios agam go leanfaidh an ionchur láidir saoránaigh seo de bheith mar bhunchloch ag na boird bhainistíochta nua a mbeidh tús feidhme acu an 1 Nollaig 2023.

Is é príomhchuspóir an bhoird bhainistíochta ná a chinntiú go ndéantar an scoil a bhainistiú ar bhealach a chuireann an t-oideachas is fearr agus is féidir ar fáil dá daltaí uile. Is fearr a bhaintear é seo amach trí thimpeallacht dhearfach scoile a chruthú ina n-éiríonn go geal le daltaí. Tá sé thar a bheith tábhachtach, agus an cuspóir seo á bhaint amach, go mbíonn tuiscint shoiléir ag Boird ar thábhacht a ról agus a bhfreagrachtaí rialachais agus go mbíonn siad iomlán feasach ar an tábhacht a bhaineann le dea-chumarsáidí le gach ball de phobal na scoile, tuismitheoirí san áireamh.

Mar aon le rialacha éagsúla a leagan amach do chomhdhéanamh agus d’fheidhmiú na mBord, tá forléargas sa lámhleabhar seo freisin ar ról an Bhoird. Tá sé tábhachtach go ndéanfadh gach Bord tagairt don fhorléargas seo nuair a bhítear ag machnamh ar a ról agus a fhreagrachtaí. Cuideoidh sainaithint a phríomhghníomhaíochtaí agus a thosaíochtaí le Bord a chuspóir lárnach a chomhlíonadh maidir le timpeallacht dhearfach scoile a sholáthar ionas gur féidir le daltaí oideachas den scoth a bheith acu.

Cuireann An Fóram Bunoideachais ardán ar fáil don phlé lenár gcomhpháirtithe faoin gcuma a d’fhéadfadh a bheith ar shocruithe rialachais do scoileanna amach anseo. Tugann an t-ardán seo deis machnaimh freisin ar an gcaoi ina bhféadfar boird a thacú agus a neartú ina bpríomhról rialachais i scoileanna sa todhchaí. Tuigim freisin tionscadal na scoileanna beaga óna bhféadfadh roinnt léargas agus smaointe teacht ina leith seo. I bhfianaise na mbrúnna ar obair dheonach i sochaí an lae inniu, is comhrá é seo óna bhféadfadh fíor-thairbhí teacht do Bhoird agus iad ag fiosrú réimsí ar nós socruithe do rialachas comhroinnte nó comhdhéanamh todhchaí na mbord.

Chun scoil a bhainistiú go rathúil, tá sé ríthábhachtach go mbeadh oiliúint chuí ar fáil do chomhaltaí an Bhoird ionas go mbeidh an t-eolas agus an saineolas atá de dhíth orthu acu chun a róil a chomhlíonadh. Táim faoi chomaoin ag na Comhlachtaí Bainistíochta éagsúla as oiliúint, comhairle agus treoir a sholáthar do Bhoird agus molaim do gach Bord leas a bhaint as na hacmhainní oiliúna a chuirtear ar fáil. Ina theannta sin, leanann mo Roinn uirthi ag tacú le fócas méadaithe ar úsáid na hoiliúna ar líne (seimineáir ghréasáin agus físeáin) chun seachadadh modúil oiliúna do gach comhalta Boird a éascú, rud a bheidh tábhachtach do rath na mBord nua agus iad ag tosú an 1 Nollaig 2023.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach Comhpháirtí Oideachais as a rannpháirtíocht agus a n-ionchur maidir le nuashonrú an lámhleabhair seo do Bhoird nua.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil agus aitheantas a thabhairt do thiomantas agus d'ionchur leanúnach gach comhalta Boird i bhfeidhmiú rathúil a scoile áitiúil. Is ionchur uasal agus fiúntach é dá bhfuilim fíorbhuíoch agus guím gach rath ar gach comhalta Boird sa ról tábhachtach atá acu.

Norma Foley, T.D.,
Aire Oideachais

# Gluais Téarmaíochta

**Bord Bainistíochta:** Is é an bord bainistíochta (An Bord)/ bainisteoir (bainisteoirí) an comhlacht daoine nó an duine atá ceaptha ag an bpátrún chun an scoil a bhainistiú in ainm an phátrúin. Tá feidhmeanna an bhoird bhainistíochta leagtha amach in Alt 15 den Acht Oideachais 1998, a thugann le fios, i measc rudaí eile, go mbeidh sé mar dhualgas ag an mBord "*an scoil a bhainistiú thar ceann an phátrúin agus ar mhaithe leis na mic léinn agus a dtuismitheoirí agus oideachas cuí a sholáthar nó a chur faoi deara é a sholáthar do gach mac léinn ar an scoil a bhfuil freagracht ar an mbord sin ina leith".* Foráiltear, leis, in Alt 15 den Acht Oideachais 1998 mar seo a leanas: *"Comhlíonfaidh bord na feidhmeanna a thugtar dó agus do scoil leis an Acht seo".*

**Bord** Ba choir glacadh leis go gciallaíonn Bord mar atá sé sa lámhleabhar seo bord bainistíochta na scoile.

**PF:** Ciallaíonn (PF) príomhfheidhmeannach i mBOO

**Laethanta:** Is ionann laethanta mar a fheictear sa lámhleabhar seo agus laethanta féilire diomaite de laethanta scoile.

**An Roinn:** Chun críocha an lámhleabhair seo, ciallaíonn an Roinn an Roinn Oideachais.

**Fostóir:** Ciallaíonn fostóir an t-údarás scoile cuí. Ó thaobh bunscoileanna de (diomaite de phobalscoileanna náisiúnta faoi phatrúnacht BOO), is é an bord bainistíochta/bainisteoir(í) an fostóir. Ó thaobh scoileanna a fheidhmíonn faoin BOO, is é an BOO féin an fostóir. Sa lámhleabhar seo, mar sin, úsáidtear an frása "an fostóir" le tagairt ar an mbord bainistíochta/bainisteoir(í)/BOO de réir mar is cuí.

**BOO:** Is é an ciall atá leis Bord Oideachais agus Oiliúna.

**An tAire:** Chun críocha an lámhleabhair seo, ciallaíonn an tAire Aire na Roinne Oideachais.

**Tuismitheoir:**

Folaíonn "tuismitheoir" an sainmhíniú ar thuismitheoir san Acht Oideachais 1998 agus áirítear ann tuismitheoir altrama, caomhnóir a ceapadh faoin reachtaíocht chaomhnóireacht leanaí cuí, nó duine eile a bheidh ag gníomhú in loco parentis agus a bhfuil leanbh faoina chúram nó faoina cúram faoi réir aon chumhachta reachtúla nó ordaithe cúirte agus, i gcás linbh a uchtaíodh faoin reachtaíocht uchtála cuí, nó, i gcás gur uchtaíodh an leanbh lasmuigh den Stát, ciallaíonn sé an t-uchtaitheoir nó na huchtaitheoirí nó an t-uchtaitheoir marthanach.

**Pátrún:**

Is é an pátrún an duine atá aitheanta mar sin ag an Aire de réir alt 8 den Acht Oideachais 1998. I gcás go gcuireann beirt nó níos mó feidhmeanna an phátrúin i gcrích, d'fhéadfadh iad a chlárú mar chomh-phátrúin.  Is é dualgas an phátrúin, de réir alt 14 den Acht Oideachais 1998 bord bainistíochta a cheapadh, másinoibrithe é. Foráiltear le hAlt 16 go bhféadfaidh an pátrún, le cead an Aire, comhalta den Bhord a chur as oifig nó Bord a lánscor.

**Údarás Scoile:**

Le haghaidh an lámhleabhair seo, is ionann údarás scoile agus an bord bainistíochta nó a mhacasamhail i gcás bunscoileanna (diomaite de phobalscoileanna náisiúnta) agus an BOO cuí i gcás pobalcoil náisiúnta.

**Múinteoir ar seirbhís:**

Le haghaidh an lámhleabhair seo, glacfar leis gurb ionann múinteoir ar seirbhís agus múinteoir atá ar seirbhís i scoil go buan nó ar théarma seasta (go lánaimseartha nó páirtaimsearta) le téarma an cheapacháin sé mhí nó níos faide.

Ní cheaptar gur múinteoirí ar seirbhís iad na múinteoirí seo a leanas le haghaidh an lámhleabhair seo:

(a) múinteoirí (lena n-áirítear múinteoirí ionaid) ar lú ná sé mhí a dtéarma ceapacháin*;

(b) múinteoirí ar sos gairme;

(c) múinteoirí ar iasacht;

(d) múinteoirí ar seirbhís thar lear.

*Is féidir a mheas gur múinteoir ar seirbhís é múinteoir den sórt sin, áfach, i gcásanna nuair nach féidir aon mhúinteoir ar seirbhís (seachas an príomhoide/príomhoide gníomhach) a ainmniú/a thoghadh ar an mBord.

**Téarma Oifige:**

Is ionann téarma oifige, mar a fheictear sa lámhleabhar seo, seachas más gá lena mhalairt ó thaobh an comhthéacs de, agus tréimhse 4 bliana ón 1

Nollaig 2023 go dtí an 30 Samhain 2027 chomh maith leis an lá sin. Is faoi réir fhorálacha Ailt 14, 16 agus 17 den Acht Oideachais 1998 a bhíonn téarma oifige aon Bhoird agus faoi réir fhorálacha ábhartha an lámhleabhair seo chomh maith.

**Iontaobhaithe:** Go ginearálta, is iad na hIontaobhaithe na daoine atá ina bpáirtithe i léas áitreabh na scoile agus de ghnáth bíonn siad ainmnithe ag an bpátrún mar Iontaobhaithe na scoile. Tugann na hIontaobhaithe faoina gcúram go leanfar ar aghaidh leis an bhfoirgneamh a úsáid mar bhunscoil ar feadh téarma an léasa agus ráthaíonn siad go n-árachófar an t-áitreabh agus an t-inneachar i gcoinne tine agus anfa.

I gcás scoileanna Caitliceacha, is i seilbh an Iontaobhais Deoise a bhíonn maoin agus fiontar na scoile i bhformhór na ndeoisí. I scoil faoi úinéireacht cuallachta de ghnáth is iad na hIontaobhaithe iad féin atá ainmnithe sa dóigh sin ag an gcuallacht reiligiúnach. I gcás scoileanna Clochair, scoileanna Mainistreach agus scoileanna faoi úinéireacht Iontaobhais, cé gurb é an t-easpag an pátrún, d'fhéadfadh an Deoise, Iontaobhas Cuallachta nó Comhlacht Iontaobhais Caitliceach a bheith ina n-úinéirí orthu.

Ba cheart a chur san áireamh go bhféadfaidh sé, i scoileanna áirithe, nach bhfuil aon iontaobhais ann m.sh. i gcásanna ina bhfuil áitreabh na scoile faoi úinéireacht dhíreach phátrún na scoile.

# 1. Réamhfhocal agus léargas ar ról an Bhoird Bhainistíochta

## 1.1 Intreoir

Ceaptar bord bainistíochta bunscoile ar feadh téarma ceithre bliana. Is é téarma oifige na mbord bainistíochta nua ón 1 Nollaig 2023 go dtí an 30 Samhain 2027.

Bainistíonn an Bord an scoil thar ceann an phátrúin agus tá sé freagrach don phátrún agus don Aire. Is é an Príomhoide atá freagrach as bainistíocht na scoile ó lá go lá, lena n-áirítear na múinteoirí agus an fhoireann eile a threorú agus a stiúradh, agus tá sí/sé cuntasach as an mbainistíocht sin.

Ní mór do gach bord bainistíochta bunscoile a théann i mbun oifige ón 1 Nollaig 2023 ar aghaidh cloí le forálacha *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2023 – 2027.* Aithnítear go mbíonn ag na Boird is éifeachtaí tuiscint shoiléir ar a ról agus ar a bhfreagrachtaí agus go gcinntíonn siad go gcomhlíontar iad sin freisin. Is féidir le hoiliúint do bhaill na mBord a bheith an-tábhachtach i dtaca leis seo. Mar sin moltar go láidir do bhaill na mBord leas a bhaint as an oiliúint a chuirtear ar fáil, lena n-áirítear oiliúint a chuireann na Comhlachtaí Bainistíochta ar fáil agus an BOO cuí i gcás pobalscoileanna náisiúnta.

Ní mór don Bhord cur chuige dírithe ar an leanbh a ghlacadh ina chuid oibre ar fad. Caithfidh sé aird a bheith aige freisin ar leas éifeachtúil a bhaint as acmhainní (go háirithe na deontais a chuireann an Stát ar fáil), ar leas an phobail i ngnóthaí na scoile agus ar chuntasacht do scoláirí, dá dtuismitheoirí agus don phobal. Ina theannta sin, caithfidh an Bord spiorad sainiúil (éiteas) na scoile a chosaint agus a bheith cuntasach don phátrún as sin a dhéanamh.

Tá sé tábhachtach ón tús go n-aithníonn an Bord go cúramach an ról atá aige agus na freagrachtaí atá air agus go n-aithneodh sé na príomhghníomhaíochtaí agus na tosaíochtaí a ndíreofar orthu le linn a théarma oifige. Beidh na gníomhaíochtaí agus na tosaíochtaí sin difriúil ó scoil go scoil ag brath ar chúinsí na scoile.

Ba chóir forálacha an lámhleabhair seo a athrú de réir mar is gá chun teacht leis na socruithe reachtaíochta agus riaracháin faoina bhfeidhmíonn boird oideachais agus oiliúna (agus pobalscoileanna náisiúnta dá réir sin). Áirítear leo siúd ach níl siad teoranta leis an Acht Bhoird Oideachais agus Oiliúna 2013, An Cód Cleachtais do Rialachais Boird Oideachais agus Oiliúna (Eanáir 2019) agus na doiciméid reachtaíochta agus riaracháin iomchuí uile eile a thacaíonn le rialachas maith in earnáil an bhoird oideachais agus oiliúna.

Mar chúnamh do Bhoird nua, is é atá sa mhéid seo a leanas ná gearrchuntas ar chuid de na príomhghníomhaíochtaí ar gnách do Bhoird éifeachtúla tabhairt fúthu:

## 1.2 An Bord Bainistíochta agus an Pátrún

Tá sé mar dhualgas ag an mBord an scoil a bhainistiú ar son an phátrúin. Agus an dualgas seo á chomhlíonadh, caithfidh an Bord dul i gcomhairle leis an bpátrún agus an é a choinneáil ar an eolas maidir le cinntí agus le tograí an Bhoird. Tá an Bord freagrach don phátrún freisin as spiorad sainiúil na scoile a chosaint.

Faoi fhorálacha an Achta Oideachais (Iontráil i Scoileanna) 2018, tá beartais iontrála ag gach scoil atá dréachtaithe ag an mBord agus faofa ag an bpátrún. Ní mór don Bhord polasaí iontrála na scoile a fhoilsiú. Ní mór leasuithe a dhéanamh sa todhchaí ar pholasaí iontrála na scoile faoi chuimsiú fhorálacha an Achta, lena n-áirítear comhairliúchán leis an bpátrún. Ní mór don phátrún gach polasaí iontrála leasaithe a fhaomhadh roimh fhoilsiú. Tá sonraí breise leagtha amach in **alt 1.6.2** den lámhleabhar seo.

Tá ról ar leith ag pátrúin maidir le comhaltaí a ainmniú ar bhoird roghnúcháin agallaimh agus ó thaobh ceapacháin a fhaomhadh roimh ré de réir an chiorcláin iomchuí de chuid na Roinne Oideachais mar is cuí (féach **Alt 29** den lámhleabhar seo le haghaidh tuilleadh eolais).

Ní mór, mar sin, socruithe a bheith i bhfeidhm le cinntiú go dtéitear i gcomhairle leis an bpátrún de réir mar is cuí maidir le gnóthaí an Bhoird agus go gcuireann an Bord aon eolas is gá d'fheidhmiú ról an phátrúin ar fáil don phátrún. Seo samplaí den eolas is gá a chur ar fáil don phátrún: an Polasaí Iontrála, An Plean Scoile, An Polasaí um Chosaint Leanaí; An Cód Iompair/Polasaí Frithbhulaíochta, Cuntais na Scoile srl.

## 1.3 An Bord Bainistíochta de chuid Pobalscoile Náisiúnta

Is iad na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) na forais chorparáideacha do phobalscoileanna náisiúnta bunaithe nó faoi chothabháil a bpátrúnacht, de réir Sceidil 3 d'Acht na mBord Oideachas agus Oiliúna 2013.

Cé gurb iad na BOO na forais chorparáideacha do phobalscoileanna náisiúnta faoina bpátrúnacht, roinneann BOO go leor feidhmeanna agus cúraimí bainistíochta le boird bhainistíochta atá bunaithe mar choistí de chuid an BOO de réir chuid 44 den Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá freagracht ag Boird Bhainistíochta i bpobalscoileanna náisiúnta do chúrsaí nach bhfuil bainte le fostaíocht mar shampla polasaithe scoile, cosaint leanaí, pleanáil scoileanna agus mar sin de. Déanfar cúrsaí airgeadais phobalscoile náisiúnta a bhainistiú agus polasaí airgeadais an BOO cuí a chomhlíonadh mar atá sonraithe in **Alt 17.2** den lámhleabhar seo.

## 1.4 An Bord Bainistíochta mar Fhostóir

Faoi Alt 24 den Acht Oideachais 1998 (arna leasú ag an Acht Oideachais (Leasú) 2012) is é an bord bainistíochta fostóir na múinteoirí agus baill foirne eile na scoile. I gcás phobalscoile náisiúnta, is é an BOO an fostóir, ní an bord bainistíochta. Tá eolas breise ar ról an BOO mar fhostóir leagtha amach thíos i **1.5** den lámhleabhar seo.

Áirítear le ról an Bhoird mar fhostóir freagracht as earcú agus dífhostú múinteoirí agus baill foirne eile laistigh den scoil, faoi réir imlitreacha cuí na Roinne, reachtaíocht fostaíochta agus comhaontuithe earnála. Áirítear leis an ról freisin, ach níl sé teoranta do, sláinte agus sábháilteacht, tógáil, cothú agus cothabháil caidreamh dearfach foirne.

Is é an Roinn Oideachais a íocfaidh múinteoirí agus foireann eile a mholtar le fostú sa scoil, dar leis na líonta agus na leibhéil atá faofa ag an Roinn maidir le foireann den chineál sin. Tá sé de fhreagracht ar an mBord a dhearbhú go gceaptar an fhoireann i bpoist dar le nósanna imeachta agus riachtanas na Roinne mar atá leagtha amach in imlitreacha agus i gcomhaontuithe eile idir na ceardchumainn agus Forais Bhainistíochta (féach **Alt 29** den lámhleabhar seo le haghaidh tuilleadh eolais).

Tugtar faoi shaincheisteanna maidir le feidhmíocht agus iompar múinteoirí faoi chomhaontuithe a dhéantar faoi alt 24(3) den Acht Oideachais 1998. Tá nósanna imeachta maidir le saincheisteanna inniúlachta gairmiúla agus cúrsaí smachta ginearálta arna n-eisiúint agus arna bhfoilsiú ag an Roinn ar fáil ó gov.ie - Seirbhísí do scoileanna agus d'fhoireann scoile (www.gov.ie)

Tugtar achoimre ar Théarmaí agus ar Choinníollacha reatha na mball foirne múinteoireachta agus na gCúntóirí Riachtanas Speisialta in imlitreacha éagsúla ar shuíomh gréasáin na Roinne. Is féidir fiosrúcháin maidir le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta nó nósanna imeachta earcaíochta agus ceapacháin do mhúinteoirí agus do chúntóirí riachtanas speisialta (CRSanna) a chur chuig an ríomhphost seo a leanas: teachersna@education.gov.ie

Gheofar eolas ginearálta ar fhreagrachtaí fostóirí ar www.workplacerelations.ie

## 1.5 An Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) mar Fhostóir

De réir Alt 6 den Acht Oideachais (Leasú) 2012 tá an BOO freagrach as príomhoide agus foireann eile de chuid pobalscoile náisiúnta a fhostú. Ní hé bord bainistíochta de chuid pobalscoile náisiúnta faoi phátrúnacht BOO fostóir múinteoirí agus baill foirne eile na scoile, is é an BOO cuí an fostóir. Áirítear le ról an BOO mar fhostóir freagrachtaí as earcú agus dífhostú múinteoirí agus baill foirne eile laistigh den phobalscoil náisiúnta, de réir forálacha reachtúla, imlitreacha ábhartha na Roinne, comhaontuithe fostaíochta agus earnála. Áirítear leis an ról freisin, ach níl sé teoranta do, sláinte agus sábháilteacht, tógáil, cothú agus cothabháil caidreamh dearfach foirne.

Tá na nósanna imeachta earcaíochta agus ceapacháin do phríomhoidí, múinteoirí agus cúntóirí sainriachtanas mar a leagtar amach i gciorcláin na Roinne ábhartha i bhfeidhm ar scoileanna náisiúnta pobail agus ba cheart iad a léamh ar an mbonn gurb é an BOO an fostóir agus ní an bord bainistíochta. Tá comhdhéanamh Bord agallaimh i bpobalscoileanna náisiúnta in earnáil an BOO leagtha amach san imlitir chuí de chuid na Roinne Oideachais mar is iomchuí. Tabharfaidh an Bord agallaimh an moladh le haghaidh ceapachán agus cionn is gur feidhm feidhmiúcháin iad ceapacháin, déanfaidh an príomhfheidhmeannach (PF) an BOO na ceapacháin a dhearbhú (féach **Alt 29** den

lámhleabhar seo le tuilleadh eolais faoi nósanna imeachta earcaíochta agus ceapacháin a aimsiú.

Tugtar faoi shaincheisteanna maidir le feidhmíocht agus iompar múinteoirí faoi chomhaontuithe a dhéantar faoi alt 24(3) den Acht Oideachais 1998. Tá nósanna imeachta maidir le saincheisteanna inniúlachta gairmiúla agus cúrsaí araíonachta ginearálta arna n-eisiúint agus arna bhfoilsiú ag an Roinn ar fáil ó gov.ie - Seirbhísí do scoileanna agus d'fhoireann scoile (www.gov.ie)

Tugtar achoimre ar Théarmaí agus ar Choinníollacha reatha na mball foirne múinteoireachta agus na gCúntóirí Riachtanas Speisialta in imlitreacha éagsúla ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais. Ba chóir fiosruithe maidir le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta nó earcaíochta agus maidir le nósanna imeachta ceapacháin do mhúinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS) a chur chuig an mBOO lena mbaineann. Féadfar aon cheisteanna eile a chur chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: teachersna@education.gov.ie

Gheofar eolas ginearálta maidir le freagrachtaí fostóirí ar www.workplacerelations.ie

## 1.6 Polasaithe Scoile

**1.6.1** Is é an Bord atá freagrach as polasaithe scoile ar an iomlán. Ar an ábhar sin, beidh baint ag Boird ó am go ham i bpolasaithe difriúla scoile a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú, de réir mar is cuí. Ina measc siúd tá an Polasaí Iontrála (Polasaí Rollaithe), an Polasaí um Chosaint Leanaí, an Cód Iompair/Polasaí Frithbhulaíochta, Nósanna Imeachta maidir le Gearáin, an Straitéis Tinrimh Scoile, an Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta agus mar sin de.

Is ar chúinsí na scoile atá i gceist a bhraithfidh sé cibé an gá do Bhord nua aon pholasaí scoile ar leith a bhreithniú. Mar sin féin, ní mór do gach Bord a chinntiú go bhfuil na polasaithe cuí riachtanacha scoile curtha i bhfeidhm, de réir mar is gá. Eolas ar Chosaint Leanaí mar atá sonraithe in **Alt 19** den lámhleabhar seo. Leagtar amach eolas breise ar phríomhréimsí polasaithe maidir le hIontráil (Rollú), an Cód Iompair agus an Polasaí Frithbhulaíochta thíos.

### 1.6.2 Polasaí Iontrála (Rollaithe)

Leis an Acht Oideachais (Iontráil i Scoileanna) 2018 (An tAcht) soláthraítear creat don rollú scoile atá deartha chun a chinntiú go gcaitear go cothrom le gach leanbh agus go bhfuil an bealach ina gcinneann scoileanna ar iarratais ar iontráil struchtúrtha, cothrom agus trédhearcach. Tá tús curtha le gach alt den Acht agus tá siad i bhfeidhm anois.

Foráiltear leis an Acht, i scoileanna ina bhfuil áiteanna ar fáil, go gcaithfidh an scoil gach scoláire a dhéanann iarratas a ligean isteach. Leis an Acht freisin rinneadh leasú ar alt 7

den Acht um Stádas Comhionann, 2000 lena chuirtear cosc ar úsáid a bhaint as reiligiún mar chritéar roghnúcháin in iontrálacha bunscoile le cosaintí áirithe do reiligiúin mhionlaigh chun a chinntiú gur féidir le leanbh de reiligiún mionlaigh rochtain a fháil fós ar scoil dá gcreideamh. Le hAlt 64 den Acht cuirtear cosc ar scoileanna táillí a ghearradh nó íocaíocht nó ranníocaí a lorg as iarratas ar iontráil i scoil nó ar rollú nó ar rollú leanúnach scoláire i scoil. Ceadaíonn an tAcht do chomhoibriú idir boird faoi alt 66.

Le hAlt 67 den Acht foráiltear do chás nach féidir le leanbh (le riachtanais speisialta nó eile) áit scoile a fháil, agus tugtar cead don Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta nó Tusla (An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach) áit scoile a ainmniú don leanbh.

Leis an Acht Oideachais (Soláthar i Leith Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu) 2022 rinneadh leasú breise ar Acht Oideachais 1998 trína bhféadfaidh an tAire a ordú do scoil soláthar a dhéanamh do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Ní úsáidtear é ach mar rogha dheireanach nuair a bhíonn gá le soláthar breise i suíomh ar leith, agus nár éirigh le hiarrachtaí chun an soláthar breise sin a chinntiú trí rannpháirtíocht le scoileanna.

Ní mór do scoileanna a mbeartas iontrála a fhoilsiú, lena n-áirítear sonraí faoina gcritéir roghnúcháin. Ní mór do scoileanna fógra iontrála bliantúil a fhoilsiú chomh maith a shonraíonn na dátaí a mbíonn an próiseas iarratais ar siúl, lena n-áirítear sonraí na dtairiscintí a rinneadh an bhliain roimhe sin má bhí an scoil ró-shuibscríofa. Ní mór an fógra iontrála bliantúil agus an polasaí iontrála araon a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin atá ar fáil go poiblí arna chothabháil ag an scoil agus, ar iarratas i scríbhinn chuig an mbord, cóip a chur ar fáil do thuismitheoir, don Aire nó do bhall den phobal, de réir mar a bheidh. Níor cheart go n-iarrfadh foirmeacha iarratais iontrála scoile ach faisnéis a theastaíonn chun iarratas an dalta a mheasúnú bunaithe ar na critéir i bpolasaí iontrála na scoile.

Tá tuilleadh faisnéise chun cabhrú le scoileanna ar an bpróiseas iontrála, lena n-áirítear teimpléad do pholasaí iontrála, fógra iontrála bliantúil agus Ceisteanna Coitianta arna bhfoilsiú ag an Roinn Oideachais ar fáil ag gov.ie - Rollú scoile (www.gov.ie)

### 1.6.3 Cód Iompair

Ní mór don Bhord a chinntiú go gcomhlíonann an scoil a dualgais faoi alt 23 den Acht Oideachais (Leas) 2000 chun Cód Iompair a bheith i bhfeidhm aige atá dréachtaithe agus foilsithe de réir na dtreoirlínte reatha eisithe de bhun alt 23(3) den Acht. Tá na treoirlínte reatha maidir le Cód Iompair a Fhorbairt ar fáil ar shuíomh gréasáin Tusla www.tusla.ie agus áirítear leo an ceanglas go mbeadh Beartas Frithbhulaíochta ag scoileanna laistigh de chreat a gCóid Iompair fhoriomláin.

### 1.6.4 Polasaí Frithbhulaíochta

De réir an Achta Oideachais (Leas) 2000 agus na dtreoirlínte atá eisithe ag an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais (BNLO), ceanglaítear ar gach scoil polasaí Frithbhulaíochta a

bheith acu laistigh de chreat a gCóid Iompair fhoriomláin. Ní mór don Bhord a chinntiú freisin go bhfuil Polasaí Frithbhulaíochta ag an scoil a chloíonn go hiomlán le riachtanais sna Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna de chuid na Roinne arna n-eisiúint ag an Roinn Oideachais faoi Imlitir 0045/2013 agus arna bhfoilsiú ar www.gov.ie/education. Tá teimpléad de Pholasaí Frithbhulaíochta nach mór do gach scoil a úsáid chun na críche seo curtha ar fáil in **Aguisín 1** de na gnásanna sin.

Baineann na Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna agus an Imlitir ghaolmhar 0045/2013 a d’eisigh an Roinn Oideachais agus atá foilsithe ar www.gov.ie/education le gach bunscoil aitheanta. Tá na gnásanna leagtha amach chun treoir a thabhairt don Bhord agus do phearsanra na scoile maidir le hiompar bulaíochta scoilbhunaithe i measc na ndaltaí a chosc agus a chomhrac. Ceanglaítear ar an mBord agus ar phearsanra na scoile cloí leis na gnásanna seo agus iad ag déileáil le líomhaintí agus eachtraí bulaíochta.

Ní mór don Bhord a chinntiú go gcuirtear Polasaí Frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, go bhfoilsítear é ar shuíomh gréasáin na scoile (nó mura bhfuil ceann ar bith ann, go mbeidh sé inrochtana go héasca do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas) agus go gcuirtear ar fáil do chumann na dtuismitheoirí é (más ann dó).

Áirítear ar an gnásanna freisin socruithe maoirseachta a éilíonn go gcuirfidh an príomhoide, ar a laghad uair amháin i ngach téarma scoile, tuairisc ar fáil don bhord bainistíochta maidir le líon na gcásanna bulaíochta a tuairiscíodh dó nó di agus deimhniú gur caitheadh leis na cásanna sin ar fad, nó go bhfuiltear ag caitheamh leo, de réir Pholasaí Frithbhulaíochta na scoile agus na Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna

Éilíonn na socruithe maoirseachta freisin go gcaithfidh an Bord athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar Pholasaí Frithbhulaíochta na scoile agus ar a chur i bhfeidhm ag an scoil. Ní mór fógra scríofa go bhfuil an t-athbhreithniú críochnaithe a chur ar fáil do phearsanra na scoile, a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na scoile (nó mura bhfuil ceann ar bith ann, a bheith ar fáil go héasca do thuismitheoirí agus daltaí ar iarratas) agus a sholáthar do chumann na dtuismitheoirí (más ann dó).

Bhunaigh an tAire Coiste Stiúrtha i bhFeabhra 2022 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta ar Bhulaíocht (2013) agus chun plean Gníomhaíochta nua a fhorbairt. Bunaíodh Grúpa Oibre freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d’Iar-Bhunscoileanna (2013). Bhí comhairliúchán forleathan ann le raon leathan geallsealbhóirí agus foilsíodh Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht (www.gov.ie) i mí na Nollag 2022. I mí Aibreáin 2023 foilsíodh plean feidhmiúcháin do Cineáltas, agus in am trátha leanfaidh foilsiú nósanna imeachta Frithbulaíochta nuashonraithe.

**Nóta Tábhachtach maidir leis na Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna.**

Ag am foilsithe an lámhleabhair seo, bhí obair ar bun chun na nósanna imeachta frithbhulaíochta a nuashonrú i gcomhairle leis na Comhpháirtithe Oideachais. Tá sé tábhachtach, mar sin, go ndéanfadh boird monatóireacht ar an suíomh gréasáin www.gov.ie/education chun an staid is déanaí a fháil.

### 1.6.5 An Bille Oideachais (Cairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí) 2019

**Nóta Tábhachtach faoin mBille Oideachais (Cairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí) 2019**

D'fhoilsigh an tAire an Bille Oideachais (Cairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí) 2019 i Meán Fómhair 2019. Faoin reachtaíocht atá molta beidh sé de cheangal ar gach scoil dul i gcomhairle le tuismitheoirí agus scoláirí, agus Cairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí a fhoilsiú. Leis an reachtaíocht atá molta déanfar foráil don Aire chun treoirlínte náisiúnta a leagan amach a leanfaidh scoileanna agus a gcairt féin á dréachtú agus á cur i bhfeidhm acu. Tráth foilsithe an lámhleabhair seo, bhí tús curtha ag an mBille lena thuras trí thithe an Oireachtais. Tá an Bille rite ag an Seanad agus críochnaíodh an dara céim sa Dáil i mí Iúil 2021 agus tá an Roinn ag fanacht ar ordú chun dul ar aghaidh go céim an Choiste. Tá sé tábhachtach mar sin seiceáil a dhéanamh ar an suíomh gréasáin www.gov.ie/education le haghaidh an staid suas chun dáta maidir leis sin.

## 1.7 Bainistíocht Acmhainní

### 1.7.1 Maoirseacht ar Acmhainní

Le hAlt 15 den Acht Oideachais 1998 ceanglaítear ar an mbord bainistíochta, le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, aird a thabhairt ar úsáid éifeachtach acmhainní agus, go háirithe, ar úsáid éifeachtach chistí an Stáit. Tá dualgas reachtúil ar bhoird mar sin a chinntiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar acmhainní scoile (lena n-áirítear deontais, foireann agus acmhainní eile) a bhainistiú go cuí agus go héifeachtach agus ar bhealach a dhéanann foráil do chuntasacht chuí do na páirtithe ábhartha.

In 2017 d'eisigh an Roinn Imlitir 0060/2017 chuig údaráis bhainistíochta bunscoileanna aitheanta, maidir le feidhmiú céimneach agus oibriú an Aonaid Seirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU) ag an mbunleibhéal. Tá an imlitir ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne www.gov.ie/education. Níl feidhm ag Imlitir 0060/2017 maidir le pobalscoileanna náisiúnta toisc go gcuireann an BOO ábhartha comhairle agus tacaíocht ar fáil do phobalscoileanna náisiúnta i gcúrsaí rialachais airgeadais. In **Alt 17.3** den lámhleabhar seo leagtar amach ról an FSSU lena n-áirítear comhairle agus tacaíocht a sholáthar do scoileanna ar chúrsaí rialachais airgeadais.

Ba chóir go mbeadh an Bord ar an eolas go hiomlán agus rannpháirteach go gníomhach sa mhaoirseacht ar iarratais na scoile ar na hacmhainní go léir. Tá faomhadh an phátrúin agus na n-iontaobhaithe (i scoileanna ina bhfuil iontaobhaithe ann) de dhíth chomh maith i dtaca iarratas do thionscadail tógála. Tugann **Cuid 17.4** den lámhleabhar seo eolas do bhoird ar chaiteachas caipitiúil agus obair.

### 1.7.2 An Tuairisceán Bliantúil Daonáirimh

Is fachtóir ríthábhachtach é an Tuairisceán Bliantúil Daonáirimh chuig an Roinn maidir le hacmhainní a leithdháileadh ar scoileanna. Ní mór an Tuairisceán Bliantúil Daonáirimh, a chuirtear isteach trí POD, a thabhairt ar aird an bhoird bhainistíochta agus ní mór don Bhord a bheith iomlán sásta maidir lena chruinneas. Ba chóir go mbeadh an leathán sínithe ansin sínithe ag príomhoide na scoile agus ag cathaoirleach an bhoird bhainistíochta (nó bainisteoir(í)) agus i gcás pobalscoileanna náisiúnta ag príomhoide na scoile agus ag an bPríomhfheidhmeannach (nó a n-oifigeach tarmligthe) araon sula gcuirfear faoi bhráid na Roinne é.

Is é an comhaireamh rollaithe ar Bhunachar Sonraí Bunscoile Ar Líne (POD) (ó Mheán Fómhair 2016) an bonn le haghaidh íocaíochtaí deontais agus leithdháiltí múinteoirí. Mar sin tá sé ríthábhachtach go mbeadh taifead ar POD do gach dalta atá ar rolla na scoile. Tá na socruithe atá le cur i bhfeidhm maidir le sonraí a chur ar POD leagtha amach in Imlitir na Roinne 0025/2015. (Imlitir 0050/2015 i gcás scoileanna speisialta) atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne www.gov.ie/education

### 1.7.3 Imscrúdú agus tuairisciú neamhrialtachtaí

Meabhraítear do bhoird bhainistíochta agus do phríomhoidí an tábhacht a bhaineann le cruinneas na dtuairisceán rollaithe chuig an Roinn a chinntiú. Meabhraítear do Bhoird freisin a bhfreagracht as gach beart réasúnach a ghlacadh chun an riosca earráide, neamhrialtachta airgeadais agus calaoise a laghdú.

Tá freagracht ar bhoird bhainistíochta an Roinn a chur ar an eolas láithreach faoi aon earráid nó neamhrialtacht ina dtuairisceáin rollaithe. Sa chás go n-aithnítear nó go bhfuil amhras faoi neamhrialtacht nó calaois airgeadais líomhnaithe ní mór é a thuairisciú go pras don Roinn.

Nuair a thagann an Roinn ar an eolas faoi neamhrialtacht, cuirtear gach cumarsáid chuig an mBord maidir leis an gceist ar aghaidh chuig an bpátrún ag an am céanna.

Is é polasaí caighdeánach na Roinne, do chásanna a bhaineann le haon áibhéil rollaithe a líomhnaítear, a chinntiú go ndéanfar imscrúdú agus sa chás gur tharla calaois líomhnaithe go dtuairiscítear an cás don Gharda Síochána.

Maidir le haon cás ina líomhnaítear neamhrialtacht airgeadais is é polasaí caighdeánach na Roinne a chinntiú go ndéanfar imscrúdú agus go gcuirtear an cheist faoi bhráid an Gharda Síochána nuair is cuí.

Ní mór don bhord bainistíochta an Roinn a chur ar an eolas faoi thoradh aon imscrúduithe. I gcásanna nár tuairiscíodh an scéal don Gharda Síochána is féidir leis an Roinn an scéal a thuairisciú, nuair is cuí.

In **Ailt 12** agus **17** den lámhleabhar seo leagtar amach na ceanglais a bhaineann leis an gCisteoir agus le hAirgeadas faoi seach.

## 1.8 Ceannaireacht Scoile

Tá ceannaireacht ardchaighdeáin ríthábhachtach chun cuspóir agus fís lárnach a bhunú do scoil agus chun torthaí oideachais agus eispéiris foghlama ar ardchaighdeán a bhaint amach do dhaltaí. In Ag Breathnú ar ár Scoile 2022 - Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna soláthraítear comhthuiscint ar an gcuma atá ar chleachtais éifeachtacha agus an-éifeachtacha foghlama, teagaisc, ceannaireachta agus bainistíochta i gcóras scolaíochta na hÉireann. Leanann sé ar aghaidh ó fhoilsiú 2016 den ainm céanna agus soláthraíonn sé sraith aontaithe agus comhleanúnach de chaighdeáin do dhá ghné d’obair na scoileanna:

- Foghlaim agus teagasc
- Ceannaireacht agus bainistíocht

Is é príomhchuspóir na ceannaireachta agus na bainistíochta scoile ná timpeallacht a chruthú agus a chothú a thacaíonn le cúram, foghlaim agus teagasc ardchaighdeáin do dhaltaí. Méadaíonn dea-cheannaireacht éifeachtacht iomlán na scoile go ginearálta ach tá sé thar a bheith tábhachtach i gcomhthéacs sheachadadh éifeachtach an churaclaim, forbairt agus cur i bhfeidhm beartas, féinmheastóireacht scoile agus cultúr agus timpeallacht scoile atá dearfach agus cuimsitheach a chruthú do na daltaí agus baill foirne uile.

Leis an imlitir ábhartha ón Roinn maidir le hearcaíocht, ardú céime agus ceannaireacht do mhúinteoirí cláraithe i mbunscoileanna aitheanta atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne gov.ie - Seirbhísí do scoileanna agus foireann scoile (www.gov.ie) leagtar amach creat ceannaireachta agus bainistíochta do phoist cheannaireachta inscoile i mbunscoileanna aitheanta. Tá prionsabail na ceannaireachta dáilte mar bhonn agus mar thaca ag an gcreat ceannaireachta agus cuireann sé solúbthacht ar fáil maidir le riachtanais cheannaireachta agus bhainistíochta na scoile atá ag teacht chun cinn a aithint agus a chur in ord

tosaíochta. Ciallaíonn ceannaireacht dáilte go n-oibríonn na príomhoidí, na príomhoidí tánaisteacha, na príomhoidí cúnta agus na múinteoirí le chéile chun freagracht a roinnt as torthaí foghlama agus eispéiris foghlama na ndaltaí. Tá an creat ceannaireachta dáilte deartha chun cabhrú le Boird/BOOnna príomhoidí, príomhoidí tánaisteacha agus príomhoidí cúnta a earcú, agus sealbhóirí poist a shannadh agus a athshannadh chuig róil agus freagrachtaí sonracha chun freastal ar riachtanais athraitheacha chomhthéacs scoile. Tá múnla na ceannaireachta dáilte mar bhonn agus mar thaca ag na gníomhaíochtaí ceannaireachta uile.

Ní mór do bhoird bhainistíochta/BOOnna a bheith eolach ar a thábhachtaí atá sé an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus na príomhoidí cúnta a spreagadh agus a éascú chun a ról ceannaireachta sa scoil a fhorbairt agus a fheidhmiú go héifeachtach. Tá infheistíocht shuntasach déanta ag an Roinn chun inniúlacht ghairmiúil ceannairí scoile a fhorbairt trína seirbhísí tacaíochta (An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, an Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí agus an Lárionad Ceannaireachta Scoile). Clúdaíonn freagrachtaí na seirbhísí tacaíochta raon forbartha ceannaireachta do cheannairí scoile, ó thacaíochtaí do cheannairí meánacha go dtí príomhoidí nuacheaptha agus príomhoidí bunaithe.

Tá infheistíocht shuntasach déanta ag an Roinn chun inniúlacht ghairmiúil ceannairí scoile a fhorbairt trína seirbhísí tacaíochta (An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, an Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí agus an Lárionad Ceannaireachta Scoile). Clúdaíonn freagrachtaí na seirbhísí tacaíochta raon forbartha ceannaireachta do cheannairí scoile, ó thacaíochtaí do cheannairí meánacha go dtí príomhoidí nuacheaptha agus príomhoidí bunaithe.

Chuir an Roinn tús le tionscadal in 2021 chun na ceithre Sheirbhís Tacaíochta atá maoinithe ag Oideachas Múinteoirí a chomhtháthú in aon tSeirbhís Tacaíochta Chomhtháite amháin. Tá forbairt na Seirbhíse Tacaíochta Oideachais Comhtháite singil do Mhúinteoirí ag teacht le polasaí na Roinne maidir le teagasc agus foghlaim ardchaighdeáin a chur chun cinn trí Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí a sholáthar chun tacú le múinteoirí agus le ceannairí scoile. Le linn 2022 leanadh den obair ar an tionscadal chun na seirbhísí a chomhtháthú agus ar 1 Meán Fómhair 2023, déanfar na ceithre sheirbhís a chomhtháthú in aon seirbhís tacaíochta amháin ar a dtugtar *Oide*. Is í an fhís atá ag *Oide* ná tacú le foghlaim ghairmiúil ceannairí scoile agus múinteoirí in Éirinn trí fhoghlaim ghairmiúil ardchaighdeáin, nuálaíoch agus fhreagrúil a fhorbairt a chuireann ar a gcumas freastal ar riachtanais oideachais gach foghlaimeora.

## 1.9 Pleanáil Scoile

Faoin Acht Oideachais 1998 tá an Bord freagrach as socrú a dhéanamh chun plean scoile a ullmhú, agus a chinntiú go ndéantar é a athbhreithniú agus a uasdhátú ar bhonn rialta. Leagtar amach sa Phlean Scoile fealsúnacht oideachais na scoile, a cuid aidhmeanna agus an dóigh ina bhfuil sé socruithe aici iad a bhaint amach. Ní mór riachtanais foghlama na ndaltaí a bheith i gcroílár gach pleanála, agus caithfidh go ndíreofaí sa phlean scoile ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim a dhéantar sa scoil.

Ní doiciméad statach é an plean scoile. Déantar é a leasú de réir mar a athraíonn agus a fhorbraíonn riachtanais phobail na scoile. Caithfidh é a athbhreithniú agus a uasdhátú go rialta. Mar sin, is é ceann de na chéad tascanna a bhíonn le cur i gcrích ag Bord nuacheaptha an plean scoile a mheas go cúramach. Tá an plean scoile mar bhunús le hobair na scoile ar an iomlán agus mar bhunús le meastóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn agus ar fhorbairt na scoile go hiomlán.

In Imlitir 0045/2019 a thacaigh le tabhairt isteach Churaclam Teanga na Bunscoile, bhí teachtaireachtaí tábhachtacha maidir leis an gcuraclam. Thug sé isteach teanga an 'ullmhúcháin don teagasc agus don fhoghlaim' seachas an teanga níos traidisiíunta do 'phleanáil don teagasc'. Ó shin i leith, chun tacú le gach múinteoir bunscoile agus scoile speisialta agus iad ag ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim, forbraíodh treoir trí chomhoibriú arna stiúradh ag an Roinn Oideachais agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), agus an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) páirteach.

Tá an treoir, a seoladh in 2021, le fáil ag https://ncca.ie/en/resources/guidance-on-preparation-for-teaching-and-learning/ agus leagtar amach ann tuiscint athnuaite ar ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim, atá ailínithe leis an Ag Breathnú ar an Scoil Ahainne – Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna. Tacaíonn sraith leathan ábhar tacaíochta leis an treoir ar féidir teacht air ar shuíomh gréasáin CNCM ag https://ncca.ie/en/primary/preparation/.

Le Curaclam na Bunscoile (1999) soláthraítear eispéiris teagaisc agus foghlama atá leathan agus saibhrithe dár bpáistí agus tá sé le fáil ag Curriculum (curriculumonline.ie).
Mar sin féin, ó forbraíodh é tá go leor athraithe sa domhan agus sna seomraí ranga agus tá an curaclam ag athrú anois. Chuir an Roinn Oideachais scoileanna ar an eolas maidir le foilsiú *Creatchuraclam na Bunscoile* (An Creat) i mí an Mhárta 2023 trí 0017/2013. Leagtar amach sa Chreat an fhís agus na prionsabail do churaclam athfhorbartha, nua-aimseartha agus is é a mhúnlóidh obair na mbunscoileanna agus na scoileanna speisialta go léir sna blianta atá le teacht.

Tugann an Creat isteach príomhinniúlachtaí d'fhoghlaim leanaí, ag leagan amach na príomhghnéithe agus na comhpháirteanna d'athfhorbairt iomlán churaclam na bunscoile, ag sonrú réimsí agus ábhair an churaclaim; agus leithdháileadh ama molta. Nascann an Creat le heispéiris foghlama a chuirtear ar fáil trí théamaí *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* agus nascann sé leis na hábhair, na príomhscileanna agus na ráitis foghlama sa *Chreat don tSraith Shóisearach*.

Ba é Curaclam Teanga na Bunscoile (CTB) an chéad chuid den churaclam nua a tugadh isteach do scoileanna agus tá sé ag teacht leis an gCreat. Tugadh isteach é ar bhonn céimneach den chéad uair i Meán Fómhair 2016 ach tar éis aiseolas a fháil ó pháirtithe leasmhara, foilsíodh doiciméad curaclaim nuashonraithe do gach bunscoil agus scoil speisialta, ó naíonáin shóisearacha go rang a sé, i Meán Fómhair 2019.

Tabharfaidh *Creatchuraclam na Bunscoile* treoir don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) maidir le sonraíochtaí a fhorbairt do na réimsí curaclaim go léir agus, seachas Curaclam Mata na Bunscoile a thabharfar isteach sa scoilbhliain 2023/24, tabharfar isteach na sonraíochtaí seo sa scoilbhliain 2025/2026.

Is féidir eolas a fháil ar gach réimse den churaclam nua trí gov.ie - Curaclam Nua Bunscoile (www.gov.ie)

## 1.10 Féinmheastóireacht/Teagasc agus Foghlaim

Cuireann an tAcht Oideachais 1998 freagracht ar scoileanna córais a bhunú agus a chothú ina ndéantar éifeachtacht a hoibríochtaí a mheas. Tuigtear go maith do Bhoird éifeachtacha gur gné lárnach i bhfeabhsú scoile í an fhéinmheastóireacht agus cinnteoidh siad go mbeidh measúnú agus athbhreithniú leanúnach ar siúl ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na scoile araon agus an Bhoird féin ar an iomlán.

Cuireann an tAcht dualgas reachtúil ar an mBord cinnte a dhéanamh de go bhfuil oideachas cuí curtha ar fáil do dhaltaí iomlán na scoile. Leis an dualgas seo a dhéanamh go héifeachtach, ní mór don Bhord maoirseacht chuí rialta a dhéanamh ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim sa scoil. Lena chois sin, is féidir leis an mBord agus ba chóir go n-imríonn an Bord, ról gníomhach i gcaighdeáin sa scoil a fheabhsú ó thaobh peirspictíocht mhaoirseachta agus rialachais de. Mar shampla, beidh Boird éifeachtacha bainte go gníomhach le cinnte a dhéanamh de go leagtar amach spriocanna cuí leis an toradh a fheabhsú d'fhoghlaimeoirí i bpríomhréimsí amhail litearthacht agus uimhearthacht. Beidh ról maoirseachta tábhachtach eile ag an mBord freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na spriocanna agus iad a bhaint amach.

D'eisigh an Roinn Féinmheastóireacht Scoile Na Chéad Chéimeanna Eile 2022-2026 lena n-áirítear Imlitir 056/2022 ina leagtar amach na ceanglais maidir le féinmheastóireacht scoile (FMS) don tréimhse 2022-2026. Leanann sé seo ar aghaidh ó imlitreacha roimhe seo, Imlitir 0039/2016 agus Imlitir 0016/2018. I gcuid tiomnaithe den suíomh gréasáin www.gov.ie/education cuirtear eolas cothrom le dáta ar fáil freisin faoi fhéinmheastóireacht scoile agus tá ábhair agus acmhainní ann chun tacú le scoileanna agus iad ag gabháil don phróiseas.

Caithfidh an Bord a chinntiú go ndéantar Tuairisc Féinmheastóireachta Scoile agus Plean Feabhsúcháin Scoile le chéile gach bliain agus go gcuirtear achoimre ar an bplean ar fáil don phobal scoile ar fad gach bliain. Moltar go mór don Bhord seicliosta reachtaíochta agus rialacháin a chomhlíonadh gach bliain chun comhlíonadh oibleagáidí na scoile a mheas. Tá seicliosta ar fáil ar shuíomh gréasáin www.gov.ie/education anseo chun tacaíocht a thabhairt le Boird maidir leis seo.

Caithfidh an Bord, agus teagasc agus foghlaim na scoile i gceist, díriú ar na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach do dhaltaí na scoile. Tá sé tábhachtach nach ndéanfaidh aon phlé den chineál seo rialacha rúndachta maidir le daltaí a shárú. Sa dóigh chéanna, ba cheart eolas a thugtar don Bhord don chúise seo a bheith i bhfoirm nach ndéanfaidh rialacha rúndachta maidir le daltaí a shárú (m.sh. i bhfoirm eolais atá comhthiomsaithe de réir ranga nó grúpa, mar is cuí).

## 1.11 Oiliúint do Bhoird

Moltar go láidir do chomhaltaí an Bhoird teacht ar oiliúint ábhartha chun cabhrú leo a ról a chomhlíonadh. Ba cheart do chomhaltaí boird i scoileanna seachas pobalscoileanna náisiúnta teagmháil a dhéanamh lena bhForas Bainistíochta scoile ábhartha (m.sh. CPSMA, Bord Oideachais Eaglais na hÉireann, Educate Together, NABMSE, MPEB). Ba cheart do chomhaltaí boird na bpobalscoileanna dul i dteagmháil leis an mBord Oideachais agus Oiliúna ábhartha chun eolas a fháil maidir leis an oiliúint atá ar fáil agus/nó chun teacht ar oiliúint a bheidh in oiriúint do riachtanais reachtúla agus riaracháin na bpobalscoileanna.

Is iad na modúil atá clúdaithe ag a leithéid d'oiliúint do scoileanna diomaite do phobalscoileanna náisiúnta mar seo a leanas:

- An Bord mar Aonán Corparáideach – feidhm, róil agus an Bord i mbun gnímh
- Nósanna Imeachta a rialaíonn ceapadh foirne na scoileanna
- Cúrsaí airgeadais an Bhoird agus róil an Chisteora i mbunscoileanna (diomaite de phobalscoileanna náisiúnta)
- Saincheisteanna dlí – polasaithe agus nósanna imeachta ag éirí as reachtaíocht, treoirlínte agus imlitreacha
- Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí
- Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta
- Cosaint Sonraí

Ó tharla go bhfuil sé chomh tábhachtach sin oiliúint a fháil chun go n-oibreoidh bord bainistíochta go héifeachtach, moltar tairbhe a bhaint as cruinnithe den bhord bainistíochta go rialta chun riachtanais oiliúna chomhaltaí an Bhoird agus na hacmhainní oiliúna atá ar fáil a phlé. Is é dualgas gach comhalta den Bhord a chinntiú go mbaineann sí nó sé tairbhe as aon oiliúint bhord bainistíochta a chuirtear ar fáil.

Is é príomhoide na scoile agus cathaoirleach an Bhoird a chuirfidh eolas ginearálta agus eolas maidir le gnóthaí an Bhoird ar fáil do chomhaltaí eile an Bhoird go hiondúil. Gheobhaidh comhaltaí an Bhoird eolas ginearálta, leis, ar shuíomhanna gréasáin na gComhlachtaí Bainistíochta chuí agus ar shuíomh gréasáin na Roinne. Mura mbíonn eolas ginearálta dá leithéid ar fáil ar na suíomhanna gréasáin ábhartha is féidir le comhalta an Bhoird an eolas sin a lorg ón gComhlacht Bainistíochta chuí nó ón Roinn. Ní sárú ar **Alt 16.2** den Lámhleabhar seo é, a chlúdaíonn uiríll a dhéanamh i dtaca le gnó an Bhoird, eolas ginearálta dá leithéid a fháil ar an gcoinníoll gur eolas ginearálta í an t-eolas atá á lorg agus nach n-áirítear leis plé nó nochtadh ar ghnó ar bith de chuid an Bhoird atá faoi rún.

# 2. Ginearálta

**2.1** Feidhmíonn bunscoileanna faoin Acht Oideachais 1998 faoi reachtaíocht chuí eile, faoi imlitreacha na Roinne Oideachais agus faoi Rialacha na mBunscoileanna bainteacha faoi láthair.

**2.2** Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 15 den Acht Oideachais 1998.

Sonraítear in **Alt 15 den Acht Oideachais 1998** :

*"(1) Is é dualgas boird an scoil a bhainistiú thar ceann an phátrúin agus ar mhaithe leis na mic léinn agus a dtuismitheoirí agus oideachas cuí a sholáthar nó a chur faoi deara é a sholáthar do gach mac léinn ar an scoil a bhfuil freagracht ar an mbord sin ina leith.*

*(2) Comhlíonfaidh bord na feidhmeanna a thugtar dó agus do scoil leis an Acht seo agus, le linn do bhord a fheidhmeanna a chomhall-*

*(a) déanfaidh sé amhlaidh de réir na mbeartas a chinnfidh an tAire ó am go ham,*

*(b) déanfaidh sé spiorad sainiúil na scoile, mar a chinntear é de réir na luachanna agus na dtraidisiún cultúrtha, oideachais, morálta, creidimh, sóisialta, teangeolaíocha agus spioradálta is bun le cuspóirí agus stiúradh na scoile agus is saintréithe den chéanna, a chosaint agus beidh sé cuntasach don phátrún as iad a chosaint amhlaidh, agus gníomhóidh sé i gcónaí de réir aon Achta den Oireachtas nó aon ionstraime arna déanamh faoin gcéanna, agus de réir aon ghníomhais, cairte, airteagal bainistíochta nó aon ionstraime eile den sórt sin a bhaineann le bunú nó le hoibriú na scoile,*

*(c) rachaidh sé i gcomhairle leis an bpátrún agus coinneoidh sé ar an eolas nó í maidir le cinntí agus tograí de chuid an bhoird,*

*(d) foilseoidh sé,*[1] *i cibé modh is dóigh leis an mbord, le comhaontú an phátrúin, a bheith cuí, beartas na scoile i dtaca le ligean isteach agus rannpháirtíocht sa scoil, lena n-áirítear beartas na scoile i ndáil le mic*

---

[1] [1]Leis an Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), rinneadh leasú ar an Acht Oideachais 1998 trí Chuid X Ligean Isteach i Scoileanna a chur isteach san Acht Oideachais 1998. Ina theannta sin, leasaítear alt 15 d'Acht 1998 i bhfo-alt 15(2)(d)- mar seo a leanas:
(a) trí "faoi réir an Achta seo, polasaí ligean isteach na scoile a fhoilsiú" a chur in ionad "foilsithe, i cibé slí is cuí leis an mbord le comhaontú an phátrúin, beartas na scoile maidir le ligean isteach agus rannpháirtíocht sa scoil. scoile, lena n-áirítear beartas na scoile maidir le díbirt agus fionraí mac léinn agus ligean isteach agus rannpháirtíocht mic léinn atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu", agus
(b) trí "cuimsiú", a chur isteach roimh "comhionannas".

*léinn a dhíbirt agus a chur ar fionraí, agus i ndáil le ligean isteach agus rannpháirtíocht mac léinn atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu, agus cinnteoidh sé, i dtaca leis an mbeartas sin, go n-urramófar prionsabail an chomhionannais agus an ceart atá ag tuismitheoirí a leanaí a chur ar scoil is rogha leis na tuismitheoirí agus go gcomhlíonfar cibé ordacháin a dhéanfaidh an tAire ó am go ham, ag féachaint do spiorad sainiúil na scoile agus do chearta bunreachtúla gach duine lena mbaineann,*

*(e)* *beidh aird aige ar phrionsabail agus ar riachtanais sochaí daonlathaí agus beidh urraim aige don éagsúlacht luachanna, creideamh, traidisiún, teangacha agus modhanna maireachtála atá sa tsochaí agus cothóidh sé urraim don éagsúlacht sin,*

*(f)* *beidh aird aige ar úsáid éifeachtúil acmhainní (agus, go háirithe, ar úsáid éifeachtúil deontas a chuirtear ar fáil faoi Alt 12), ar leas an phobail i ngnóthaí na scoile agus ar chuntasacht do mhic léinn, dá dtuismitheoirí, don phátrún, don fhoireann agus don phobal dá bhfónann an scoil, agus*

*(g)* *úsáidfidh sé na hacmhainní a chuirfear ar fáil don scoil as airgead a sholáthróidh an tOireachtas chun soláthar réasúnach a dhéanamh do mhic léinn atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu agus chun cóir réasúnach a chur orthu, lena n-áirítear, i gcás inar gá é, foirgnimh a athrú agus trealamh cuí a sholáthar.*

*(3)* *D'fhonn amhras a sheachaint, ní thabharfaidh, ná ní mheasfar go dtabharfaidh, aon ní san Acht seo aon cheart don bhord ar thalamh agus foirgnimh na scoile a bhfuil an bord sin freagrach ina leith, ná aon leas sa chéanna."*

**2.3** Tá sé de fhreagracht ar bhoird bhainistíochta polasaí iontrála a chur i bhfeidhm de réir na nAchtanna Oideachais 1998 - 2018 agus beartas agus imlitreacha ábhartha na Roinne. Tá sonraí breise leagtha amach in **alt 1.6.2** den lámhleabhar seo.

**2.4** Ní mór do Bhoird Bainistíochta bunscoile, lena n-áirítear pobalscoileanna náisiúnta, a théann i mbun oifige ón 1 Nollaig 2023 ar aghaidh cloí le forálacha an lámhleabhair seo.

**2.5** Maidir le tagairtí a dhéantar sa lámhleabhar seo d'imlitreacha, reachtaíocht agus do rialacha ábhartha eile a bhféadfaí a leasú, tá sé tábhachtach an rannóg cuí de shuíomh gréasáin na Roinne www.gov.ie/education a sheiceáil nó seiceáil go díreach leis an Roinn maidir leis an staid reatha a bhaineann lena leithéid.

## 2.6 Slánú do Chomhaltaí Boird

Sonraítear in Alt 14(7) den Acht Oideachais 1998 *“Ach amháin mar a fhoráiltear leis an Acht seo, ní bheidh aon ábhar caingne ann in aghaidh comhalta boird i leith aon ní a dhéanfaidh an comhalta sin de mheon macánta agus de bhun an Achta seo nó aon rialachán arna ndéanamh ag an Aire faoin Acht seo”.*

# 3. Comhdhéanamh na mBord Bainistíochta

## 3.1 I gcás scoileanna a bhfuil níos mó ná múinteoir amháin ar an bhfoireann aitheanta, is mar seo a leanas, faoi réir Alt 3.4 agus Alt 6 a bheidh an Bord Bainistíochta bunaithe:

(a) Beirt ainmnithe dhíreacha de chuid an phátrúin.

(b) Beirt tuismitheoirí a thoghfar as tuismitheoirí na leanaí atá cláraithe agus a bhfuil tús curtha acu le freastal ar an scoil (ceann amháin acu ina máthair agus ceann amháin ina athair, arna thoghadh ag foras ginearálta thuismitheoirí na leanaí atá cláraithe agus a bhfuil tús curtha acu le freastal ar an scoil).

(c) Príomhoide (nó príomhoide feidhmeach) na scoile.

(d) Múinteoir amháin eile ar seirbhís ar fhoireann na scoile, a thoghann an fhoireann teagaisc lena n-áirítear an Príomhoide.

(e) Beirt chomhaltaí breise a mholann na hainmnithe sin a gcuirtear síos orthu ag (a) go (d) thuas, ag feidhmiú de réir an phróisis atá sonraithe in **Aguisín C.**

## 3.2 I gcás scoileanna a bhfuil múinteoir amháin ar an bhfoireann aitheanta, is mar seo a leanas, faoi réir Alt 3.4 agus Alt 6 a bheidh an Bord Bainistíochta bunaithe:

(a) Ainmní díreach amháin de chuid an phátrúin.

(b) Tuismitheoir amháin a thoghfar as tuismitheoirí na leanaí atá cláraithe agus a bhfuil tús curtha acu le freastal ar an scoil (arna thoghadh ag foras ginearálta thuismitheoirí na leanaí atá cláraithe agus a bhfuil tús curtha acu le freastal ar an scoil).

(c) Príomhoide na scoile.

(d) Comhalta breise amháin arna mholadh ag na hainmnithe sin a gcuirtear síos orthu ag (a) go (c) thuas, ag feidhmiú de réir an phróisis atá sonraithe in **Aguisín C**.

## 3.3 Socruithe Comhrialachais:

**3.3.1** Féadfaidh scoileanna an socrú seo a leanas a oibriú (dá dtagraítear mar "socrú comhrialachais" sa lámhleabhar seo) ar bhonn deonach le linn an téarma 4 bliana suas go dtí 30 Samhain 2023.

Ligeann an socrú do dhá scoil atá faoin bpátrúnacht chéanna socrú rialachais roinnte a oibriú faoi réir chomhaontú an phátrúin agus na riachtanas atá leagtha amach sa lámhleabhar seo.

Cé go mbeidh bord dáréag comhalta ar leith ann do gach scoil, ní bheidh ann ach próiseas toghcháin/ainmniúcháin amháin ar fud an dá scoil agus beidh an dáréag a thoghfar/a ainmneofar ag fónamh ar bhoird an dá scoil. Faoin socrú comhrialachais tá an grúpa céanna de dháréag ina gcomhaltaí de bhord an dá scoil i.e. tá gach duine ina c(h)omhalta de bhord scoile “A” agus ina c(h)omhalta de bhord scoile “B” freisin. Cé go bhfeidhmíonn gach bord mar aonán dlíthiúil ar leith is í an tairbhe a bhaineann le socrú comhrialachais ná go bhfuil an grúpa céanna daoine ag bainistiú saincheisteanna a thagann chun cinn ar bhealach comhsheasmhach i ngach ceann den dá scoil.

**3.3.2** Beidh comhdhéanamh an Bhoird ar a mbeidh dáréag ball i gcás gach scoile mar seo a leanas faoi réir **Alt 3.4** agus **Alt 6**:

(a) Triúr ainmnithe dhíreacha de chuid an phátrúin,

(b) Triúr tuismitheoirí de leanaí atá cláraithe agus atá ag freastal ar cheachtar den dá scoil (duine amháin acu ar a laghad ina máthair agus duine amháin acu ar a laghad ina athair agus faoi réir tuismitheoir amháin ar a laghad ar Bhord gach scoile as na leanaí cláraithe atá ag freastal ar an scoil sin) arna dtoghadh ag foras ginearálta thuismitheoirí na leanaí atá cláraithe agus a bhfuil tús curtha acu le freastal ar cheachtar den dá scoil.

(c) Príomhoidí an dá scoil,

(d) Múinteoir amháin eile ar seirbhís ar fhoireann ceann amháin den dá scoil, arna thoghadh le vóta na comhfhoirne teagaisc.

(e) Triúr comhaltaí breise a mholann na hainmnithe sin a gcuirtear síos orthu ag (a) go (d) thuas, ag feidhmiú de réir an phróisis atá sonraithe in **Aguisín C.**

Beidh an téarma oifige, líonadh folúntas, éirí as comhaltaí an Bhoird, incháilitheacht agus scor de chomhaltacht Boird faoi réir na gcritéar atá sonraithe **in Ailt 6 agus 7** den *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna* 2023 – 2027.

**3.3.3** Is cinneadh don phátrún é cibé a gcuirfear socrú comhrialachais i bhfeidhm tar éis dul i gcomhairle leis an dá scoil mar seo a leanas:

- I gcás ina bhfuil pátrún den bharúil go mbeadh sé chun tairbhe an dá scoil socrú comhrialachais a chur ar bun, is é an chéad chéim don phátrún ná dul i gcomhairle le gach bord bainistíochta atá ann cheana maidir lena leithéid. Mar chuid den phróiseas seo, caithfidh gach Bord dul i gcomhairle lena phobal scoile agus aon aiseolas uaidh a chur san áireamh sula gcuirtear a thuairim in iúl don phátrún.

- Is féidir le boird bhainistíochta atá ann cheana féin iarraidh ar an bpátrún smaoineamh ar shocrú comhrialachais a chur ar bun agus má aontaíonn an pátrún i bprionsabal é sin a dhéanamh, caithfidh gach Bord ansin dul i gcomhairle lena phobal scoile, iarracht a dhéanamh teacht ar chomhréiteach don socrú comhrialachais agus aiseolas a thabhairt don phátrún maidir lena leithéid.

- Is faoin bpátrún a bhíonn sé ansin cinneadh deiridh a dhéanamh cibé an nglacfar le socrú comhrialachais nó nach nglacfar. Agus cinneadh den chineál sin faoi chaibidil tabharfaidh an pátrún aird chuí ar mhianta, ar riachtanais agus ar thairbhí an dá scoil. Tá sé tábhachtach go mbeadh an pátrún sásta go bhfuil comhréiteach ann sa dá phobal scoile maidir leis an socrú comhrialachais sula ndéanann sé/sí cinneadh dul ar aghaidh lena leithéid.

- Má dhéantar cinneadh socrú comhrialachais a chur chun cinn ansin is é an chéad chéim eile go n-iarrann an pátrún ar ionadaí toghchán agus ainmniúchán a shocrú de réir na bhforálacha ábhartha **d'Alt 4** agus **d'Aguisíní A, B** agus **C** den lámhleabhar seo. Is faoin bpátrún atá sé an té is rogha leis nó léi a roghnú don fheidhm sin.

### 3.3.4 Pointí tábhachtacha don dá scoil le tabhairt faoi deara maidir leis an socrú rialachais roinnte

Is aonán dlí ar leith é gach Bord agus caithfidh sé a scoil féin a bhainistiú dar le dualgais agus feidhmeanna boird bhainistíochta faoi mar atá sonraithe san Acht Oideachais 1998 agus dar le forálacha an lámhleabhair seo.

Cé go mbíonn cruinnithe Boird ar leith ag gach Bord, d'fhéadfaí cruinnithe a eagrú sa dóigh is go dtarlaíonn siad go comhleanúnach (cruinniú Boird scoile amháin a bheith díreach i ndiaidh chruinniú Boird na scoile eile). Le cinntiú go ndéantar idirdhealú idir an dá Bhord, ní mór gach cruinniú a riaradh go soiléir agus go seasta mar chruinniú ann féin sa dóigh is gur soiléir céard é gnó gach Boird faoi seach. Tá miontuairiscí, comhdú agus leabhar choimeád i gcás an dá Bhoird faoi leith riachtanach.

Caithfidh gach scoil cuntais bhainc ar leith a bheith acu do chúiseanna maoinithe stáit. Caithfidh an Bord gach caiteachas a dhéanann bord bainistíochta gach scoile nó a dhéantar thar a cheann a cheadú. Caithfidh cuntais agus taifid a choinneáil de réir Alt 18 den Acht Oideachais 1998. Déanfar cuntas ioncaim agus caiteachais ar leith a ullmhú i gcás gach scoile ag deireadh na scoilbhliana agus déanfar é a iniúchadh agus a dheimhniú dar le riachtanais **Alt 17** den lámhleabhar seo.

**Nóta**: Cuirfidh an Roinn eolas ar bhoird a cheapfar faoi shocrú comhrialachais maidir le haon treoir eile mar gheall ar oibriú an tsocraithe comhrialachais.

## 3.4 Le gur féidir an ionadaíocht is leithne ar Bhord a chinntiú, nuair is indéanta:

- níor cheart aon ghaol díreach a bheith idir comhaltaí boird ná idir comhalta boird agus ball foirne,
- níor cheart tuismitheoirí leanaí atá cláraithe agus a bhfuil tús curtha acu le freastal ar an scoil a ainmniú ná a thoghadh ar an mBord ach amháin mar atá leagtha amach in **Ailt 3.1 (b), 3.2 (b)** nó **3.3.2 (b)**, agus
- de réir **Aguisin C**, ba cheart go mbeadh na baill ón bpobal a roghnófar neamhspleách ar na catagóirí eile daoine a leagtar amach in **Ailt 3.1 (a)** go **(d)**, **3.2 (a)** go **(c)**, nó **3.3.2 (a)** go **(d)** mar is infheidhme.
- tá sé de riachtanas chomh maith nach féidir duine, seachas an Príomhoide nó, i gcás go dtarlaíonn sé, ainmnitheach tofa na múinteoirí, atá fostaithe ag an mbord bainistíochta/BOO chun críocha na scoile, a cheapadh le bheith ina chomhalta den bhord bainistíochta ná a bheith ina chomhalta den Bhord sin.

## 3.5 Ainmnithe tuismitheoirí ar Bhoird i Scoileanna Ospidéil agus i Scoileanna Aonad Ardtacaíochta:

Aithnítear gur féidir deacrachtaí praiticiúla a bheith ann ó thaobh ainmnithe tuismitheoirí a thoghadh agus a choinneáil ar Bhord scoile in ospidéal nó in aonad ardtacaíochta. I gcás nach bhfuil sé indéanta i scoileanna dá sórt ainmní tuismitheoirí a cheapadh de réir fhorálacha ábhartha **Aguisín B**, d'fhéadfadh an pátrún, de rogha air sin, daoine nach tuismitheoirí leanaí atá ag freastal ar an scoil iad a cheapadh chun feidhmiú i ról ainmnitheach tuismitheoirí de réir na bhforálacha seo a leanas:

Moltar go mór don phátrún, más féidir, ainmnithe tuismitheoirí a cheapadh as na catagóirí daoine seo a leanas:

(a) tuismitheoirí iarscoláire na scoile, nó

(b) tuismitheoirí a chónaíonn sa phobal áitiúil agus atá ainmnithe ag comhaltaí eile den Bhord.

I gcás ina socraíonn an pátrún nach bhfuil sé indéanta ainmnithe tuismitheoirí a cheapadh as catagóirí faoi (a) nó (b) thuas áfach, is féidir leis an bpátrún, de rogha air sin, duine a cheapadh más tuismitheoir é/í agus má tá ról aige/aici a chuimsíonn dul i mbun oibre le daltaí na scoile nó tacaíocht a thabhairt dóibh. **Nóta**: Dar le **Alt 6.1** den lámhleabhar seo ní ceadmhach duine (seachas Príomhoide nó ainmnitheach tofa múinteora) atá fostaithe ag an mbord bainistíochta agus/nó chun críocha na scoile a cheapadh ná a bheith ina chomhalta den Bhord Bainistíochta.

Cíorfaidh an pátrún go mion, agus duine á cheapadh mar ainmní tuismitheoirí, an dóchúlacht go bhféadfadh aon choinbhleachta leasa nó coinbhleacht braite leasa a bheith

ann i dtaca le seilbh na hoifige agus cíorfaidh sé go mion a chumas an duine aonair dul i mbun dualgais an róil.

## 3.6 Scoileanna a n-athraítear a stádas:

I gcás scoile a athraíonn a stádas ó scoil le foireann aitheanta de bhreis agus múinteoir amháin go scoil le foireann aitheanta de mhúinteoir amháin, nó a mhalairt, beidh deireadh le téarma oifige an Bhoird ar an lá roimh an chéad lá ar a n-osclaítear an scoil chun glacadh le daltaí sa scoilbhliain ina n-athraítear stádas na scoile. Ceapfar Bord nua ag an bpátrún dar leis an bhforáil chuí **d'Alt 4** sa lámhleabhar seo. Sa tréimhse ar feitheamh ar bhoird nua a bhunú, bainisteoidh an pátrún an scoil nó ceapfar bainisteoir chun feidhmeanna an Bhoird a chur i ngníomh dar le Alt 14 den Acht Oideachais 1998.

Ní mhairfidh téarma oifige an Bhoird nua a cheapfar mar sin thar an 30 Samhain 2027.

## 3.7 Scoile atá nua/a dhéanann cónascadh/a athraíonn pátrún

### 3.7.1 Scoileanna Nua

I gcás scoile nuabhunaithe bunóidh an pátrún Bord nuair a bheidh an scoil oscailte chun glacadh le daltaí. Sa tréimhse go dtí go mbunófar an Bord nua, bainisteoidh an pátrún an scoil, nó bainisteoir a cheapadh chun feidhmeanna Boird a chomhlíonadh de réir alt 14 den Acht Oideachais 1998.

### 3.7.2 Scoileanna a dhéanann cónascadh

I gcás scoileanna a dhéanann cónascadh, scoirfidh téarma oifige an Bhoird de gach ceann de na scoileanna cónasctha de bheith ann an lá roimh an gcéad lá ar a mbeidh an scoil nua-chónasctha ar oscailt chun daltaí a ghlacadh.

I gcás scoileanna a dhéanann cónascadh, leanann gach Bord ar leith ar aghaidh ag bainistiú a scoile faoi seach suas go dtí an lá (agus an lá sin san áireamh) roimh an gcéad lá ar a bhfuil an scoil chónasctha ar oscailt chun glacadh le daltaí.

Nuair a bheidh an scoil nua-chónasctha oscailte chun daltaí a ghlacadh, bunóidh an pátrún Bord nua. Sa tréimhse go dtí go mbunófar an Bord nua, sa scoil nua-chónasctha bainisteoidh an pátrún an scoil, nó bainisteoir a cheapadh chun feidhmeanna Boird a chomhlíonadh de réir alt 14 den Acht Oideachais 1998.

### 3.7.3 Scoileanna a athraíonn pátrún/pátrúnacht

I gcás scoileanna a athraíonn pátrún, stopfaidh téarma oifige an Bhoird (na mBord) atá ag feidhmiú faoin bpátrún atá ag dul as oifig de bheith ann ar an lá roimh an gcéad lá ar a mbeidh an scoil ar oscailt chun daltaí a ghlacadh faoin bpátrún nua.

I gcás scoileanna a athraíonn pátrún leanann an Bord (na Boird) faoin bpátrún atá ag dul as oifig ag bainistiú na scoile suas go dtí an lá (agus an lá sin san áireamh) roimh an gcéad lá ar a mbíonn an scoil oscailte chun glacadh le daltaí faoin bpátrún nua.

Nuair a bheidh an scoil oscailte chun daltaí a ghlacadh faoin bpátrún nua bunóidh an pátrún Bord nua. Sa tréimhse go dtí go mbunófar an Bord nua, déanfaidh an pátrún nua an scoil a bhainistiú, nó bainisteoir a cheapadh chun feidhmeanna Boird a chomhlíonadh de réir alt 14 den Acht Oideachais 1998.

### 3.7.4 Bunreacht, Ceapachán agus Téarma Oifige

Leagtar amach i **gcodanna 3.1, 3.2 agus cuid 4** den lámhleabhar seo bunreacht boird agus an nós imeachta do thoghadh agus d’ainmniúchán ball de bhoird bhainistíochta scoile, bunaithe de réir **codanna 3.7.1, 3.7.2** agus **3.7.3**.

Ní rachaidh téarma oifige an Bhoird nua a cheapfar amhlaidh de réir ailt 3.7.1, 3.7.2 agus 3.7.3 thar 30 Samhain 2027.

# 4. An nós imeachta maidir le comhaltaí Bord Bainistíochta a thoghadh agus a ainmniú

**4.1** Dar le hAilt 8 agus 14 den Acht Oideachais 1998 is é an pátrún atá freagrach as tús a chur leis na bearta is gá chun bord bainistíochta a chur i mbun i mbunscoil. D'fhéadfadh sé go nglacfadh an próiseas toghcháin agus ceapacháin de bhord bainistíochta suas le naoi seachtaine. Mar sin, éilíonn an pátrún ar ionadaí na toghcháin agus na hainmniúcháin a shocrú mar atá leagtha amach in **Aguisíní A, B** agus **C**. Is faoin bpátrún atá sé duine dá rogha féin a bheartú don ghníomh seo.

**4.2** Ach amháin i gcás speisialta le cead i scríbhinn ón Aire, nó i gcás comhaltaí múinteora den Bhord fad a bhaineann sé lena luach saothair mar mhúinteoirí, ní bheidh aon leas tairbhiúil ag comhalta den Bhord in aon réadmhaoin atá i seilbh na scoile nó a úsáideann an scoil dá spriocanna féin ná ní bhfaighidh sé nó sí luach saothair maidir lena sheirbhísí nó a seirbhísí mar chomhalta den Bhord. Mar sin féin, príomhoide a fhaigheann liúntas chun dualgais rúnaí an bhoird bhainistíochta a chomhlíonadh, ceapfar gur eisceacht é an cás sin cionn is go bhfaigheann sé nó sí luach saothair chun na dualgais sin a chomhlíonadh.

**4.3** Socróidh ionadaí an phátrúin cruinniú den bheirt ainmnithe ag an bpátrún agus dóibh siúd a thoghfar/a ainmneofar de réir na nósanna imeachta in **Aguisíní A** agus **B**. Is é cuspóir an chruinnithe seo ainmniúchán comhalta(í) breise a aontú, mar atá leagtha amach in **Aguisín C**.

**4.4** Cuirfidh ionadaí an phátrúin in iúl don phátrún ainmneacha na ndaoine a toghadh/a ainmníodh de réir mar is cuí dar le **Aguisíní A, B** agus **C.**

**4.5** Is ansin a dhéanfaidh an pátrún an bord bainistíochta a cheapadh go foirmiúil.

**4.6** Ceapfaidh an pátrún duine de na baill cheaptha ina c(h)athaoirleach ar an mbord bainistíochta.

**4.7** I ngach cás, maidir le ceapadh an Bhoird cuirfidh an pátrún faoi bhráid na Roinne dearbhú atá comhlánaithe go hiomlán ag **Foirm 1** a chloíonn go hiomlán le riachtanais an lámhleabhair seo**.** I gcás ina mbeidh Boird ceaptha faoi shocrú comhrialachais de réir **alt 3.3**, ní mór an dearbhú i **bhFoirm 1** a chur isteach do gach ceann de na scoileanna. I gcás ina n-athraítear cathaoirleach le linn théarma oifige an Bhoird, ba chóir don phátrún é sin a chur in iúl don Roinn ag baint úsáid as an dearbhú i **bhFoirm 1.** Ní mór na sonraí teagmhála laistigh de dhearbhú an phátrúin a sholáthar don Aire chun cumarsáid oifigiúil a éascú agus ní bhainfidh an Roinn úsáid astu chun críocha ar bith eile. Tá sonraí iomlána ar bheartas cosanta sonraí na Roinne ar fáil ag www.gov.ie/education

**4.8** Measfar go bhfuil an Bord aitheanta ag an Aire ach amháin má chuireann an tAire a mhalairt de scéala in iúl, laistigh de 10 lá den eolas ag **4.7** a fháil.

**4.9** Ní mór an chéad chruinniú den Bhord a thionól laistigh de mhí féilire amháin ó dháta aitheanta an Bhoird ag an Aire. Déanfaidh gach comhalta den Bhord, ar an gcéad ócáid dó nó di freastal ar chruinniú den Bhord sin nó roimhe sin, an dearbhú atá leagtha amach i **bhFoirm 2** a shíniú go nglacann sé nó sí le comhaltas an Bhoird agus go bhfuil sé nó sí gealltanas go gcloífidh sé nó sí leis na rialacha a bhaineann lena dhualgais nó lena dualgais de réir an *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2023 – 2027* agus gach riail, rialachán, reachtaíocht ábhartha eile (lena n-áirítear an tAcht Carthanas 2009) agus imlitreacha Roinne a bhaineann le comhaltas agus oibriú an Bhoird. Go dtí go mbeidh an dearbhú i **bhFoirm 2** sínithe ag comhalta Boird, ní bheidh sé nó sí i dteideal gníomhú mar chomhalta den Bhord.

**4.10** Ní gá gurb é an duine céanna a oibríonn mar ionadaí an phátrúin ag plé le folúntas a tharlaíonn le linn théarma oifige an Bhoird agus an té a d’oibrigh mar ionadaí an phátrúin maidir leis na ceapacháin tosaigh ar an mBord.

# 5. An seasamh i gcás ina loiceadh baill bhreise ón bPobal a ainmniú dar le Aguisín C

Má loictear na baill bhreise dá bhforáiltear faoin bpróiseas ag **Aguisín C** a ainmniú, fillfidh bainistíocht na scoile, faoi ghnáthshocruithe maoinithe, ar an bpátrún, a bhainisteoidh an scoil nó a ainmneoidh bainisteoir/bainisteoirí dar le hAlt 14 den Acht Oideachais 1998.

# 6. Neamhcháilitheacht

**6.1** Ní féidir duine, seachas an Príomhoide nó, má tharlaíonn sé, ainmní tofa na múinteoirí, atá fostaithe ag an mbord bainistíochta nó BOO agus/nó chun leasa na scoile a cheapadh ná a bheith ina chomhalta den bhord bainistíochta.

**6.2** Ní bheidh duine[2] i dteideal a bheith ina c(h)omhalta de Bhord más rud é, i gcás an duine sin:

(a) gur féimheach, neamhscaoilte é/í,

(b) a dhéanann imshocraíocht nó socrú le creidiúnaithe faoi chosaint nó faoi ghnás na cúirte,

(c) atá ciontaithe ar díotáil ciona,

(d) a ngearrtar téarma príosúnachta air nó uirthi ag cúirt dlínse inniúla,

(e) atá dícháilithe nó srianta le bheith mar stiúrthóir aon chomhlacht de réir bhrí na n-Achtanna Cuideachtan, nó atá coiscthe, curtha as nó curtha ar fionraí ó bheith ina (h)iontaobhaí scéime faoina hAchta Pinsean 1990 go 2008,

(f) atá curtha as post mar iontaobhaí carthanachta nó eagraíocht charthanach trí ordú Ard-Chúirte faoi Alt 74 den Acht Carthanas 2009,

(g) gur cuireadh a (h)ainm le Clár na gCiontóirí Gnéis le hordú cúirte.

Ní bhaineann forálacha 6.2 (a) agus 6.2 (b) le daoine ach don tréimhse ina bhfuil sé/sí ina f(h)éimheach neamhscaoilte agus/nó don tréimhse ina dhéantar imshocraíocht nó socrú le creidiúnaithe faoi chosaint nó faoi ghnás na cúirte.

Chuaigh an Roinn i gcomhairle leis an Rialálaí Carthanas agus tagann na forálacha neamh-incháilithe leagtha amach in (a) go (f) den alt seo le riachtanais Alt 55(1) den Acht Carthanas 2009.

---

[2] Nuair atá príomhoide na scoile neamhcháilithe le bheith ina b(h)all faoi alt 55(1) den Acht Carthanas 2009 ní bheidh an príomhoide ina b(h)all agus ní bheidh sé/sí ag feidhmiú mar rúnaí don bhord don tréimhse ina bhfuil sé/sí neamhcháilithe a bheith ar feidhmiú ar an mBord. I rith an tréimhse neamhcháilithe beidh post an phríomhoide ar an mBord folamh, ach ba chóir go mbeadh an príomhoide i láthair ag cruinnithe an bhoird chun cuidiú leis an mBord i mbun gnó.

# 7. Téarma Oifige, Lánscor an Bhoird/Comhalta(í) a chur as oifig, scor den chomhaltas, Éirí as agus Folúntais

## 7.1 Téarma oifige

(a) Mairfidh téarma oifige an Bhoird, dar le forálacha an lámhleabhair seo agus an Achta Oideachais 1998 ar feadh tréimhse nach faide ná 4 bliana suas go dtí an 30 Samhain 2023 agus an lá sin san áireamh.

(b) Beidh comhalta, an cathaoirleach san áireamh, i seilbh oifige ar feadh tréimhse nach faide ná téarma oifige an Bhoird, ach is féidir leis/léi a bheith i dteideal athcheapacháin.

## 7.2 Scor an Bhoird/comhaltaí a chur as oifig:

(a) Dar le hAlt 16 den Acht Oideachais 1998 féadfaidh an pátrún, le cead an Aire, comhalta den Bhord a chur as oifig nó an bord bainistíochta a lánscor.

(b) Sula gcinneann sé/sí comhalta den Bhord a chur as oifig nó an Bord a lánscor, cuirfidh an pátrún an comhalta sin ar an eolas nó an Bord sin trí fhógra i scríbhinn go bhfuil sé i gceist é a chur as oifig nó an Bord a lánscor agus tabharfar na fáthanna leis sin, agus tabharfar tréimhse míosa don chomhalta nó don Bhord sin chun uiríll a dhéanamh maidir leis an ábhar chuig an bpátrún.

(c) Ní mór don phátrún cloí go hiomlán le riachtanais Alt 16(1) go 16(4) den Acht Oideachais 1998 agus cinneadh á dhéanamh maidir le comhalta a chur as oifig an bhoird nó an bord bainistíochta a lánscor.

(d) Nuair a dhéantar pátrún Bord a lánscor, is féidir leis an bpátrún, ag brath ar cheadú an Aire, a rogha duine nó foras daoine a cheapadh chun gníomhartha an Bhoird a chur i gcrích, ar feadh tréimhse nach faide, de ghnáth, ná sé mhí.

(e) I gcás ina gcuireann an pátrún comhalta den Bhord as oifig líonfar an folúntas dá bharr dar le forálacha **Alt 7.5**.

(f) Dar le hAlt 17 den Acht Oideachais 1998 is féidir leis an Aire iarraidh ar an bpátrún bord bainistíochta a lánscor tar éis a (h)intinn a chur in iúl don Bhord agus don phátrún agus tar éis aon uiríll ón mBord nó ón bpátrún a mheas.

## 7.3 Scor den chomhaltas

(a) I gcás comhalta:

- a scoireann de bheith ina chomhalta den chatagóir daoine atá sonraithe in **Alt 3**, ar bhain sé/sí leo an uair ar tháinig sé/sí chun bheith ina c(h)omhalta den Bhord nó

- a scoireann a bheith incháilithe mar atá sonraithe in **Alt 6.2 (a)** go **(g)** den lámhleabhar seo.

scoirfidh an duine siúd, air sin, de bheith ina chomhalta Boird.

(b) Má tharlaíonn go dtéann comhalta den Bhord (nó a chuid/cuid gnólachta nó comhlachta) isteach i gcomhaontú tráchtála/conradh gnó leis an scoil scoirfidh an duine sin, leis sin, de bheith ina chomhalta den Bhord.

(c) I gcás ina dtéann ainmní múinteora ar saoire neamhláithreachta (reachtúil nó neamhreachtúil), a cheadaítear ar feadh tréimhse 24 seachtaine nó níos faide, scoirfidh an t-ainmnitheach múinteora sin de bheith ina chomhalta den Bhord amhail ar an agus ón dáta ar a dtosaíonn an tsaoire sin. Beidh an t-ainmní múinteora ionaid, dar le forálacha cuí **Alt 6**, i dteideal fanacht ar an mBord ar feadh na tréimhse suas go dtí an 30 Samhain 2023, agus an dáta sin san áireamh.

(d) I gcás ina leanann tréimhse ceada neamhláithreachta reachtúil nó neamhreachtúil (m.sh. saoire bhreoiteachta) an ainmnithe múinteora ar an mBord ar aghaidh níos faide ná 24 seachtaine de thréimhse leanúnach, scoirfidh an t-ainmnitheach múinteora sin de bheith ina chomhalta den Bhord ag deireadh na tréimhse 24 seachtaine. Beidh an t-ainmní múinteora ionaid, dar le forálacha cuí **Alt 6**, i dteideal fanacht ar an mBord ar feadh na tréimhse suas go dtí an 30 Samhain 2023, agus an dáta sin san áireamh.

(e) I gcás ina nglacann ainmní múinteora le ról mar phríomhoide gníomhach, le linn théarma oifige an Bhoird, scoirfidh an t-ainmní múinteora ionaid de bheith ina chomhalta den Bhord nuair a scoireann an t-ainmní múinteora bunaidh dá ról mar phríomhoide gníomhach agus fillfidh sé nó sí ar a p(h)ost teagaisc (nó mar phríomhoide tánaisteach riaracháin) sa scoil. I gcás mar sin, filleann an t-ainmní múinteora bunaidh ar phost an ainmnithe múinteora ar an mBord.

(f) Múinteoir ar bith a scoireann de bheith ina mhúinteoir ar seirbhís, scoirfidh sé/sí, leis sin, de bheith ina c(h)omhalta den Bhord.

(g) Tuismitheoir ar bith a scoireann de leanbh a bheith cláraithe aige nó aici sa scoil, scoirfidh sé nó sí de bheith ina c(h)omhalta den Bhord ach i gcás tuismitheoir linbh a chríochnaíonn an bunoideachas ag deireadh na scoilbhliana díreach roimh chríoch théarma oifige an Bhoird. Féadfaidh tuismitheoir dá leithéid fanacht ar an mBord go dtí deireadh théarma oifige an Bhoird sin ar an gcoinníoll nach ndéantar an tréimhse chúig mhí ina hiomláine a shárú.

I ngach cás eile maidir le tuismitheoir linbh a chríochnaíonn an bunoideachas, scoirfidh an tuismitheoir sin a bheith ina b(h)all den Bhord ar an lá roimh an chéad lá de scoilbhliain nua.

(h) I gcás socrú comhrialachais ní scoirfidh comhalta de bheith ina c(h)omhalta den Bhord, áfach, fad a bhíonn leanbh cláraithe ag tuismitheoir agus é/í ag freastal ar cheachtar den dá scoil atá páirteach sa socrú comhrialachais.

## 7.4 Éirí as oifig chomhaltaí an Bhoird.

Más mian le comhalta de Bhord éirí as a p(h)ost mar chomhalta Boird, cuirfidh sé/sí an Cathaoirleach ar an eolas i scríbhinn maidir leis an rún agus scoirfidh an comhalta sin, leis sin, de bheith ina chomhalta den Bhord. Cathaoirleach ar mian leis/léi éirí as an mBord, cuirfidh sé/sí an pátrún ar an eolas i scríbhinn agus scoirfidh sé/sí, leis sin, mura n-aontaíonn an pátrún a mhalairt.

## 7.5 Folúntais

(a) I gcás chomhalta den Bhord:

- a fhaigheann bás, nó
- a éiríonn as oifig dar le **hAlt 7.4**, nó
- a bhíonn as láthair ó thrí ghnáthchruinniú den Bhord as a chéile, mura raibh an neamhláithreacht ceadaithe ag an mBord, nó
- a scoireann de bheith ina chomhalta den Bhord sin de réir **Alt 7.3 (a)** go **(g),** nó
- a chuireann an pátrún as oifig,

beidh oifig an chomhalta sin le líonadh agus líonfar é, a luaithe agus is féidir, tar éis an fholúntais a bheith ann, le comhalta nua a cheapfar ar an mbealach céanna leis an gcomhalta atá ag imeacht.

(b) Rachaidh an comhalta nua a cheaptar mar sin i mbun oifige, dar le forálacha an lámhleabhair seo agus an Achta Oideachais 1998 go deireadh théarma oifige an Bhoird. Síneoidh comhalta nua an Bhoird an dearbhú ag **Foirm 2** an chéad uair a dhéanann sé/sí freastal ar chruinniú den Bhord sin nó roimhe sin. Ní bheidh an comhalta nua i dteideal feidhmiú mar chomhalta an Bhoird go dtí go mbeidh an dearbhú sin sínithe aige/aici.

(c) Taifeadfar aon athrú i gcomhaltacht an Bhoird i miontuairiscí an chéad chruinnithe eile den Bhord. Ní mór clárúchán an Bhoird leis an Rialálaí Carthanas bheith nuashonraithe mar atá leagtha amach in **Alt 18** den lámhleabhar seo.

(d) Is féidir ainmní múinteora ionaid a cheapadh dar le **Aguisín A**, i gcás ina nglacann an t-ainmní múinteora bunaidh le ról mar phríomhoide gníomhach. Mar sin féin, scoirfidh an t-ainmní múinteora ionaid de bheith ina chomhalta den Bhord nuair a fhilleann an t-ainmní múinteora bunaidh, ar chríoch a róil mar phríomhoide gníomhach, ar a phost teagaisc (nó mar phríomhoide tánaisteach riaracháin) sa

scoil. I gcás mar sin, filleann an t-ainmní múinteora bunaidh ar phost an ainmnithe múinteora ar an mBord.

**Nóta Tábhachtach:**

I gcás go dtiteann an chomhaltacht, de bharr folúntais ar an mBord, faoi bhun an lín atá riachtanach do chóram, scoirfidh an Bord de bheith ann agus fillfidh gníomhú fheidhmeanna an Bhoird ar an bpátrún a bhainisteoidh an scoil nó a cheapfaidh bainisteoir/bainisteoirí dar le hAlt 14 den Acht Oideachais 1998. I gcásanna mar sin, ceapfaidh an pátrún, a luaithe agus is indéanta, bord bainistíochta nua dar le forálacha cuí an lámhleabhair seo. Leagtar córam an Bhoird amach in **Alt 13.3 (c)** den lámhleabhar seo.

# 8. Rúndacht

**8.1** Ní mór do chomhaltaí aonair an Boird ábhar a pléadh ag cruinnithe, lena n-áirítear gach doiciméad a dhréachtaítear agus a scaiptear ar chomhaltaí an Bhoird, a choimeád faoi rún, ach amháin má aontaíonn an Bord a mhalairt.

**8.2** I gcás go ndéanfar líomhaintí maidir le rúndacht a shárú ag comhalta Boird, ba chóir an t-ábhar a chur faoi bhráid an chathaoirligh a chuirfidh faoi bhráid an phátrúin é a luaithe is féidir. Más é an cathaoirleach an té a sháraigh an rúndacht, de réir na líomhaintí, ansin is féidir le comhalta ar bith den Bhord an t-ábhar a chur faoi bhráid an phátrúin a luaithe is féidir. Déanfaidh an pátrún socruithe chun an cheist a fhiosrú agus tabharfar an scéal chun deiridh.

**8.3** Má bhíonn an pátrún sásta tar éis fiosrúcháin chuí a dhéanamh, gur sháraigh aon chomhalta den Bhord urghaire na rúndachta, is féidir leis nó léi, ag brath ar thoiliú an Aire, an duine sin a chur as ballraíocht dar le hAlt 16 den Acht Oideachais 1998 agus ní ainmneoidh sé nó sí an duine sin ina dhiaidh sin mar chomhalta d'aon bhord bainistíochta.

**Nóta Tábhachtach:**

Ní toscairí a gcuid toghthóirí iad comhaltaí boird. Níl aon dualgas orthu tuairisciú dá dtoghthóirí ná treoir a ghlacadh uathu faoin mbealach a gcaithfidh siad vóta ag cruinnithe Boird. D’fhéadfaí go sáródh tuairisciú den chineál sin na riachtanais rúndachta. Is faoi gach Bord atá sé cinneadh a dhéanamh faoi cad is féidir a thuairisciú agus cé a dhéanfaidh an tuairisciú, agus sa mhéid seo, is den riachtanas é plé le cúrsaí pearsanra, airgeadais agus pearsanta ag teacht le riachtanais rúndachta ábhartha.

Is cinntí Boird iad cinntí a dhéantar de chomhréiteach nó le vóta. Tá sé de dhualgas ar chomhaltaí aonair an Bhoird an t-ábhar a pléadh ag cruinnithe a choinneáil faoi rún mura n-aontaíonn an Bord a mhalairt agus i gcás go n-aontaítear e, níor cheart do chomhaltaí an Bhoird cáineadh poiblí a dhéanamh ar chinntí Boird ná aon rud diúltach a rá maidir leo go poiblí, beag beann ar an tuairim phearsanta atá acu féin ar an ábhar.

Tá foráil in **Alt 9.3** don Bhord chun tuairisc aontaithe a chur i bhfeidhm chun tacú le dea-chumarsáid le tuismitheoirí, foireann agus an pobal scoile. Ní chuirfear san áireamh sa tuairisc chomhaontaithe sonraí maidir le haon saincheisteanna nach mór a choinneáil faoi rún ag comhaltaí Boird.

# 9. Cumarsáid an Bhoird

**9.1** Beidh cumarsáid go minic le tuismitheoirí, leis an bhfoireann agus le pobal na scoile ag teastáil ó dhea-chleachtas bainistíochta.

**9.2** Déanfaidh an Bord nósanna imeachta a bhunú le tacú leis an dea-chumarsáid laistigh de phobal na scoile. Luaitear in Alt 26(3) den Acht Oideachais 1998 go ndéanfaidh an Bord "*teagmháil a chur chun cinn idir an scoil, tuismitheoirí mac léinn* sa scoil *sin agus an pobal agus, i gcás tuismitheoirí ar mian leo cumann tuismitheoirí a bhunú, déanfaidh sé éascaíocht dóibh agus tabharfaidh sé gach cúnamh réasúnach dóibh agus do chumann tuismitheoirí nuair a bheidh sé bunaithe".*

**9.3** Cinnfidh an Bord ag deireadh gach cruinniú de chuid an Bhoird cén eolas a chuirfear in iúl do na tuismitheoirí, d'fhoireann na scoile agus do phobal na scoile, agus an bealach agus na téarmaí inar cheart é a chur in iúl agus cé a dhéanfaidh é sin. Ní mór tuairisc chomhaontaithe a chur le chéile chun na críche sin. Ní chuirfear san áireamh sa tuairisc chomhaontaithe sonraí maidir le haon saincheisteanna nach mór a choinneáil faoi rún ag comhaltaí Boird. Ba cheart ábhar dá leithéid a shainaithint go soiléir agus ba cheart a n-oibleagáidí i dtaca leis na ceanglais rúndachta faoi **Alt 8** a chur in iúl do na comhaltaí.

**9.4** Agus údarás á thabhairt d'eolas a scaipeadh faoi **Alt 9.3** beidh polasaí oscailte ag an mBord agus cur chuige dearfach maidir le eolas a roinnt le pobal na scoile. Níor cheart go mbeadh forálacha **Alt 8.1** maidir le rúndacht ag teacht salach ar ghníomhú polasaithe dá leithéid; is é an sprioc atá le forálacha **Alt 8** ná cosaint a thabhairt in aghaidh nochtadh míchuí in áit bac a chur le dea-chumarsáid agus trédhearcacht.

# 10. An Cathaoirleach

**10.1** Beidh cathaoirleach ar gach bord bainistíochta a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh agus i gcás comhionannas vótaí is aige nó aici a bheidh an dara vóta agus an vóta réitigh freisin.

**10.2** Ceapfaidh an pátrún an cathaoirleach agus is ón gceapachán sin a thiocfaidh a údarás nó a húdarás. Agus an gníomh seo á fheidhmiú aige/aici, is féidir leis an bpátrún aird chuí a thabhairt ar an deis a bheith páirteach i bpróiseas comhairliúcháin taobh istigh de phobal na scoile agus/nó le comhaltaí an Bhoird. Déanfaidh an pátrún, agus duine á cheapadh mar chathaoirleach aige/aici, machnamh cuí ar an bhféidearthacht go gceapfaí go mbeadh coinbhleacht braite leasa i dtaca le seilbh an phoist mar chathaoirleach agus déanfaidh sé/sí machnamh cuí ar chumas an duine aonair dul i mbun dualgais an róil.

**10.3** Ní bheidh an príomhoide ná an t-ainmní múinteora tofa cáilithe le ceapadh ina c(h)athaoirleach ná ina c(h)athaoirleach gníomhach. De bhreis air sin, más indéanta, níor cheart go mbeadh aon ghaol díreach idir an cathaoirleach/cathaoirleach gníomhach agus aon bhall foirne ar seirbhís nó aon chomhalta Boird.

**10.4** Má bhíonn an cathaoirleach as láthair ó chruinniú ar leith, nó i gcás go n-éiríonn an cathaoirleach as cruinniú nó as chuid de chruinniú mar gheall ar choinbhleacht leasa, déanfaidh an Bord cathaoirleach gníomhach a thoghadh le dul i gceannas ar an gcruinniú sin amháin nó ar chuid den chruinniú sin amháin, mar is cuí. Seachas sin, ceapfaidh an pátrún cathaoirleach nua nó cathaoirleach gníomhach nuair is gá sin (m.sh. sa chás go mbeadh an cathaoirleach as láthair ar feadh tréimhse fhada).

**10.5** Is féidir leis an mBord an cathaoirleach agus/nó comhalta eile a údarú, i dtaobh feidhm nó feidhmeanna ar leith, le hobair ar a shon ar feadh tréimhse sonraithe ama.

**10.6** I scoileanna diomaite de phobalscoileanna náisiúnta tabharfaidh an Bord údarás don Chathaoirleach feidhmiú ar son an Bhoird agus comhaontú á dhéanamh le gach ball foirne nua a cheaptar ar fhoireann na scoile. I bpobalscoileanna náisiúnta, déanann an BOO comhaontú le gach ball foirne nua atá ceaptha.

**10.7** I scoileanna diomaite de phobalscoileanna náisiúnta gníomhóidh an cathaoirleach nó, más cuí, an príomhoide (le cead an chathaoirligh) ar son an Bhoird leis na tuairisceáin scoile agus foirmeacha oifigiúla eile a dheimhniú de réir mar a bhíonn gá leis. I bpobalscoil náisiúnta deimhníonn an príomhoide nó an príomhfheidhmeannach (nó a n-oifigeach roghnaithe) na tuairisceáin scoile agus foirmeacha oifigiúla eile de réir mar a bhíonn gá leis.

**10.8** Sonraítear sna Rialacha do Scoileanna Náisiúnta nach mór do bhainisteoirí cuairt a thabhairt ar a scoileanna agus iad féin a shásamh go bhfuil na Rialacha á gcomhlíonadh; comhlíonfaidh cathaoirleach an bhoird bhainistíochta an riachtanas seo. Is féidir le comhaltaí an Bhoird cuairt a thabhairt freisin ar a gcuid scoileanna; ní féidir cuairteanna den chineál sin a dhéanamh, áfach, ach amháin sa chás go bhfuil gnó oifigiúil an Bhoird ar siúl agus de réir mar atá údaraithe ag cathaoirleach an Bhoird.

# 11. An Rúnaí

**11.1** D'fhéadfadh go mbeadh liúntas mar atá leagtha amach in Imlitir 0008/2013 iníoctha chuig príomhoidí a gníomhaíonn mar rúnaithe do bhoird bhainistíochta. Gheofar cur síos ginearálta ar dhualgais an phríomhoide a bhíonn ag feidhmiú mar rúnaí ar bhord bainistíochta i gCiorclán 0079/2007. Ní liosta uileghabhálach iad na dualgais a leagtar amach san imlitir, áfach, agus is féidir leis an mbord bainistíochta dualgais eile a chur leo de réir mar a chinnfidh an Bord ó am go am.

**11.2** In ainneoin fhorálacha na himlitreach, feidhmeoidh an cathaoirleach mar chomhfhreagraí don Bhord dar le **hAlt 16.1** den lámhleabhar seo.

**11.3** I gcásanna nach bhfeidhmíonn príomhoide scoile mar rúnaí ar Bhord -

1) Toghfaidh an Bord duine dá chomhaltaí mar rúnaí taifeadta.

2) Beidh dualgais an rúnaí taifeadta teoranta don mhéid seo a leanas:

   a) Miontuairiscí a choinneáil de gach cruinniú i bhfoirm oiriúnach lena gcoimeád in áit shábháilte agus a bheidh ar fáil ar iarratas d'ionadaithe an phátrúin, na nIontaobhaithe (i scoileanna ina bhfuil Iontaobhaithe) agus na Roinne.

   b) Clár oibre a shocrú do chruinnithe i gcomhairle le cathaoirleach an Bhoird agus leis an bpríomhoide.

   c) Na cinntí a rinneadh ag na cruinnithe a thaifeadadh sna miontuairiscí lena n-áirítear líon na gcomhaltaí a vótáil ar son nó i gcoinne rúin.

   d) I bpobalscoileanna náisiúnta seolann rúnaí an bhoird bhainistíochta cóip de dhréacht miontuairiscí imeachtaí Bhoird chomh maith le miontuairiscí sínithe ag an gcathaoirleach ón gcruinniú deireanach Boird chuig an BOO le nótáil.

# 12. An Cisteoir

**12.1** Toghfaidh gach bord bainistíochta (seachas boird phobalscoileanna náisiúnta) cisteoir as a chuid bhall faoi réir **Alt 6.**

**12.2** Ní bhaineann ceanglais **alt 12** le boird bhainistíochta pobalscoileanna náisiúnta. Moltar do bhoird bhainistíochta pobalscoileanna dul i dteagmháil leis an mBord Oideachais agus Oiliúna ábhartha maidir le hairgeadas scoile mar atá leagtha amach in **alt 17.2** den lámhleabhar seo.

**12.3** Ní bheidh an cathaoirleach, an príomhoide nó an múinteoir a ainmnítear don Bhord ina c(h)isteoir. Beidh eolas iomlán ag an gcisteoir ar cheanglais alt 18 den Acht Oideachais 1998 agus freisin le ceanglais an ailt seo agus le **halt 17** den lámhleabhar seo. Foilsíonn an tAonad Seirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU) treoirlínte chun tacú le boird bhainistíochta agus cisteoirí. Tá sonraí breise leagtha amach in alt **17.3** den lámhleabhar seo.

**12.4** Coimeádfaidh an cisteoir cunta(i)s na scoile. Braithfidh cad is córas cuntasaíochta leordhóthanach ann ar mhéid na scoile agus ar éagsúlacht a cuid gníomhaíochtaí. Soláthraíonn an tAonad Seirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU) mar atá leagtha amach in Imlitir 0060/2017 arna heisiúint ag an Roinn Oideachais agus atá foilsithe ar www.gov.ie/education teimpléid le húsáid go hinmheánach ag scoileanna chun monatóireacht a dhéanamh ar ioncam míosúil, caiteachas, bainistíocht buiséid, sreabhadh airgid srl. agus tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin FSSU www.fssu.ie/primary. Iarrtar ar bhoird bhainistíochta smaoineamh ar an áis seo a úsáid.

**12.5** Caithfidh an Bord é féin a shásamh go bhfuil rialuithe inmheánacha cuí i bhfeidhm do gach idirbheart airgeadais. Cinnteoidh an Bord go bhfuil rialuithe oiriúnacha i bhfeidhm maidir leis an úsáid a bhaintear as aon chárta creidmheasa de chuid na scoile, baincéireacht ar líne srl. Cuimseofar prótacail agus nósanna imeachta cuí maidir le húsáideoir(í) a cheadú, cúram an chárta lena mbaineann, údarú na n-íocaíochtaí, teorainneacha comhaontaithe le híocaíochtaí agus soláthar na ndoiciméad agus na dtaifead tacaíochta.

**12.6** Déanfar an t-airgead go léir a fhaigheann an scoil a thaisceadh i gcunta(i)s bainc na scoile a bheidh i seilbh na scoile agus a chlárófar in ainm na scoile. Ní bhainfear úsáid as cunta(i)s bainc na scoile ach amháin chun críocha riachtanais bhaincéireachta na scoile. Tá raon modhanna íocaíochta ar fáil do Bhoird lena n-áirítear seic, dochar díreach, cárta creidmheasa, aistriú creidmheasa srl. Ba chóir do Bhoird na modhanna íocaíochta is costéifeachtaí a phlé lena mbaincéirí. Ní úsáidfidh an Bord cártaí dochair le haghaidh caiteachais scoile. Ní dhéanfaidh an Bord iarratas ar chárta creidmheasa scoile go dtí go mbeidh faomhadh scríofa faighte ón bpátrún.

**12.7** Ní mór íocaíochtaí le seiceanna agus ar líne a bheith údaraithe ag beirt de thriúr sínitheoirí ainmnithe an Bhoird, agus ní mór gurb é an cathaoirleach duine acu agus an cisteoir an duine eile sa chéad áit. Is féidir leis an gcathaoirleach comhalta Boird a ainmniú, áfach, le feidhmiú mar shínitheoir má tá sé/sí as láthair. Nuair is féidir, ní mór go dtiocfadh beirt shínitheoirí ó chatagóirí difriúla de chomhaltaí an Bhoird. I gcás bainisteoir/bainisteoirí atá ceaptha ag an bpátrún de réir **Alt 14** den Acht Oideachais 1998 leis an scoil a bhainistiú, ba chóir go mbeadh bainisteoir chomh maith le hainmní an phátrúin mar shínitheoirí den chuntas bainc scoile.

**12.8** Is féidir cuntas mionairgid a chur i ngníomh. Íocfaidh an Bord mionairgead lena chomhaltaí maidir le costais a bhaineann le gnó an Bhoird, m.sh. postas, táillí teileafóin agus míreanna beaga eile. Is féidir leis cibé coinníollacha is oiriúnaí leis a chur i bhfeidhm chun an mionairgead sin a íoc. Ba chóir na cuntais agus na taifid go léir is oiriúnaí agus is gnách a choinneáil de réir dea-chleachtais chuntasaíochta, riachtanais chun costais a dhearbhú le hadmhálacha san áireamh, nuair is cuí.

**12.9** Caithfidh gach taifead oiriúnach agus gnách a choinneáil maidir le gach idirbheart airgeadais.

**12.10** Cuirfidh an cisteoir ráiteas nuashonraithe de na cuntais scoile i láthair ag gach cruinniú den Bhord ina mbeidh sonraí faoi ioncam agus faoi chaiteachas a tabhaíodh ó tharla an cruinniú roimhe sin.

**12.11** Coimeádfaidh an cisteoir dearbháin chaiteachais lena scrúdú agus iniúchadh ag cuntasóir na scoile agus ag oifigigh na Roinne. Cuirfear gach doiciméad airgeadais faoi bhráid an bhoird bhainistíochta ag deireadh gach bliana airgeadais, agus ar iarratas chuig an bpátrún, chuig na hiontaobhaithe (i scoileanna ina bhfuil iontaobhaithe), agus chuig an Roinn. Déanfaidh an bord cuntais bhliantúla a ullmhú agus iad a chur faoi bhráid an FSSU san fhormáid fhorordaithe faoin 28 Feabhra tar éis dheireadh na scoilbhliana roimhe sin. Tá sonraí breise leagtha amach in **alt 17.7** den Lámhleabhar seo. Is í an bhliain airgeadais do scoileanna ná ón 1 Meán Fómhair go 31 Lúnasa.

# 13. An Nós Imeachta do chruinnithe an Bhoird

## 13.1 Minicíocht na gcruinnithe

Tionólfaidh an Bord cibé cruinnithe agus cibé méid díobh ag cibé tráth a mheasfaidh an cathaoirleach is riachtanach ach beidh ceann amháin acu ar a laghad in aghaidh an téarma scoile agus ní bheidh níos lú ná cúig chruinniú ann in aon bhliain scoile.

## 13.2 An chéad chruinniú

(a) Déanfaidh gach comhalta den Bhord an dearbhú atá leagtha amach i **bhFoirm 2** a shíniú ar an gcéad ócáid dó nó di freastal ar chruinniú den Bhord sin nó roimhe sin. Is dearbhú é seo go nglacfar le comhaltas an Bhoird agus gealltanas go gcloífidh sé nó sí leis na rialacha a bhaineann lena dhualgais de réir an *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2023 – 2027* agus gach riail, rialachán, reachtaíocht ábhartha eile lena n-áirítear an tAcht Carthanas 2009 agus imlitreacha na Roinne a bhaineann le comhaltas agus feidhmiú na mBord. Go dtí go mbeidh an dearbhú sin sínithe ag an gcomhalta, ní bheidh sé nó sí i dteideal gníomhú mar chomhalta den Bhord.

(b) Sa chás nuair nach bhfuil príomhoide na scoile ag fáil liúntais as feidhmiú mar rúnaí ar bhord bainistíochta, toghfaidh an Bord duine de na comhaltaí mar rúnaí taifeadta de réir **Alt 11.** Anuas air sin, toghfaidh an Bord, diomaite de Bhord phobalscoil náisiúnta, duine dá chomhaltaí mar chisteoir de réir **Alt 12**.

(c) Ní mór an oiliúint, atá thar a bheith tábhachtach do chomhaltaí nua boird, a phlé ag céad chruinniú an Bhoird, le go gcuirfear plean i ngníomh trína ndéanfar riachtanais oiliúna chomhaltaí an Bhoird a shainaithint agus a chomhlíonadh. Ní mór don Bhord plean oiliúna na gcomhlachtaí boird a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta.

## 13.3 Gnáth chruinnithe

(a) Is féidir leis an gcathaoirleach cruinniú den Bhord a ghairm tráth ar bith.

(b) Ní mór fógra seacht lá ar a laghad roimh gach gnáthchruinniú a sheoladh chuig gach comhalta den Bhord maidir le ham agus áit an chruinnithe atá eagraithe, chomh maith le clár an chruinnithe. Ba cheart go mbeadh sé soiléir go bhfuil gach comhalta den Bhord i dteideal fógra a fháil faoi gach cruinniú – lena n-áirítear cruinnithe ina bpléifear saincheisteanna a bhaineann go díreach le comhalta ar leith agus b'fhéidir go n-iarrfaí air nó uirthi imeacht ón gcruinniú nó gan freastal más amhlaidh gur ar an bhfáth sin amháin atá an cruinniú le bheith ann. <u>I gcásanna eisceachtúla, is féidir cruinniú den Bhord a reáchtáil agus fógra níos lú</u>

ná seacht lá a thabhairt agus i gcásanna dá leithéid ní mór an scéal sin a thaifeadadh sna miontuairiscí.

(c) Beidh córam an Bhoird ionann agus:

- triúr comhaltaí i gcás scoileanna a bhfuil foireann aitheanta de mhúinteoir amháin acu (Bord ina bhfuil 4 comhaltaí),
- cúigear comhaltaí i gcás scoileanna a bhfuil foireann aitheanta de bhreis agus múinteoir amháin acu (Bord ina bhfuil 8 gcomhaltaí), agus
- seachtar gcomhaltaí i gcás scoileanna a bhfuil socrú comhrialachais acu á fheidhmiú acu dar le hAlt 3.3 (Bord ina bhfuil 12 comhalta).

(d) Beidh an córam sin i láthair i rith an chruinnithe ar fad.

(e) Dar le **hAlt 13.3 (c)**, is féidir le Bord gníomhú d'ainneoin folúntas amháin nó níos mó i measc a chomhaltaí.

(f) Ní chuirfear imeachtaí an Bhoird ó bhail de bharr aon locht a bheith ann maidir le ceapachán ná maidir le cáilíochtaí aon chomhalta den Bhord.

(g) Glacfar cinntí uile an Bhoird ag cruinniú arna thionól i gceart. Aithnítear, i gcásanna teoranta áirithe, go bhféadfadh sé go mbeadh gá le glao comhdhála a úsáid chun cruinniú Boird a éascú.  I gcúinsí den sórt sin, ní mór é seo a thaifeadadh sna miontuairiscí agus ní mór don Bhord a bheith iomlán sásta go gcoimeádfar rúndacht imeachtaí an chruinnithe i gcónaí. De réir (d) thuas, fanfaidh an cruinniú ar córam ar feadh thréimhse iomlán an chruinnithe. I gcásanna teoranta áirithe féadfar cruinniú ar líne a thionól chun cruinniú boird a éascú. I gcásanna den sórt sin, ní mór é seo a thaifeadadh sna miontuairiscí agus ní mór don bhord a bheith iomlán sásta go gcoimeádfar imeachtaí an chruinnithe faoi rún i gcónaí. Beidh córam ag an gcruinniú ar feadh chúrsa iomlán an chruinnithe de réir (d) thuas.

(h) I gcás ina ndéantar vótáil faoi ábhar déanfar é a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair lena n-áirítear comhaltaí ar ghlao comhdhála agus a bheidh ag vótáil ann agus, sa chás go mbíonn comhionannas vótaí ann, is féidir le Cathaoirleach an chruinnithe an dara vóta agus vóta réitigh a chaitheamh. Taifeadfar an líon daoine a vótáil ar son agus i gcoinne rúin i miontuairiscí an chruinniú Boird.

(i) Taifeadfar miontuairiscí na n-imeachtaí Boird i bhfoirm iomchuí agus síneoidh cathaoirleach an chruinnithe a bhfuil siad ina dtaifead air, iad. De mhalairt air seo síneoidh cathaoirleach an chéad chruinnithe eile iad faoi réir riachtanais **Alt 13.3 (k)**. Is leis an mBord na miontuairiscí agus beidh siad ar fáil ar iarratas don phátrún, do na hIontaobhaithe (i scoileanna ina bhfuil Iontaobhaithe) agus don Roinn. Baineann na forálacha ag Alt **11.3(2) (d)** le pobalscoileanna náisiúnta freisin.

(j) Baineann forálacha de chuid **Alt 13.3 (b)** go **(i)** agus an dá fhoráil sin san áireamh le gach cruinniú Boird.

(k) Nuair a chomhaontaítear dáta le aghaidh cruinniú deiridh an Bhoird atá ag imeacht as oifig ba chóir don mBord dóthain ama a thabhairt chun gur féidir le cathaoirleach an chruinnithe sin miontuairiscí imeachtaí an chruinnithe Bhoird dheiridh a shíniú.

## 13.4 Cruinnithe ar iarratas

(a) Nuair a gheofar foréileamh sínithe ón gceathrú cuid ar a laghad de chomhaltaí an Bhoird móide comhalta amháin, nó foréileamh ón bpátrún, ina luafar an gnó atá le déanamh, eagróidh an cathaoirleach cruinniú speisialta den Bhord taobh istigh de sheacht lá agus ní phléifear le haon ghnó eile ach an méid atá leagtha amach san fhógra ag cruinniú speisialta den chineál sin.

(b) I gcás go mainníonn cathaoirleach cruinniú den sórt sin a ghairm laistigh de sheacht lá, déanfaidh an pátrún nó duine de na comhaltaí atá ag iarraidh an chruinniú cruinniú den sórt son a ghairm.

## 13.5 Cruinnithe éigeandála

(a) Beidh sé de chumhacht ag an bpríomhoide le cead an chathaoirligh cruinniú speisialta éigeandála den bhord bainistíochta a reáchtáil i gcás go mbeadh sé sin riachtanach.

(b) Tionólfar an cruinniú seo chomh luath agus is féidir tar éis fógra a chur amach do gach comhalta atá ar fáil do chruinniú den chineál sin.

(c) Beidh an gnáthchóram riachtanach mar atá sonraithe in **Alt 13.3 (c).**

# 14. Freagrachtaí an Bhoird don Phátrún, do na hIontaobhaithe agus don Roinn

Cuirfidh an Bord ar fáil don phátrún, do na hIontaobhaithe (i scoileanna ina bhfuil Iontaobhaithe) agus, má iarrtar é, don Roinn tuairiscí agus tuairisceáin dá leithéid agus an oiread eolais agus atá uathu a thabhairt lena ndualgais faoi seach a chur i bhfeidhm maidir leis an scoil.

# 15. Nochtadh leasa/caighdeáin imeachtaí an Bhoird

**15.1** Comhalta den Bhord atá gaolta le duine is iarratasóir lena c(h)eapadh ag an mBord mar mhúinteoir nó mar bhall eile d'fhoireann na scoile, an Príomhoide san áireamh, déanfaidh an comhalta sin an gaol, chomh maith le cineál an ghaoil, a chur in iúl láithreach don Bhord agus ní bheidh sé nó sí páirteach in aon bhreithniú nó cinneadh a dhéanfaidh an Bord ó thaobh ceapacháin de. Sa chomhthéacs sin, ní mór do chomhaltaí an Bhoird nochtadh a dhéanamh, ní amháin i gcás gaol teaghlaigh, mar gheall ar aon ghaol a dtiocfaí a mheas mar ghaol a bheadh dochrach do neamhchlaontacht iomlán an phróiseas roghnúcháin. Taifeadfar an nochtadh agus éirí as an gcomhalta boird ón bpróiseas breithnithe agus ceapacháin i miontuairiscí an Bhoird.

Ar leithligh ón mhéid thuas, má tharlaíonn go n-eascraíonn gaol den sórt sin i gcás aon chomhalta de bhord agallaimh, lena n-áirítear Bord agallaimh scoile náisiúnta pobail, do cheapachán phríomhoide, múinteora, nó CRS, déileálfar leis seo de réir na bhforálacha ábhartha de chiorclaínn na Roinne Oideachais maidir le nósanna imeachta earcaíochta agus ceapacháin mar is infheidhme (le tuilleadh eolais faoi nósanna imeachta earcaíochta agus ceapacháin féach **Alt 29** den lámhleabhar seo).

Ní gá gurb ionann gaol gairmiúil agus coinbhleacht leasa ann.

**15.2** Más rud é go bhfuil gaol ag comhalta ar bith den Bhord le haon duine nó má tá baint aige/aici le haon ghnólacht/chomhlachta a d'fhéadfadh a bheith mar ábhar nó baint dhíreach a bheith aige/aici le hábhar atá os comhair an Bhoird lena bhreithniú (lena n-áirítear ábhar a bhaineann le hearraí nó seirbhísí a sholáthar), nochtfaidh an comhalta Boird sin don Bhord láithreach go bhfuil an gaol sin ann agus cad é nádúr an ghaoil. Mura mbeidh an Bord go hiomlán sásta nach bhfuil an gaol atá i gceist dochrach do chaomhnú phrionsabail an cheartais aiceanta agus/nó do riachtanais an tsoláthair phoiblí agus go sonrach an ceanglas dlíthiúil nár cheart go bhféadfaí claontacht a chur i leith imeachtaí an Bhoird, ansin ní ghlacfaidh an comhalta sin aon pháirt i mbreithniú an Bhoird ar an ábhar. Sa chomhthéacs seo, ní mór do chomhalta an Bhoird nochtadh a dhéanamh, ní hamháin i gcás gaol teaghlaigh, ach i leith aon ghaoil a bhféadfaí a mheas go mbeadh sé dochrach do neamhchlaontacht iomlán i mbreithnithe an Bhoird. Taifeadfar an nochtadh agus éirí as an gcomhalta boird ón bpróiseas breithnithe agus cinnteoireachta sna miontuairiscí.

**15.3** I gcás go bhfuil comhalta ar bith den Bhord bainte go pearsanta in ábhar atá os comhair an Bhoird lena bhreithniú nó a bhfuil gaol aige/aici leis an té is ábhar di nó baint díreach leis an ábhar (gearán ó thuismitheoir san áireamh), éireoidh an comhalta sin as plé an Bhoird ar an gceist mura mbeidh an Bord lánsásta nach mbeidh láithreacht an chomhalta le linn an phlé mar sin dochrach do chaomhnú phrionsabail an cheartais aiceanta agus go sonrach an riachtanas dlí nár cheart go bhféadfaí claontacht a chur i leith imeachtaí an Bhoird. Sa chomhthéacs seo, ní mór do chomhalta an Bhoird nochtadh a dhéanamh, ní hamháin i gcás gaol teaghlaigh, ach i leith aon ghaoil a bhféadfaí a mheas go mbeadh sé dochrach do neamhchlaontacht iomlán i mbreithnithe an Bhoird. Ní gá gurb ionann gaol gairmiúil agus coinbhleacht leasa ann. Taifeadfar an nochtadh agus éirí as an gcomhalta

boird ó na breithnithe sna miontuairiscí. I bpobalscoileanna náisiúnta, pléann an BOO, mar fhostóir, le cúrsaí fostaíochta.

**15.4** Má bhíonn an pátrún sásta, tar éis fiosrúchán iomchuí a dhéanamh agus tar éis moladh a fháil ón mBord, gur theip ar aon chomhalta den bhord gaol a nochtadh, ag aon tráth ábhartha, cuirfidh sé/sí an chomhalta sin ó bhallraíocht an Bhoird faoi réir **Alt 16** den Acht Oideachais 1998 agus ní ainmneoidh sé nó sí an duine sin ina dhiaidh sin mar chomhalta d'aon bhord bainistíochta.

**15.5** Má tharlaíonn sé go ndiúltaíonn comhalta den Bhord éirí as cruinniú, mar a shonraítear san alt seo, cuirfear an cruinniú siar agus, má tharlaíonn sé go ndiúltaíonn an comhalta sin arís éirí as an gcruinniú ationóilte, tuairisceoidh an cathaoirleach nó an rúnaí an cás i scríbhinn don phátrún, a chuirfidh an comhalta sin ó bhallraíocht de réir **Alt 16** den Acht Oideachais 1998 agus ní cheapfaidh sé/sí an duine sin ina dhiaidh sin mar chomhalta d'aon bhord bainistíochta.

**15.6** Más mian le comhalta Boird ar seirbhís (nó lena g(h)nólacht nó c(h)omhlachta) comhaontú tráchtála/conradh gnó a dhéanamh leis an scoil caithfidh an comhalta Boird atá i gceist:

(a) an leas/intinn sin a dheimhniú don Bhord láithreach agus,

(b) seachaint aon bhaint a bheith aige/aici le haon phlé, breithniú nó cinneadh mar gheall ar an gceist sin agus,

(c) scor de bheith ina chomhalta den Bhord i gcás ina dtéann an comhalta sin isteach i gcomhaontú tráchtála/conradh gnó leis an scoil.

# 16. Comhfhreagras

**16.1** Feidhmeoidh an cathaoirleach mar chomhfhreagraí don Bhord leis an Roinn agus le gach duine eile. Féadfaidh an cathaoirleach, áfach, an príomhoide a ainmniú chun gníomhú mar chomhfhreagraí má bhíonn sé nó sí as láthair, más gá. Mar sin féin, níor cheart do dhuine ar bith seachas an cathaoirleach aon chomhfhreagras a thabharfadh le fios go bhfuil sé á sheoladh chuig an gcathaoirleach ar bhealach **príobháideach rúnda a oscailt.** Ba chóir comhfhreagras chuig an gcathaoirleach a sheoladh chuig an gcathaoirleach ag seoladh na scoile.

**16.2** Ní dhéanfaidh aon chomhalta den Bhord uiríll ná ní chuirfidh sé/sí faoi deara uiríll a dhéanamh chuig an Aire, chuig an Roinn ná chuig páirtí ar bith eile maidir le gnó an Bhoird gan an cheist a bheith pléite ag cruinniú de chuid an Bhoird agus údarás a bheith faighte aige/aici ón mBord chun uiríll a dhéanamh thar a cheann. Ní sárú ar an alt seo é eolas ginearálta a fhoinsiú, áfach, ar an gcoinníoll gur eolas ginearálta é an t-eolas a iarrtar agus nach ndéantar aon phlé nó nochtadh ar ghnóthaí ar gnó faoi rún den Bhord iad.

**16.3** Cinnteoidh an cathaoirleach (nó an príomhoide má ainmnítear é/í in áit an chathaoirligh atá as láthair) go mbeidh aon chomhfhreagras nó ráitis scríofa ar son an Bhoird ar pháipéar ceannteidil oifigiúil na scoile, nó nuair is iomchuí a bheith údaraithe trí stampa oifigiúil na scoile a úsáid. (Ní chuirfidh rud ar bith san alt seo bac ar an scoil comhfhreagras a dhéanamh i bhfoirm ríomhphoist nuair is iomchuí).

# 17. Airgeadas

## 17.1 An Bord Bainistíochta agus airgeadas scoile

Ceanglaítear le hAlt 15 den Acht Oideachais 1998 ar an mbord bainistíochta, agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh aige, aird a thabhairt ar úsáid éifeachtach na n-acmhainní agus go háirithe ar úsáid éifeachtach cistí Stáit. Mar sin de, tá dualgas reachtúil ar Bhoird Bhainistíochta a chinntiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta cuí curtha i bhfeidhm chun acmhainní airgeadais scoile, lena n-áirítear deontais, a bhainistiú mar is cuí agus go héifeachtach agus ar bhealach trína gcuirtear cuntasacht chuí ar fáil do na páirtithe ábhartha. Caithfidh gach caiteachas a dhéanann an bord bainistíochta nó a dhéantar thar a shon a bheith faofa ag an mBord agus ag an BOO cuí i gcás pobalscoileanna náisiúnta. Caithfidh cuntais agus taifid i scoileanna nach pobalscoileanna náisiúnta iad a choinneáil de réir **Alt 18** den Acht Oideachais 1998. Tá cuntais pobalscoileanna náisiúnta mar chuid de chuntais an BOO ábhartha**.**

Tá an bord bainistíochta freagrach as gach beart réasúnach a ghlacadh chun aon riosca earráide, neamhrialtachta airgeadais agus calaoise a laghdú. Má aithnítear nó má tá amhras faoi neamhrialtacht nó calaois líomhnaithe ní mór é a thuairisciú láithreach don Roinn. Maidir le haon ábhar líomhnaithe neamhrialtachta airgeadais is é polasaí caighdeánach na Roinne a chinntiú go ndéantar imscrúdú agus go ndéantar an cheist a chur faoi bhráid an Gharda Síochána nuair is cuí. Tá na ceanglais a bhaineann le himscrúdú agus tuairisciú neamhrialtachtaí leagtha amach i gcuid 1.7.3 den lámhleabhar seo.

## 17.2 Pobalscoileanna Náisiúnta agus airgeadas scoile

Déanfar bainistiú ar rialachas airgeadais phobalscoileanna náisiúnta i gcónaí agus cloífear le polasaí airgeadais an BOO cuí dar le riachtanais an "*Cód Cleachtais um Rialachas Bhoird Oideachais agus Oiliúna*", foráil reachtúil, imlitreacha cuí na Roinne, agus treoirlínte dea-chleachtais leagtha amach ag an Roinn agus an BOO. Ní mór cuntais agus taifid a choinneáil faoi stiúir an BOO. Ba chóir do Bhoird bainistíochta pobalscoileanna náisiúnta teagmháil a dhéanamh leis an BOO cuí le haghaidh eolais maidir le cúrsaí airgeadais na scoile lena n-áirítear cuntais agus taifid a choinneáil, cleachtais cuntasaíochta, buiséadú, caiteachas agus rialú inmheánach.

## 17.3 Rialachais Airgeadais sna Bunscoileanna a Thacú

Tacaíonn an An tAonad Seirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU) le boird bhainistíochta i mbunscoileanna (seachas pobalscoileanna náisiúnta) chun dea-rialachas airgeadais a chur i bhfeidhm trí mheicníocht tacaíochta a sholáthar do bhunscoileanna chun cur ar a gcumas forálacha an Achta Oideachais 1998 a chomhlíonadh i dtéarmaí cuntasachta,

trédhearcachta agus freagrachta airgeadais as cistí Stáit. Ba cheart do bhaill bhoird bhainistíochta na bpobalscoileanna náisiúnta dul i dteagmháil lena BOO ábhartha maidir le rialachas airgeadais.

Sonraítear ról agus cuspóirí an FSSU i gciorclán Imlitir 0060/2017 na Roinne agus áirítear ann:

- Seirbhís chomhairle agus tacaíochta a sholáthar do bhunscoileanna ar rialachas airgeadais agus ar gach gné de bhainistíocht agus de rialú airgeadais. Ceapadh nósanna imeachta caighdeánacha agus struchtúir chuntasaíochta lena n-áirítear teimpléad caighdeánach do chuntais bhliantúla scoile.
- Gníomhú mar stór lárnach do chuntais bhliantúla scoile a fhaightear.
- Iniúchtaí a dhéanamh, de réir mar is gá.
- Eolais airgeadais a chur isteach chuig an Rialálaí Carthanas a gcomhlíonfaidh dualgais thuairisciú airgeadais a chuirtear ar scoileanna de thairbhe an Achta Carthanas 2009.
- Eolas staitistiúil a chur ar fáil don Phríomh-Oifig Staidrimh.

Ceanglaítear ar bhoird bhainistíochta ceanglais Imlitir 0060/2017 arna heisiúint ag an Roinn Oideachais agus foilsithe ar www.gov.ie/education agus aon imlitreacha ina dhiaidh sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear maidir le húsáid an teimpléid náisiúnta chaighdeánaithe do chuntais bhliantúla scoile. Tá eolas ar an FSSU ar fáil ag www.fssu.ie.

## 17.4 Caiteachas caipitil agus oibreacha

(a) Ní dhéanfaidh an Bord aon athchóiriú, leathnú ná atógáil ar fhoirgneamh agus/nó ar thailte na scoile mura mbeidh agus go dtí go mbeidh sé sin ceadaithe i scríbhinn ag an bpátrún agus ag na hIontaobhaithe (i scoileanna ina bhfuil Iontaobhaithe). Beidh aon deisiúcháin mhóra nó mórathruithe ar áitreabh phobalscoil náisiúnta faoi réir ceadú a fháil roimh ré ón BOO cuí agus curtha i gcrích faoi treoir an BOO cuí.

(b) Anuas ar an chead a cheanglaítear faoi (a) thuas, níor cheart dul i mbun caiteachais chaipitil, ina mbeidh cúnaimh deontais ag teastáil, go dtí go mbeidh cead roimh ré i scríbhinn faighte ón Roinn chun an méid seo a dhéanamh.

(c) Ní mór do Bhoird cloí leis na rialacháin reatha maidir le tógáil agus pleanáil agus le riachtanais reatha do sholáthar poiblí. Riachtanais an tsoláthair phoiblí mar atá sonraithe in **Alt 27** den lámhleabhar seo.

(d) Ní chuirfidh aon gné sa chuid seo cosc ar an mBord dul i mbun mionoibreacha atá de réir imlitreacha ábhartha na Roinne. Is í Imlitir 0062/2013 Scéim Deontais do Mhionoibreacha ar Shealúchais Scoileanna Náisiúnta an imlitir reatha. Ba cheart ceisteanna a bhaineann leis an imlitir seo a sheoladh chuig Aonad Tógála na Roinne.

(e) Is féidir leis an bpátrún, an cathaoirleach nó comhalta den Bhord a ainmniú le gníomhú ar son an údaráis scoile chun plé leis an Roinn maidir le costais chaipitiúla. Caithfear ainmniúchán mar sin a dhéanamh i scríbhinn.

(f) Ní mór caiteachas caipitil a thaifead go leithleach ó ioncam agus caiteachas maidir le gníomhaíochtaí scoile ó lá go lá i gcuntais na scoile agus ba chóir gach cáipéisíocht a bhaineann le tionscadail scoile ar leith a stóráil go leithleach.

## 17.5 Íocaíochtaí deontais

(a) Cuirtear sonraí a bhaineann leis an ráta maoinithe atá le tabhairt do scoileanna ar shuíomh gréasáin na Roinne www.gov.ie/education lena n-áirítear aon athruithe buiséid. Cuirfear an BOO ar an eolas faoi shonraí le haghaidh maoinithe atá le tabhairt do phobalscoileanna náisiúnta, lena n-áirítear aon athruithe buiséid agus léirithe sa phlean seirbhíse bliantúil a chuirtear amach do na BOOanna iomchuí.

(b) Ní mór maoiniú a chuirtear ar fáil chun críocha sonracha, mar shampla chun trealamh TFC a cheannach nó an deontas leabhar scoile a úsáid ach amháin chun na críche dá ndeonaítear é.

(c) Cuirtear deontais per capita ar fáil chun costais ghinearálta reatha a chlúdach, chomh maith le maoiniú do na fostaithe sin atá fostaithe agus íoctha go díreach ag an mbord bainistíochta. De réir Imlitir 0040/2019, arna eisiúint ag an Roinn agus arna fhoilsiú ar www.gov.ie/education, is féidir breathnú ar na deontais seo mar dheontas coiteann a fhéadfaidh an bord bainistíochta a leithdháileadh de réir a thosaíochtaí féin.

## 17.6 Árachas

(a) Go ginearálta, tá sé de dhualgas ar an mbord bainistíochta (arna tharmligean ag na hiontaobhaithe i scoileanna ina bhfuil iontaobhaithe) clúdach árachais cuimsitheach a chur i bhfeidhm, i.e. dliteanas poiblí, dliteanas fostóra, árachas inneachair, don scoil. I gcás scoileanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Aire Oideachais tá sé de dhualgas ar na hiontaobhaithe i gcomhairle leis an mbord bainistíochta árachas a chur ar fhoirgnimh scoile.

(b) Cinnteoidh an Bord go mbíonn gach árachas den chineál sin curtha i ngníomh agus coinnithe de réir mar atá riachtanach chun an scoil, an Bord agus na hIontaobhaithe (i scoileanna ina bhfuil Iontaobhaithe) a chosaint in aghaidh gach dliteanais phoiblí agus in aghaidh iarmhairtí neamairt ag duine ar bith atá fostaithe ag an mBord nó ag seirbhíseach nó gníomhaí de chuid an Bhoird, nó in aghaidh fabht ar bith i bhfoirgnimh, in áitribh, i bhfearastú nó i dtrealamh na scoile ar féidir caillteanas nó damáiste do dhuine ar bith in áitreabh nó ar áitreabh na scoile a bheith mar thoradh air.

(c) Is é seo a leanas an staid i dtaca scoileanna atá ag gníomhú ó áitribh ar leis an Aire iad:

1) Tá léas scoile nua, atá le forghníomhú idir an tAire agus an pátrún scoile ábhartha, á chur i bhfeidhm do scoileanna atá ag feidhmiú in áitribh ar leis an Aire iad. Faoi théarmaí an léasa sin, tá sé de dhualgas ar scoileanna polasaithe um Dhliteanas Poiblí, Dliteanas Fostóra agus árachas inneachair a thógáil amach ag tabhairt aird ar leas an Aire orthu le hárachóir atá ceadúnaithe chun oibriú i bPoblacht na hÉireann (nó a bhfuil údarú oifigiúil faighte acu chun oibriú i bPoblacht na hÉireann i gcomhréir le hAirteagal 6 de Threoir 73/239/CEE arna hathachtú nó arna leasú).

2) Ba chóir árachas inneachair a thabhairt amach maidir le gach cineál inneachair beag beann ar cé acu a bhí na hábhair maoinithe ag an Roinn ná nach raibh nó ag páirtí ar bith eile. Ní gá árachas tógála a thabhairt amach d' fhoirgnimh atá maoinithe ag an Roinn Oideachais.

3) Maidir le dualgais deisiúcháin an Aire faoin léas, is trí na scéimeanna deontais reatha do scoileanna a bheidh an príomhfhoirm maoinithe le haghaidh deisiúchán ar fhoirgnimh atá maoinithe ag an Roinn. Tá sonraí faoi na scéimeanna deontais ábhartha ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne gov.ie - Oibreacha foirgníochta chun scoileanna a thógáil, a shíneadh agus a athchóiriú (www.gov.ie).

4) Bunófar an léas de réir a chéile, ag tosú le scoileanna a chuaigh i mbun oibre ar na mallaibh in áitribh ar leis an Aire iad. As sin amach, cuirfear léasanna i bhfeidhm i scoileanna atá ag obair cheana féin in áitribh ar leis an Aire iad. Tá sé beartaithe na léasanna a bheith i bhfeidhm i scoileanna den chineál sin a luaithe is indéanta.

5) Cionn is gurb é feidhm an bhoird bhainistíochta an scoil a a bhainistiú thar ceann an phátrúin, ní mór don Bhord a chinntiú, i gcás ina gcuirtear léas scoile i bhfeidhm go gcloítear leis na téarmaí agus coinníollacha uile sa léas scoile a aontaíodh idir an pátrún agus an tAire maidir le háitreabh na scoile a úsáid. Sa chás ina mbíonn aon éileamh nach bhfuil na téarmaí agus coinníollacha sin á gcomhlíonadh ag an mBord, ní mór don Bhord pátrún na scoile a chúiteamh ó aon chaillteanas mar thoradh air sin agus ní mór dó polasaí árachas a chothabháil lena chumasú é sin a dhéanamh. Sa chás a chuirtear léas scoile i bhfeidhm ní mór don phátrún cóip den léas a chur ar fáil don bhord bainistíochta.

6) Tá doiciméad Ceisteanna Coitianta ar an léas scoile nua ar fáil ar Scoil Nua a Bhunú mar eolas do bhoird agus do scoileanna ar théarmaí an léasa. Moltar do Bhoird monatóireacht a dhéanamh ar www.gov.ie/education le haghaidh nuashonruithe breise.

(d) Beidh na polasaithe ábhartha árachais ar fáil lena scrúdú ag páirtithe leasmhara.

(e) Tá an BOO cuí freagrach as cinntiú go bhfuil socruithe árachais chuí curtha i bhfeidhm do gach pobalscoil náisiúnta faoina phátrúnacht. Sa chás ina bhfuil réadmhaoin ar cíos ag BOO le haghaidh pobalscoile náisiúnta, tá an BOO

freagrach as árachas dliteanais fhostóra, árachas inneachair agus árachas dliteanais phoiblí a chothabháil. Tá an fhreagracht d'árachas eile ar an dtiarna talún nó mar atá leagtha amach ar an léas cuí atá socraithe don réadmhaoin.

## 17.7 Cleachtas cuntasaíochta

(a) Is ag brath ar mhéid na scoile agus ar éagsúlacht a gníomhaíochtaí atá an méid a bheidh i gceist le córas cuí cuntasaíochta a bheith ann (i scoileanna diomaite de phobalscoileanna náisiúnta). Moltar do bhoird bhainistíochta ar phobalscoileanna náisiúnta teagmháil a dhéanamh leis an mBOO maidir le cleachtas cuntasaíochta mar atá leagtha amach in **Alt 17.2** den lámhleabhar seo. Tugann an tAonaid um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU) mar atá leagtha amach i gCiorclán 0060/2017 teimpléid le haghaidh úsáid inmheánach do scoileanna le monatóireacht a dhéanamh ar ioncam míosúil, caiteachas, bainistíocht bhuiséid, sreabhadh airgid srl. agus is féidir teacht orthu ar shuíomh gréasáin an FSSU www.fssu.ie/primary Iarrtar ar bhoird bhainistíochta úsáid a bhaint as an áis seo.

(b) Caithfidh an Bord é féin a shásamh go bhfuil rialuithe inmheánacha cuí i bhfeidhm do gach idirbheart airgeadais. Cinnteoidh an Bord go bhfuil rialuithe oiriúnacha i bhfeidhm maidir leis an úsáid a bhaintear as aon chárta creidmheasa de chuid na scoile, baincéireacht ar líne srl. Cuimseofar prótacail agus nósanna imeachta cuí maidir le húsáideoir(í) a cheadú, cúram an chárta lena mbaineann, údarú na n-íocaíochtaí, teorainneacha comhaontaithe le híocaíochtaí agus soláthar na ndoiciméad agus na dtaifead tacaíochta.Ní bhainfidh an Bord úsáid as cártaí dochair le haghaidh caiteachais scoile.

(c) D'fhéadfadh boird (diomaite de phobalscoileanna náisiúnta) úsáid a bhaint as córais baincéireachta ar líne. I gcás phobalscoileanna náisiúnta ní mór cead a lorg ón BOO cuí chun úsáid a bhaint as córais baincéireachta ar líne.

(d) Caithfidh gach caiteachas a dhéanann an bord bainistíochta nó a dhéantar thar a shon a bheith faofa ag an mBord (féach freisin ar **Alt 12** ar an gCisteoir). Caithfidh cuntais agus taifid a choinneáil de réir **Alt 18** den Acht Oideachais 1998 ina luaitear:

> *"(1) Ach amháin i gcás scoile a bheidh bunaithe nó faoi chothabháil ag coiste gairmoideachais, coimeádfaidh bord na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó ar chaiteachas an airgid sin a thabhóidh sé agus cinnteoidh sé go ndéanfar, i ngach bliain, na cuntais sin go léir a iniúchadh nó a dheimhniú go cuí de réir an chleachtais chuntasaíochta is fearr.*
>
> *(2) Déanfaidh an scoil lena mbaineann cuntais a choimeádfar de bhun an ailt seo a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag an Aire agus ag tuismitheoirí mac léinn sa scoil, a mhéid a bhaineann na cuntais sin le hairgead a sholáthrófar de réir Alt 12 ."*

(e) Caithfidh gach idirbheart ó chuntais na scoile a bheith sínithe ag an gcathaoirleach agus ag an gcisteoir. Is féidir leis an gcathaoirleach comhalta boird a ainmniú, áfach, le gníomhú mar shínitheoir má tá sé/sí as láthair, mar atá leagtha amach in **Alt 12.6** den lámhleabhar seo.

(f) Ullmhófar cuntas iomlán ar ioncam agus caiteachas an Bhoird ag deireadh gach bliain airgeadais. Ba cheart go gcuimsítear sa chuntas seo sonraí na gcuntas ar fad a dtiocfadh a bheith coinnithe leo féin ag an mbord i gcomhlíonadh ar théarmaí scéimeanna deontais faoi leith. Is ó 1 Meán Fómhair go 31 Lúnasa a bhíonn bliain airgeadais do scoileanna.

(g) Ceanglaítear ar bhoird bhainistíochta (seachas boird na bpobalscoileanna náisiúnta) ceanglais Imlitir 0060/2017 na Roinne agus aon imlitir ina dhiaidh sin a chomhlíonadh lena n-áirítear maidir le húsáid an teimpléid chaighdeánaithe náisiúnta do chuntais bhliantúla scoile agus iad sin a chur faoi bhráid an FSSU san fhormáid fhorordaithe faoin 28 Feabhra tar éis dheireadh na scoilbhliana roimhe sin.

(h) Cuirfear na cuntais dheireanacha i láthair chomhaltaí an Bhoird le go ndéanfar athbhreithniú orthu agus iad faofa, déanfaidh an cisteoir agus  an cathaoirleach nó comhalta an Bhoird atá ainmnithe ag an gcathaoirleach iad a shíniú. I gcás bainisteoir/bainisteoirí atá ceaptha ag an bpátrún de réir **Alt 14** den Acht Oideachais 1998 leis an scoil a bhainistiú, ba chóir go mbeadh bainisteoir chomh maith le hainmní an phátrúin mar shínitheoirí dena cuntais bhliantúla. Coinneofar cóip de na cuntais mar chuid de mhiontuairiscí an bhoird bhainistíochta.

(i) Ba chóir go gcuirfí cuntais na scoile ar fáil le hiniúchadh do phobal na scoile lena n-áirítear tuismitheoirí, an pátrún agus iontaobhaithe (i scoileanna ina bhfuil iontaobhaithe). Mar atá leagtha amach in Imlitir 0060/2017 arna heisiúint ag an Roinn Oideachais agus arna foilsiú ar www.gov.ie/education, tá teimpléad chaighdeánach de thuairisc, atá le húsáid nuair atá faisnéis airgeadais achoimre á soláthar do thuismitheoirí, ar fáil mar chuid den teimpléad náisiúnta caighdeánaithe do chuntais bhliantúla scoile. Beidh na cuntais scoile ar fáil freisin lena n-iniúchadh ag oifigigh na Roinne agus oifigigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste má iarrtar sin.

## 17.8 Buiséadú

(a) Ba cheart do bhoird bhainistíochta buiséadú ar bhealach a cumasóidh iad lena ndualgais a chomhlíonadh a d'fhéadfadh a bheith substaintiúil ach nach dtagann chun cinn ach go tréimhsiúil.

(b) Cuimsítear soláthar do phobalscoileanna náisiúnta i bPlean Seirbhíse Bliantúil an BOO iomchuí a chuirtear isteach chuig an Roinn Oideachais gach bliain. Moltar do bhoird bhainistíochta ar phobalscoileanna náisiúnta teagmháil a dhéanamh leis an mBOO maidir le buiséadú mar atá leagtha amach in Alt **17.2** den lámhleabhar seo.

(c) Níor cheart go sáródh caiteachas Boird a n-ioncam bliantúil.

(d) Ní mór rótharraingtí nó cineálacha eile fiacha nó farasbairr chaiteachais thar ioncam a bheith ceadaithe ag an bpátrún, i gcomhar leis na hIontaobhaithe (i scoileanna ina bhfuil Iontaobhaithe) nuair is gá, agus ba cheart iad a sheachaint ach amháin ar feadh tréimhsí teoranta, agus sa chás go mbíonn an Bord sásta go mbeidh an Bord ábalta an rótharraingt nó na fiacha a ghlanadh.

(e) Sa ráithe dheiridh dá bhliain airgeadais déanfaidh an Bord buiséad a cheapadh agus a ghlacadh don scoilbhliain atá ag teacht. Ba cheart go n-áireofaí leis an mbuiséad sin soláthar do gach mír chaiteachais ábhartha amhail árachas, riachtanais ranga a cheannach, costais chothabhála srl. agus ba chóir go mbeadh sé faoi réir athbhreithniú rialta ag an mBord. Is í an bhliain airgeadais do scoileanna ná 1 Meán Fómhair go 31 Lúnasa.

(f) Is féidir leis an mbord bainistíochta fochoiste airgeadais a bhunú le gníomhú faoi údarás an Bhoird.

(g) Tá cumann tuismitheoirí i dteideal cistí a bhailiú le haghaidh cúrsaí riaracháin agus gníomhaíochtaí an chumainn agus cuntas bainc a bheith aige in ainm an chumainn tuismitheoirí. Rachaidh an cumann tuismitheoirí i gcomhairle leis an mBord maidir le haon bhailiú cistí thar ceann na scoile nó thar ceann tionscadail scoile. Beidh cead an Bhoird riachtanach sula mbailítear na cistí seo. Is dea-chleachtas taifead a dhéanamh ar an gcomhaontú a rinneadh idir an Bord agus an cumann tuismitheoirí maidir le bailiú cistí, lena n-áirítear an fáth dár bailíodh na cistí, an bealach ina mbaileofar na cistí, an amlíne d'aistriú na gcistí a bailíodh ó chuntas bainc an chumainn tuismitheoirí chuig an mBord agus tréimhse ama mheasa an tionscadail aontaithe. Ba cheart an comhaontú a thaifeadadh i miontuairiscí chruinnithe an bhoird bhainistíochta agus an chumainn tuismitheoirí faoi seach. As sin amach, ba cheart don bhord bainistíochta eolas cothrom chun dáta a iarraidh go rialta ón gcumann tuismitheoirí i dtaca leis an mbailiú cistí agus an t-eolas nuashonruithe sin a thaifeadadh i miontuairiscí chruinnithe an Bhoird.

(h) Is é an bord bainistíochta, i gcomhairle leis an gcumann tuismitheoirí, a bheidh freagrach as na cistí seo a chaitheamh. Ba cheart gach airgead a bhailítear nó a ghintear do thionscadail chomhaontaithe ar son na scoile a aistriú, a luaithe is indéanta, chuig an mBord agus dar leis an amlíne aontaithe d'aistriú na gcistí faoi mar atá sonraithe sa chomhaontú idir an bord bainistíochta agus cumann na dtuismitheoirí. Caithfidh cistí ar bith a bhailítear a úsáid chun na críche/na críocha dar bailíodh an t-airgead. Má tharlaíonn sé, i gcúinsí eisceachtúla, nach riachtanach don bhord na cistí go léir a bailíodh a úsáid le haghaidh an chuspóra a bhí leagtha amach, cuirfidh an bord cumann na dTuismitheoirí ar an eolas faoi agus nuair is iomchuí, don phobal áitiúil. I gcás ar bith, caithfidh na cistí a úsáid thar ceann na scoile. Cinnfidh an Bord i gcomhairle le coiste an chumainn tuismitheoirí an t-athrú cuspóra a mbainfear úsáid as na cistí ina leith. Ba chóir nach mbeadh ach maoiniú atá ag teastáil do chostais reatha ó lá go lá a íoc i gcuntas bainc chumann na dtuismitheoirí mar sin agus ba chóir aon mhaoiniú breise a aistriú go cuntas bainc na scoile chomh luath agus is féidir faoi réir an líne ama aontaithe le maoiniú a aistriú mar atá leagtha amach in **Alt 17.8 (g).** Ní

mór do choiste na dtuismitheoirí eolas a chur ar fáil maidir lena chuntas bainc le bheith curtha san áireamh i gcuntais bhliantúil na scoile.

## 17.9 Fostú duine i gcáil phríobháideach

Cinneann an Roinn agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) leithdháiltí foirne do mhúinteoirí agus do Chúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna). Cuirtear maoiniú i dtaca leis na fostaithe sin atá fostaithe agus íoctha go díreach ag an mbord bainistíochta ar fáil trí dheontas bliantúil do scoileanna.

Cuirtear i gcuimhne do scoileanna nach mór maoiniú/deontais stáit a chaitheamh chun na críche dár leithdháileadh iad agus nár cheart iad a úsáid chun cothabháil a dhéanamh ar aon socrú príobháideach fostaíochta a rinne an scoil mar mhír ar leith. Ní bhaineann an cheist maidir le múinteoir nó CRS a fhostú ar socrú príobháideach i gcás pobalscoileanna náisiúnta cionn is gurb é an BOO iomchuí an fostóir.

Is iomaí comhlachtaí bainistíochta agus pátrún ann nach gceadaíonn dá scoileanna múinteoirí a fhostú ar bhonn príobháideach. Ina thaobh seo, caithfidh an Bord cead an phátrúin a fháil roimh ré sula bpléitear socrú den chineál sin. I gcás ina dtéann an Bord isteach i socrú príobháideach fostaíochta den cineál sin, ní foláir dó a bheith meabhrach go bhféadfaí é a nochtadh do chostais leanúnacha fostaíochta, lena n-áirítear iad siúd a éiríonn as aon Chonradh Tréimhse Éiginnte (CTÉ) a thiocfadh chun cinn. Caithfidh an Bord, mar sin, aird chuí a thabhairt ar chumas na scoile post mar sin a chothú ó mhaoiniú foinsí nach ó Státchiste é (a fhéadfaidh a bheith ina mhaoiniú aon uaire) lena n-áirítear aon chostais leanúnacha a n-éireodh as Conarthaí Tréimhse Éiginnte.

# 18. An Rialálaí Carthanas

Faoin Acht Carthanas 2009 tá ceanglas ar gach bord bainistíochta (seachas pobalscoileanna náisiúnta) a scoil a chlárú leis an Rialálaí Carthanas. Oibríonn an Roinn agus an Rialálaí Carthanas go dlúth le chéile chun an próiseas clárúcháin a dhéanamh chomh simplí agus chomh héasca agus is féidir. Níl aon cheanglas ar bhord bainistíochta pobalscoileanna clárú ina n-aonar leis an Rialálaí Carthanas mar go gcuimsíonn clárú na mBord Oideachais agus Oiliúna ábhartha leis an Rialálaí Carthanas na pobalscoileanna náisiúnta faoina bpátrúnacht.

Mar chuid den phróiseas clárúcháin, ní mór do chomhaltaí an bhoird bhainistíochta a n-ainm, dáta tosaithe ar an mBord agus a seoladh baile a sholáthar. Ní fhoilseofar seoltaí baile a chuirtear ar fáil  go poiblí ar an gClár. Ní mór do bhoird a chur in iúl cén chomhalta atá ina chathaoirleach.

Ceanglaítear ar gach bord bainistíochta an t-eolas atá ar taispeáint ar Chlár na gCarthanas a choinneáil. Sa chás go dtarlaíonn athrú ar bhallraíocht an Bhoird ní mór clárú na scoile leis an Rialálaí Carthanas a nuashonrú dá réir.

Faoin Acht Carthanas 2009 tá ceanglas freisin ar gach bord bainistíochta Tuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid an Rialálaí Carthanas. Ní mór an Tuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid an Rialtóra faoin 30 Meitheamh gach bliain. Tá treoir do scoileanna ar fáil i roinn na scoileanna de na Ceisteanna Coitianta ar shuíomh gréasáin an Rialálaí Carthanas ag Charities Regulator/FAQ's. Oibríonn an Roinn agus an Rialálaí Carthanas go dlúth lena chéile chun an riachtanas tuairiscithe bliantúil a dhéanamh chomh simplí agus is féidir.

Chuaigh an Roinn i gcomhairle leis an Rialtóir Carthanas agus le comhaltaí boird bhainistíochta a ghníomhaíonn le cúram réasúnta agus le hintinn mhaith, ag cloí leis na rialacha agus na nósanna imeachta lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le nósanna imeachta airgeadais atá leagtha amach sa *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2023 – 2027* agus na riailacha, rialacháin agus reachtaíocht ábhartha eile go léir a bhaineann le comhaltas agus feidhmiú na mBord, na ceanglais atá leagtha amach sa “Cód Rialachais Carthanas” de chuid an Rialtóra Carthanas. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Rialálaí Carthanas trí ríomhphost a sheoladh chuig info@charitiesregulator.ie.

# 19. Cosaint Leanaí

**19.1** Baineann na Nósanna Imeachta um Chaomhnú Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (Athbhreithnithe 2023) (na nósanna imeachta) a eisíodh faoi Imlitir 0036/2023 le gach scoil aitheanta. Tugann siad stiúir agus treoir d'údaráis scoile agus do phearsanra scoile maidir lena n-oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus maidir le cur i bhfeidhm na treorach dea-chleachtais (neamhreachtúil) atá leagtha amach in Tús Áite do Leanaí – Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas 2017 (Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí 2017).

Ar na nósanna imeachta tá:

- Na nósanna imeachta atá le leanúint ag múinteoirí cláraithe mar gheall ar a ról mar dhuine sainordaithe, lena n-áirítear riachtanas dul i gcomhairle leis an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) agus, nuair is iomchuí, tuairiscí sainordaithe a chur isteach i gcomhar leis an DIA chuig Tusla.

- Treoir agus stiúir do bhoird bhainistíochta maidir lena ndualgais reachtúla a chomhlíonadh i dtaca le Ráitis Chosanta Leanaí. Ina thaobh sin, tugann na nósanna imeachta ar gach bord bainistíochta úsáid a bhaint as teimpléid éigeantacha áirithe foilsithe ag an Roinn Oideachais nuair a dhéantar a Ráiteas Cosanta Leanaí a ullmhú, a fhoilisiú agus a athbhreithniú.

- Tá na riachtanais maoirseachta, a bhfuil sé mar sprioc acu cinnte a dhéanamh de go ndéantar An tAcht um Tús Áite do Leanaí, 2015 Treoir Náisiúnta um Tús Áite do Leanaí 2017 agus riachtanais na Roinne a chomhlíonadh go hiomlán, leagtha amach i nósanna imeachta le haghaidh scoileanna.

**19.2** Tá cúram ar an mbord bainistíochta a chinntiú go gcuirtear na nósanna imeachta i bhfeidhm go hiomlán agus go ndéantar dearbhú cáilíochta ar a n-éifeachtacht ar bhonn rialta. I dtaca leis seo, ní mór don bhord bainistíochta bheith ábalta agus é féin a shásamh go bhfuil nósanna imeachta daingean docht curtha i bhfeidhm ag an scoil lena cumasú déileáil go hiomlán agus mar is ceart le cúrsaí cosanta leanaí ar fad sa scoil dar leis an Acht um Tús Áite do Leanaí 2015**,** an Treoir Náisiúnta um Tús Áite do Leanaí 2017 agus le riachtanais na Roinne mar atá leagtha amach i nósanna imeachta le aghaidh scoileanna. Áirítear leis na nósanna imeachta riachtanais maoirseachta ar leith a bhfuil sé mar aidhm leo cinntiú go ndéanann an bord bainistíochta a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh i dtaca leis seo. Ní mór do gach bord bainistíochta cloí go hiomlán leis na riachtanais maoirseachta seo atá leagtha amach go sonrach i gcaibidil 9 de na nósanna imeachta. Áirítear leo maoirseacht ag an mBord ar riachtanais chosaint leanaí na scoile agus maoirseacht ar thuairisceoireacht imní faoi chosaint leanaí. Chun críocha maoirseachta ar thuairisceoireacht imní, tá gá le heolas áirithe sna nósann imeachta atá le tabhairt chuig an mbord bainistíochta agus le bheith athbhreithnithe acu mar chuid de Thuairisc Mhaoirseachta an Phríomhoide maidir le Cosaint Leanaí atá le tabhairt chuig an mBord ag gach cruinniú Boird.

**19.3** Tá na Nósanna Imeachta um Chaomhnú Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (Athbhreithnithe 2023) agus na teimpléid shainordaitheacha ghaolmhara agus na doiciméid tacaíochta eile (teimpléid roghnacha breise agus treoirdhoiciméid) ar fáil ar www.gov.ie/education. Ní mór do scoileanna a chinntiú go n-úsáideann siad an leagan is déanaí de na teimpléid mar atá foilsithe ag an Roinn agus atá ar fáil ar www.gov.ie/education.

**19.4** Faoi na Nósanna Imeachta um Chaomhnú Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (Athbhreithnithe 2023) (na nósanna imeachta) ceanglaítear ar Chigireacht na Roinne monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chomhlíonadh scoileanna leis na nósanna imeachta. Déanann an Chigireacht monatóireacht agus tuairisciú ar chomhlíonadh scoileanna le gnéithe de na nósanna imeachta le linn gach samhail iniúchta. Braitheann na gnéithe de na nósanna imeachta a ndéantar seiceáil orthu le linn na múnlaí cigireachta ar an tsamhail iniúchta agus tá siad leagtha amach san fhoilseachán Monatóireacht ar Chosaint Leanaí ag an gCigireacht arna eisiúint ag an Roinn agus arna fhoilsiú ar www.gov.ie/education. Cuireann an Chigireacht múnla iniúchta tiomnaithe i bhfeidhm freisin atá deartha go sonrach chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na nósanna imeachta. Tagraítear don mhúnla seo mar an tsamhail *Cigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí*. Is samhail chigireachta dhomhain neamhspleách é seo a dhíríonn ar chur i bhfeidhm deich bpríomhghné de na nósanna imeachta. Tá eolas faoi Chigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí ar fáil ar www.gov.ie/education.

**Nóta Tábhachtach maidir leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna.**

Athbhreithníodh na nósanna imeachta um chosaint leanaí i gcomhairle leis na Comhpháirtithe Oideachais in 2023 chun príomhfhorbairtí reachtaíochta agus beartais a chur san áireamh lena n-áirítear an tAguisín le Tús Áite do Leanaí (2019), an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), na Nósanna Imeachta um Chosaint agus um Chumhdach Leanaí le haghaidh Saoráidí Bordála a bhaineann le Scoileanna Aitheanta 2023 agus na Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Faisnéis atá le Tabhairt ag Fostóir i gCás Múinteoir Cláraithe a Dhífhostú nó a Dhul ar Scor) 2023.

Ag am foilsithe an lámhleabhair seo, bhí athbhreithniú cuimsitheach ar na nósanna imeachta um chosaint leanaí i gcomhairle leis na Comhpháirtithe Oideachais faoi lánseol. Tá sé beartaithe go bhfoilseofar nósanna imeachta leasaithe le linn 2024 agus cuirfear scoileanna ar an eolas tamall maith roimh an dáta forfheidhmithe dóibh sin.

# 20. Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

**20.1** Ní mór d'údarás Scoile comhlíonadh a chinntiú le riachtanais na n-Achtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 (an tAcht um Ghrinnfhiosrúchán) agus le himlitheartha ábhartha na Roinne maidir le Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ar phearsanra na scoile agus ar dhaoine eile a dhéanann obair nó gníomhaíochtaí ábhartha le leanaí nó le daoine soghonta.

Cuireann an tAcht um Ghrinnfhiosrúchán oibleagáidí reachtúla ar údarás Scoile (diomaite de chásanna áirithe mar atá leagtha san Acht um Ghrinnfhiosrúchán) nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil ón mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin roimh duine a fhostú, conradh a dhéanamh nó duine a chur le hobair chuí nó gníomhaíochtaí a dhéanamh le leanaí nó le daoine soghonta nó roimh chead a thabhairt do dhuine a leithéid d'obair chuí nó gníomhaíochtaí a dhéanamh ar son na scoile.

**20.2** Tá foráil san Acht um Ghrinnfhiosrúchán do ghrinnfhiosrúchán cúlghabhálach reachtúil agus ath-ghrinnfhiosrúcháin tráthrialta ar fhostaithe, saorálaithe agus daoine eile a dhéanann obair chuí nó gníomhaíochtaí le leanaí nó le daoine soghonta. Is cion coiriúil é d'údarás scoile gan a oibleagáidí reachtúla maidir le grinnfhiosrúchán faoin Acht a chomhlíonadh.

**20.3** Tá sé tábhachtach le tabhairt faoi deara nach é an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin a shocraíonn cé chomh fóirsteanach agus atá aon duine a bheith ag obair le páistí nó daoine soghonta. Is faoi na húdaráis scoile iomchuí i gcónaí a bhíonn socruithe déanta faoi oiriúnacht dá leithéid oibre, agus níl i gceist le grinnfhiosrúchán ach gné amháin den socrú earcaíochta. I dtaca leis seo, níor chóir go nglacfaí grinnfhiosrúchán áit gnáth nósanna imeachta earcaíochta, amhail teistiméireachtaí a lorg agus a sheiceáil agus a chinntiú gur féidir aon bhearna gan mhíniú sa taifead fostaíochta/curriculum vitae a mhíniú go sásúil. Is cuma cé acu atáthar ag breathnú ar dhuine le haghaidh fostaíochta nó róil eile sa scoil, is cuid lárnach de chleachtas cosanta leanaí iad na nósanna imeachta cuimsitheacha atá ann le hoiriúnacht duine bheith ag obair le páistí nó daoine soghonta a sheiceáil.

**20.4** Diomaite de riachtanais an Achta Grinnfhiosrúcháin, ní mór tuiscint a bheith ag údaráis scoile ar a ndualgas dlí sibhialta aire a thabhairt dá gcuid daltaí agus an gá a bhaineann le cleachtas stuama ó thaobh chosaint leanaí de. I gcásanna nuair nach gcuireann an tAcht um Ghrinnfhiosrúchán oibleagáidí ar údarás scoile grinnfhiosrúchán a fháil, d'fhéadfadh an t-údarás Scoile nochtadh grinnfhiosrúcháin a lorg, ar mhaithe le cleachtas cúramach, roimh duine a fhostú, conradh a dhéanamh nó duine a chur le hobair chuí nó gníomhaíochtaí a dhéanamh le leanaí nó le daoine soghonta nó roimh chead a thabhairt do dhuine a leithéid d'obair chuí nó gníomhaíochtaí a dhéanamh ar son na scoile.

**20.5** Caithfidh údaráis scoile a chinntiú chomh maith go gcomhlíontar ceanglais na Roinne maidir le dearbhú reachtúil um chosaint leanaí a sholáthar agus foirm ghaolmhar ghealltanais ó dhaoine atá á gceapadh i bpoist mhúinteoireachta agus neamhmhúinteoireachta. Is féidir teacht ar tuilleadh eolais maidir le riachtanais grinnfhiosrúcháin ar shuíomh gréasáin na Roinne www.gov.ie/education.

# 21. Na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus RGCS

**21.1** Tháinig An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus an An tAcht um Chosaint Sonraí 2018 i bhfeidhm ar 25 Bealtaine 2018.

Ceapadh an RGCS arna chomhlánú ag an Acht um Chosaint Sonraí 2018 chun cearta daoine aonair a chosaint maidir le le sonraí pearsanta. Faoin RGCS, is ionann sonraí pearsanta agus sonraí a bhaineann le duine beo nó sonraí lenar féidir duine beo a aithint, as a stuaim féin nó i gcomhar le heolas eile atá ar fáil agus is ionann ábhar sonraí agus an duine lena mbaineann na sonraí pearsanta.

**21.2** Tugtar leis an RGCS agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí an ceart do gach duine, beag beann ar náisiúntacht nó áit chónaithe, a dhearbhú an bhfuil sonraí pearsanta ann, rochtain a fháil ar aon sonraí den chineál sin a bhaineann leis/léi agus sonraí míchruinne a chur á gceartú nó á léirscriosadh. Ceanglaítear ar rialaitheoirí sonraí a chinntiú go ndéantar na sonraí a choimeádann siad a bhailiú go cóir, go bhfuil siad cruinn agus nuashonraithe, go bhfuil siad á gcoinneáil chun críocha dleathacha, agus nach bhfuil siad in úsáid nó á nochtadh ar aon bhealach atá ar neamhréir leis na críocha sin. Ceanglaítear freisin ar rialaitheoirí sonraí agus próiseálaithe sonraí araon na sonraí a choimeádann siad a chosaint agus forchuirtear dualgas speisialta cúraim orthu maidir le daoine aonair faoina gcoinníonn siad sonraí den chineál sin.

**21.3** Rialaitheoirí sonraí atá i scoileanna/BOOanna a dhéanann sonraí pearsanta de chuid scoláirí, tuismitheoirí agus ball foirne a phróiseáil. Caithfear miontuairiscí an Bhoird agus taifid agus sonraí eile scoile a choinneáil i gcomhréir leis an RGCS agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Tá gach scoil/BOO freagrach as na hAchtanna a chomhlíonadh. Ní mór don scoil/BOO a bheith eolach mar sin ar a chuid dualgas maidir le rúndacht, cruinneas agus sábháilteacht gach taifead agus sonraí a choinníonn an scoil. Áirítear taifid/sonraí a bhaineann le baill foirne agus daltaí agus taifid/sonraí a bhaineann le gnó an Bhoird leis seo.

**21.4** Bunaíodh an suíomh gréasáin www.gdpr4schools.ie chun cabhrú le scoileanna ullmhú do riachtanais RGCS agus iad a chur i bhfeidhm. D'fhoilsigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) treoir Bunús do Chur Chuige um Phróiseáil Sonraí atá Dírithe ar Leanaí | An Coimisinéir Cosanta Sonraí an 17 Nollaig 2021. Leagtar amach sa treoir seo prionsabail agus moltaí d’eagraíochtaí le leanúint agus iad ag próiseáil sonraí leanaí. Féachann na bunghnéithe le cur leis an leibhéal cosanta a thugtar do leanaí, ar líne agus as líne araon.

# 22. Na hAchtanna um Shaoráil Eolais

Bord bainistíochta a bunaíodh faoi **Alt 14** den Acht Oideachais 1998 seachas bord bainistíochta de chuid phobalscoile náisiúnta, tá sé díolmhaithe san am i láthair faoi na hAchtanna um Shaoráil Eolais. Cuirtear bord bainistíochta de chuid pobalscoile náisiúnta bunaithe nó ar a ndéanann bord oideachais agus oiliúna cothabháil uirthi san áireamh go pointe áirithe faoi Sceideal 1, Cuid 1(h) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Ba chóir do phobalscoileanna náisiúnta faoi phátrúnacht BOO teagmháil a dhéanamh leis an BOO cuí le haghaidh comhairle agus treorach i dtaca leis na hAchtanna um Shaoráil Eolais.

Caithfidh boird bhainistíochta a thabhairt faoi deara áfach gur féidir le taifid a chuireann scoil ar aghaidh chuig comhlacht poiblí, agus a bhíonn i seilbh an chomhlachta sin, a bheith faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí.

# 23. Na hAchtanna um Nochtadh Cosanta

**23.1** Leias an Acht um Nochtadh Cosanta 2014 arna leasú leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022 ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí (lena n-áirítear scoileanna) nósanna imeachta a bhunú agus a chothabháil chun nochtadh cosanta a dhéanamh ag oibrithe atá, nó a bhí fostaithe, ag an gcomhlacht poiblí agus chun déileáil le nochtadh den sórt sin. Ní mór faisnéis scríofa maidir leis na nósanna imeachta seo a sholáthar d'oibrithe atá fostaithe ag an gcomhlacht poiblí (lena n-áirítear scoileanna).

**23.2** Is é cuspóir an Achta seo oibrithe a chosaint ar phionós a ghearradh orthu mar gheall ar sceithireacht maidir le héagóir nó le héagóir fhéideartha a tháinig ar a n-aird i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair. Tháinig an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022 i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023.

I measc na bpríomhfhorálacha sna hAchtanna um Nochtadh Cosanta tá:

- Toirmeasc ar phionós a ghearradh ar oibrithe a dhéanann nochtadh cosanta le sainmhíniú leathan ar 'oibrí'. Le hAcht 2022 leathnaíodh an sainmhíniú ar oibrí chun daoine aonair ar thaithí oibre, comhaltaí boird, oibrithe deonacha, iarratasóirí poist etc. a áireamh

- Réimse leathan 'éagóirí ábhartha' ar féidir a thuairisciú lena n-áirítear cionta coiriúla, sáruithe ar oibleagáidí dlíthiúla, i gcás ina bhfuil nó inar dócha go gcuirfí sláinte agus sábháilteacht aon duine i mbaol, iomrall ceartais, úsáid mhídhleathach nó mhíchuí cistí poiblí nó aon iarracht faisnéis a cheilt maidir le héagóirí den sórt sin. Áirítear le hAcht 2022 freisin hur éagóir ábhartha é cásanna ina bhfuil sárú ar dhlí sonraithe an AE a leagtar amach sa Treoir tar éis tarlú, go bhfuil sé ag tarlú nó gur dócha go dtarlóidh sé.

- 'Córas céimnithe nochta' a spreagann oibrithe chun tuairisc a thabhairt d'fhostóirí ar an gcéad dul síos.

- Leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022 cruthaíodh Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta. Tá cumhachtaí agus freagrachtaí áirithe ag an gCoimisinéir faoin Acht. Is é príomhdhualgas an Choimisinéara aon tuarascálacha a fhaightear faoin Acht a tharchur chuig an duine forordaithe is oiriúnaí (nó duine oiriúnach eile, sa chás nach féidir duine forordaithe a aithint).

- Tá foráil san Acht do chosaintí áirithe do dhaoine tuairiscithe. Áirítear orthu sin cosaint ar phionósú agus a gcéannacht a choinneáil faoi rún, le heisceachtaí áirithe. Tá foráil san Acht freisin gur cion coiriúil é pionósú agus sárú ar na forálacha rúndachta, i measc cionta eile san Acht.

**23.3** D'fhoilsigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóirithe an PFN, Treoir Eatramhach faoin Acht um Nochtadh Cosanta chun cabhrú le comhlachtaí poiblí i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna faoin Acht. Ba cheart do gach údarás scoile nósanna

imeachta um nochtadh cosanta a dhréachtú agus a chothabháil de réir na treorach seo. Ceanglaítear ar gach údarás scoile socruithe cuí a bheith i bhfeidhm chun a leithéid de nochtadh a fháil óna n-oibrithe. Moltar go gcuirfeadh gach fostóir i.e. boird bhainistíochta/BOOnna Beartas um Nochtadh Cosanta i bhfeidhm chomh maith leis na nósanna imeachta riachtanacha a bhunú.

**23.4** Ceanglaítear ar phobalscoileanna náisiúnta dul i dteagmháil leis an mBord Oideachais agus Oiliúna cuí maidir leis na hAchtanna um Nochtadh Cosanta.

# 24. Rochtain ar an scoil

Sonraítear in **Ailt 13 agus 18** den Acht Oideachais 1998 gur cheart rochtain iomlán ar scoileanna a bheith ag baill de Chigireacht na Roinne agus oifigigh eile de chuid na Roinne atá bainteach le cigireacht a dhéanamh ar scoileanna. Anuas air sin, foráiltear i riail 11 de na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta gur féidir leis "an tAire agus daoine a bheadh údaraithe aige/aici cuairt a thabhairt ar na scoileanna agus iad a scrúdú aon uair is cuí leo." Beidh an ceart rochtana céanna ag an bpátrún agus a c(h)uid ionadaithe. Is féidir leis na hIontaobhaithe agus a gcuid ionadaithe (i scoileanna ina bhfuil Iontaobhaithe) freisin cuairt a thabhairt agus scrúdú a dhéanamh ar an láthair scoile agus ar na foirgnimh, nuair is iomchuí.

# 25. Áitreabh na scoile a úsáid

**25.1** In 2005, chuir an Roinn Ciorclán prim16/05 chuig gach bord bainistíochta mar gheall ar chomhroinnt áiseanna scoile leis an bpobal. Tá an imlitir sin le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne www.gov.ie/education.

Bhí sé mar sprioc ag an imlitir sin ná Iontaobhaithe agus Boird Bhainistíochta a spreagadh chun dianmhachnamh a dhéanamh ar a leithéid d'iarratais, más indéanta. Agus spreagadh á thabhairt do na hIontaobhaithe agus na Boird chun an riachtanas seo a chur san áireamh go híogair, glacann an Roinn leis gur cinneadh don Bhord nó do na hIontaobhaithe cuí a bheidh ann, i ndeireadh na dála, agus gurb í leas na scoile, na múinteoirí agus na ndaltaí an tosaíocht i gcónaí.

**25.2** I gcás pobalscoileanna náisiúnta, déanfar doiciméad polasaí a rialaíonn úsáid na scoile d'fheidhmeanna pobail a ullmhú ag an BOO, i gcomhairle leis an mbord bainistíochta. Ba chóir go gcumhdaíonn an doiciméad seo cúrsaí costais (díreach/indíreach) agus riachtanais árachais. Déanfaidh an BOO aon ioncam cíosa a imfhálú a bhíonn ann mar thoradh d'úsáid na scoile.

**25.3** I mí Dheireadh an Fhómhair 2017 fhoilsigh an Roinn Treoirlínte d'úsáid foirgneamh scoile lasmuigh d'uaireanta scoile a bhí dearaithe chun cabhrú le scoileanna ar mhaith leo a n-áitreabh a úsáid do chuspóirí oideachais, fóillíochta agus pobail, lena n-áirítear seirbhísí cúram leanaí. Ba chóir do scoileanna ar mian leo a n-áitreabh a chur ar fáil dul i gcomhairle leis na treoirlínte ar dtús.

I dtaca leis seo, ní mór d'údaráis scoile a bheith eolach go bhféadfadh sé go mbeadh ceisteanna rialaithe agus dliteanais i gceist agus seirbhísí réamhscoile á soláthar thar ceann an bhoird bhainistíochta. Cé gur féidir le bord bainistíochta clárú mar sholáthróir faoina Rialacháin Cúram Leanaí, tá sé tábhachtach go mbíonn údaráis scoile ar an eolas go bhféadfadh sé nach mbíonn na cosaintí i gceist a thugtar do chomhaltaí Boird ar leith maidir leis an slánaíocht a bhaineann le comhaltaí Boird faoi Alt 14 (7) den Acht Oideachais 1998 i gcás réamhscoileanna. Ba chóir d'údaráis scoile a gcuid comhairle dlí féin a lorg ina thaobh.

Moltar i gcás réamhscoile atá beartaithe, faoi réir ceadanna iomchuí úinéirí réadmhaoine/Iontaobhaithe agus pátrúin, d'fhéadfaí seomraí nó áitreabh a chur ar fáil do thríú páirtithe (soláthróirí cláraithe cúram leanaí) le comhaontú dlíthiúil. Leagtar amach na ceadanna agus na comhaontuithe dlíthiúla atá ag teastáil in **Alt 3** de Treoirlínte d'úsáid foirgneamh scoile lasmuigh d'uaireanta scoile. Ní foláir a thabhairt faoi deara go gcaithfidh cead an Aire a fháil roimh ré chun áitreabh na scoile a úsáid le linn an lae scoile, chun críocha diomaite de ghnáthghnó scoile.

**25.4** Ó mhí Feabhra 2019, ní mór do gach soláthróir seirbhíse aois scoile mar atá sainmhínithe ag IR Uimh 575/2018 Na Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Seirbhísí d'Aois Scoile a Chlárú) (irishstatutebook.ie) a gcuid seirbhísí aois scoile a chlárú le Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil trí Sheirbhísí Aois Scoile Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Leis an Acht um Chúram Leanaí 1991 (Alt 58A, arna leasú ag alt 22 den Acht um Thacaíocht Cúram Leanaí 2018) An tAcht um Thacaíocht Cúram Leanaí 2018 (irishstatutebook.ie) sainmhínítear *'seirbhís d'aois scoile'* mar *'aon seirbhís luathbhlianta, grúpa súgartha, naíonra lae, naíolann, cúram lae nó seirbhís eile dá samhail— (a) a fhreastalaíonn ar leanaí faoi bhun 15 bliana d'aois atá cláraithe i scoil a sholáthraíonn oideachas bunscoile nó iar-bhunscoile, (b) a sholáthraíonn raon gníomhaíochtaí forbraíochta, oideachais agus áineasa ar mhodh, a tharlaíonn lasmuigh d'uaireanta scoile, arb é a bpríomhchuspóir cúram a thabhairt do leanaí i gcás nach bhfuil a dtuismitheoirí ar fáil'* . Eisiatar leis na seirbhísí sin nach soláthraíonn ach gníomhaíochtaí a bhaineann leis na healaíona, obair óige, spórt iomaíoch nó caitheamh aimsire, teagasc nó oiliúint reiligiúnach.

**Nóta Tábhachtach maidir le húsáid áitribh scoile.**

Tá athbhreithniú déanta ag an Roinn ar threoirlínte 2017 maidir le foirgnimh scoile a úsáid lasmuigh d'uaireanta scoile. Is é cuspóir an phróisis athbhreithnithe agus comhairliúcháin ná bearta a aithint a d'fhéadfadh tuilleadh spreagadh a thabhairt do scoileanna a n-áiseanna a chur ar fáil d'úsáidí pobail, áineasa agus oideachais. Tar éis an athbhreithnithe seo déanfaidh an Roinn, i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha, na treoirlínte a nuashonrú de réir mar is gá agus cuirfear na hathruithe in iúl do gach scoil. Is féidir le boird bhainistíochta monatóireacht a dhéanamh ar an suíomh gréasáin www.gov.ie/education chun nuashonruithe a fháil.

# 26. Treoirlínte Sláinte agus Sábháilteachta

**26.1** De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, tá sé de fhreagracht ar údaráis scoile ar leith ráiteas sábháilteachta a bheith i bhfeidhm ina scoil agus, a mhéad agus indéanta, sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair de chuid a fostaithe agus de chuid na ndaoine sin a ndéanann gníomhaíochtaí oibre na scoile difear ar bith dóibh, a chinntiú. Ba cheart go n-aithneofaí sa ráiteas sábháilteachta guaiseanna féideartha, go measúnófaí na rioscaí don tsláinte agus don tsábháilteacht agus go ndéanfaí soláthar chun sábháilteacht agus sláinte na bhfostaithe agus na ndaltaí a chosaint. I mí an Mhárta 2018, d'eisigh an Roinn Ciorclán 0018/2018 le cur i gcuimhne do gach údarás scoile gur gá bheith airdeallach agus Sláinte agus Sábháilteachta á mbainistiú, lena n-áirítear córais shábháilteachta tine ach go háirithe.

**26.2** Is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) an comhlacht ar a bhfuil freagracht reachtúil as a chinntiú go gcomhlíonann gach fostóir, scoileanna san áireamh, na riachtanais sláinte agus sábháilteachta. Tá treoirlínte eisithe ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, i gcomhar le hIonad Oideachais Chill Chainnigh, do na bunscoileanna uile ar an mbealach le sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú. Rinneadh na treoirlínte seo a fhorbairt tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha agus tá siad foilsithe ar shuíomh gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta www.hsa.ie

# 27. Soláthar Earraí agus Seirbhísí

27.1 Is oifig í an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireadh de chúram air socruithe soláthair na hearnála poiblí le haghaidh earraí agus seirbhísí coiteanna a lárú. D'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Ciorclán 16/13 lena leagtar amach an seasamh maidir le húsáid creatlaí agus conarthaí lárnacha ag comhlachtaí poiblí. Tagann gach comhlacht, lena n-áirítear scoileanna a fhaigheann níos mó ná 50% dá n-ioncam ó mhaoiniú poiblí, faoi shainchúram na gciorclán ábhartha soláthair, lena n-áirítear Ciorclán 16/13. Ceanglaítear ar phobalscoileanna náisiúnta cloí le polasaí soláthair an BOO ábhartha.

## 27.2 Aonad Soláthair na Scoileanna (SPU)

Is é an tAonad um Sholáthar Scoileanna (SPU) https://www.spu.ie/ an acmhainn tacaíochta lárnach chun treoir a sholáthar do gach bunscoil agus iar-bhunscoil (seachas scoileanna BOO) maidir le soláthar earraí agus seirbhísí.

Tugann sé comhairle agus cabhrú praiticiúil do na scoileanna ar an mbealach lena bpróisis agus a gcleachtais soláthair a fheabhsú ar bhonn leanúnach.

Tá an tAonad ar fáil mar chéad phointe tagartha do na scoileanna maidir le haon cheist soláthair. Cuireann an tAonad comhairle agus treoir ar fáil chun cabhrú le scoileanna cinntiú go bhfuil a ndualgais faoin dlí um sholáthar poiblí á gcomhlíonadh acu agus tá an leabhar Treoir do Scoileanna ar Dhea-Chleachtais Soláthair foilsithe acu. Is féidir teacht ar tuilleadh eolais, táirseacha soláthair náisiúnta agus de chuid an AE d’earraí agus seirbhísí san áireamh ag SPU Procurement Guide.

# 28. Bainistíocht Fuinnimh sna Scoileanna

**28.1** Ach úsáid fuinnimh sna scoileanna a bhainistiú, is féidir le scoileanna buntáiste a bhaint as méadú ar leibhéil chompoird, laghduithe ar chostais agus feidhmíocht chomhshaoil níos fearr. Tá sé léirithe gur féidir le scoileanna suas le 10% a choigilt go héasca ar chostais fuinnimh sa bhliain ach athruithe a dhéanamh ar iompar sa scoil. Leis an gclár Fuinneamh san Oideachas tairgtear raon tacaíochtaí atá forbartha ag Sustainable Energy Authority of Ireland (SEAI) Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann i gcomhar leis an Roinn Oideachais 1998 chun cabhrú le scoileanna chun cleachtais bhainistíochta fuinnimh a fheabhsú agus airgead a choigilt. Gheofar ar an suíomh gréasáin gearrthóga físeáin, leathanaigh fíricí agus cás-staidéir ar réimsí ar leith ar féidir díriú orthu, maraon le cur chuige céim ar chéim ar an tslí le tús a chur leis. Gheofar treoir ar bhainistíocht fuinnimh agus sonraí faoi raon na dtacaíochtaí atá ar fáil ag www.energyineducation.ie.

## 28.2 Dualgas Reachtúil chun monatóireacht a dhéanamh ar úsáid fuinnimh agus é a thuairisciú gach bliain

Tá oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí uile na hearnála poiblí, agus scoileanna san áireamh, tuairisciú gach bliain ar a n-úsáid fuinnimh chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann Sustainable Energy Authority of Ireland (SEAI). Cuireadh an riachtanas seo in iúl do na scoileanna uile i scríbhinn i Nollaig 2014 ag an Department of Communications Climate Action and Environment (DCCAE). Tá freagracht ar gach BOO tuairisciú go díreach chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAL) gach bliain maidir leis an bhfuinneamh a úsáideadh i ngach ceann dá chuid scoileanna.

Tá córas Monatóireachta agus Tuairiscithe fuinnimh ar líne forbartha ag an Údarás agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha chun cabhrú le scoileanna a n-úsáid fuinnimh a thuairisciú (de réir mar is gá agus mar atá sonraithe i SI 426 de 2014 agus SI 646 de 2016). Chomh maith le cabhrú le scoileanna sonraí fuinnimh a thuairisciú agus a rianú gach bliain, cuireann an córas ar líne na nithe seo a leanas ar fáil:

- Scórchárta a léiríonn dul chun cinn na scoile go dtí sin i roghbhlúire cumhachtach.
- Rochtain ar líne ar shonraí bliantúla ídithe leictreachais agus gáis nádúrtha.

Gheofar faisnéis bhreise ar an bpróiseas tuairiscithe ag www.seai.ie

Leis an gclár oibreacha samhraidh (ó 2019) éilítear go mbeidh íocaíocht an deontais do scoileanna a fhaigheann maoiniú faoin scéim seo faoi réir ag scoileanna a chlárú ar shuíomh gréasáin an SEAI agus a bheith tiomanta do na tuairisceáin chuí a dhéanamh.

## 28.3 Sainordú na hEarnála Scoileanna um Ghníomhú ar son na hAeráide & Treochlár Gníomhaíochta Aeráide

Foilsíodh Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid na hEarnála Poiblí in 2022 chun tacú le comhlachtaí san earnáil phoiblí atá chun tosaigh ar ghníomhú aeráide trí eiseamláir agus é d'aidhm leis an ngníomh aeráide is gá a spreagadh sa tsochaí níos leithne chun astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann a laghdú 51% faoi 2030.

Chuir Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí as an áireamh earnáil na scoileanna, a mbeadh a sainordú gníomhaíochta aeráide tiomnaithe féin aici a léireodh na cúinsí ar leith sna scoileanna agus a laghdódh an t-ualach ar scoileanna nuair is féidir.

Aithnítear i Sainordú na hEarnála Scoileanna tiomnaithe an éagsúlacht idir comhlachtaí poiblí móra agus an earnáil scoileanna agus an ról sainiúil atá ag scoileanna i réimsí an Oideachais um Fhorbairt Inbhuanaithe agus Athrú Aeráide.

Tá Sainordú na hEarnála Scoileanna um Ghníomhú ar son na hAeráide tábhachtach le gur féidir oibleagáidí cosúla a chur in oiriúint do chúinsí uathúla na scoileanna. Foilsíodh Sainordú na hEarnála Scoileanna um Ghníomhú ar son na hAeráide i mí an Mhárta i mbliana tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais agus déanfar é a nuashonrú go bliantúil.

Is féidir an Sainordú na hEarnála Scoileanna um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 a fheiceáil anseo: gov.ie - Sainordú na hEarnála Scoileanna um Ghníomhú ar son na hAeráide (www.gov.ie).

# 29. Ceapachán Gach Fostaí de chuid an Bhoird Bhainistíochta/BOO lena n-áirítear Príomhoidí/Múinteoirí/Cúntóirí Riachtanais Speisialta

**29.1** Tá riachtanais na Roinne maidir le nósanna imeachta ceapacháin agus comhdhéanamh boird agallaimh leagtha amach i gCiorclán 0044/2019 do phríomhoidí agus múinteoirí agus i gCiorclán 0051/2019 do chúntóirí riachtanas speisialta. Ní mór d'fhostóirí riachtanais Ciorcláin 0044/2019 agus Ciorcláin 0051/2019 agus ciorclán ar bith a thagann ina ndiaidh a chomhlíonadh. Tá an dá chiorclán seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne www.gov.ie/education. Is féidir fiosruithe maidir le nósanna imeachta earcaíochta agus ceapacháin le haghaidh múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta (CRS) a sheoladh trí ríomhphost chuig teachersna@education.gov.ie.

Cuirtear i gcuimhne don Bhord/BOO go bhfuil sé de dhualgas orthu cloí leis an reachtaíocht reatha agus le himlitreacha go léir na Roinne a bhfuil feidhm reatha leo i gcás ceapachán agus ceadú an phátrúin a fháil roimh ré do cheapachán na múinteoirí go léir (lena n-áirítear Príomhoidí) agus na foirne Cúntóirí Riachtanas Speisialta.

**29.2** Is gné bunriachtanach de chleachtas cosanta leanaí é nósanna imeachta earcaíochta atá críochnúil a bheith ann. Ní mór don Bhord/BOO cinntiú go bhfuil gach ceapachán ag brath ar na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 agus imlitreacha cuí na Roinne maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána (féach **Alt 20** den lámhleabhar seo) á gcomhlíonadh. Ní mór don Bhord/BOO cinntiú go gcuirtear ar fáil dearbhú reachtúil agus foirm tiomantais ghaolmhar do dhaoine a cheaptar i bpostanna teagaisc agus postanna neamhtheagaisc.

# 30. Foirm um athrú foirne

Cuirtear foirm um athrú foirne amach go bliantúil chuig gach scoil do mhúinteoirí buana agus sealadach a íoctar trí phárolla na Roinne.

Cuirtear foirm um athrú foirne ar leith freisin maidir le foireann neamh-mhúinteoireachta a íoctar trí phárolla na Roinne.

Taifeadfar athruithe ar bith maidir le stádas an fhostaí sa scoil ar an bhfoirm chuí agus cuirfear ar ais í laistigh den tréimhse ama atá sonraithe ag an Roinn. Is den riachtanas go ndéanfar gach foirm a líonadh amach ina hiomláine, a scrúdú agus a sheiceáil ag an gCathaoirleach, a bheith sínithe ag an bPríomhoide/gCathaoirleach agus a chur ar ais taobh istigh den tréimhse ama atá leagtha amach lena chinntiú go n-íoctar fostaithe na scoile mar is cuí. I gcás pobalscoileanna náisiúnta ní mór an fhoirm seo a bheith faofa ag an BOO iomchuí.

# 31. Córas Éilimh Ar Líne (CEAL)

**31.1** Tugadh isteach an OLCS le cur ar chumas scoileanna sonraí saoire do gach múinteoir agus cúntóir riachtanas speisialta a chur isteach agus éilimh a dhéanamh don ionadaí cuí. Déanann na sonraí a iontrálann na scoileanna, nuair a bhíonn siad bailíochtaithe, nuashonrú ar chórais phárolla agus phearsanra na Roinne agus eisíonn siad íocaíocht go díreach chuig an múinteoir/CRS.

Tá boird bhainistíochta freagrach as neamhláithreachtaí múinteoirí agus CRSanna a thaifeadadh ar an gcóras. Ba cheart don Bhord a chinntiú go ndéantar gach neamhláithreacht, idir neamhláithreachtaí inionadaithe agus neamhláithreachtaí neamh-inionadaithe, a thaifeadadh ar an OLCS. Éilíonn an Roinn go dtaifeadtar neamhláithreachtaí saoire lena chinntiú go n-íoctar gach ball foirne i gceart agus go bhfuil stair seirbhíse chomhalta foirne i gceart. Ba cheart do na scoileanna taifid saoire a thaifeadadh de réir mar a tharlaíonn siad agus ní mór iad a chur isteach in ord dáta. Féach ar Imlitir 0024/2013 *“Treoirlínte Oibriúcháin do Bhoird Bhainistíochta agus Foirne atá Ainmnithe chun an Córas Éilimh Ar Líne a Oibriú i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta”* le haghaidh tuilleadh sonraí. Tá an imlitir seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne www.gov.ie/education

**31.2** Tá freagracht ar an BOO iomchuí mar fhostóir as neamhláithreacht múinteoirí agus CRS i bpobalscoileanna náisiúnta a thaifead agus ní mór gach éileamh don ionadaí cuí a bheith faofa ag an BOO. I gcás pobalscoileanna náisiúnta, tá sé tábachtach go gcuirtear nósanna imeachta i bhfeidhm chun cinntiú go gcuirtear isteach saoire agus éilimh agus go ndéantar iad a fhaomhadh gan mhoill chun spriocanna párolla a chomhlíonadh.

**31.3** Ba cheart do Bhoird/BOOanna a chinntiú go ndéantar doiciméid tacaíochta maidir le comhlánú sonraí CEAL a choinneáil go daingean i.e. teastais dochtúra, freastal ar chúrsaí inseirbhíse/inghairme, saoire thuismitheoirí agus saoire chúramóra.

**31.4** Tá freagracht ar bhoird bhainistíochta/BOOnna a chinntiú go gcoimeádtar sláine agus slándáil an chórais OLCS ag leibhéal na scoile i gcónaí mar go bhfuil dualgas ar an Roinn aon taifid fhalsaithe a chur faoi bhráid an Gharda Síochána. Chun sláine an chórais a choinneáil tá sé tábhachtach go gcinntíonn boird bhainistíochta/BOOnna go gcuirtear na bearta rialaithe agus slándála is gá i bhfeidhm. Moltar do bhoird bhainistíochta/BOOnna nár cheart don duine céanna i scoil, i gcúinse ar bith, tabhairt faoi na róil a bhaineann le sonraí a chur isteach agus na sonraí sin a fhormheas. Ba cheart don duine atá freagrach as iontráil sonraí agus an formheastóir a chinntiú go gcuirtear sonraí na mball foirne isteach i gceart ar an gcóras. Mar gheall ar nádúr íogair na sonraí atá stóráilte ar OLCS, ní mór don duine ainmnithe Iontrála Sonraí agus don bhFormheastóir (na Formheastóirí) Sonraí don chóras a bpasfhocail agus faisnéis eile a choinneáil slán i gcónaí agus gan iad a chur ar aghaidh chuig baill eile den fhoireann.

**31.5** Ba cheart go mbeadh Boird Bhainistíochta/BOO ar an eolas freisin go bhfuil saoráid ar an CEAL le tuairiscí a chur amach faoi gach neamhláithreacht arna nglacadh ag múinteoirí agus CRSanna i dtréimhse shainithe. Is féidir na tuairiscí sin a dhéanamh ar leibhéal scoile agus ba chóir iad a chur ar fáil don Bhord/BOO ar bhonn rialta, nó i gcás ina n-iarrann an Bord/BOO é, agus aird chuí á tabhairt ar rúndacht aon eolais phearsanta de chuid na mball foirne. Ba cheart cóipeanna a chur ar aghaidh chuig na baill foirne lena mbaineann freisin.

## Aguisín A - Nós imeachta maidir le duine a ainmniú/a thoghadh a ainmneofar don phátrún lena cheapadh mar ainmnitheach na múinteoirí

1. Ba chóir cruinniú den fhoireann teagaisc a thionól chun an múinteoir a ainmneofar don phátrún a roghnú le ceapadh mar ainmnitheach na múinteoirí ar an mbord bainistíochta. Tabharfar **fógra deich lá** ar a laghad faoi chruinniú den sórt sin i scríbhinn do gach duine a bheidh i dteideal vótáil ag cruinniú den sórt sin. I scoileanna ina bhfuil socrú rialachais roinnte de réir **alt 3.3** den lámhleabhar seo á chur i bhfeidhm, gairmfidh ionadaí an phátrúin comhchruinniú d'fhoireann teagaisc ón dá scoil lena mbaineann chun na críche sin.

2. Ag an gcruinniú iarrfar ainmniúcháin ó mhúinteoirí ar seirbhís, an Príomhoide san áireamh, a mbeidh vóta aici/aige freisin. Le haghaidh an lámhleabhair seo, glacfar leis gurb ionann múinteoir ar seirbhís agus múinteoir atá ar seirbhís i scoil go buan nó ar théarma seasta go lánaimseartha nó go páirtaimseartha le téarma an cheapacháin sé mhí nó níos faide. Tá múinteoir ar seirbhís atá fostaithe ag níos mó ná scoil amháin incháilithe le hainmniú, vóta a chaitheamh agus/nó a bheith ainmnithe i ngach ceann de na scoileanna ina bhfuil siad ag obair.

3. Níl na múinteoirí seo a leanas incháilithe le bheith ainmnithe, le vóta a chaitheamh nó le múinteoir eile a ainmniú:

    (a) múinteoirí (lena n-áirítear múinteoirí ionaid) ar lú ná sé mhí a dtéarma ceapacháin*;

    (b) múinteoirí ar sos gairme;

    (c) múinteoirí ar iasacht;

    (d) múinteoirí ar seirbhís thar lear.

    *Is féidir a mheas gur múinteoir ar seirbhís é múinteoir den sórt sin, áfach, i gcásanna nuair nach féidir aon mhúinteoir ar seirbhís (seachas an Príomhoide/Príomhoide Gníomhach) a ainmniú/a thoghadh ar an mBord.

4. Ní mór gach ainmniúchán a bheith cuidithe.

5. Más rud é nach bhfuil ach aon ainmniúchán amháin, measfar an duine a ainmníodh a bheith tofa.

6. Más rud é go bhfuil níos mó ná aon ainmniúchán amháin ann, tionólfar rúnbhallóid ag an gcruinniú agus sa chás sin ceapfar beirt áiritheoirí.

7. Déanfar an vóta a chomhaireamh go poiblí ag an gcruinniú agus cuirfear toradh na ballóide in iúl don fhoireann agus d'ionadaí an phátrúin.

8. Déanfar an toghchán a chinneadh ar an líon is airde vótaí (i.e. córas an chéad duine abhaile).

9. Cuirfear toradh na ballóide in iúl don fhoireann agus d'ionadaí an phatrúin.

10. I gcás comhionannas vótaí idir na hainmnithigh, cuirfear ar crann é chun ainmnitheach na múinteoirí a thoghadh.

11. I gcás scoil dhá oide, is é an múinteoir ranga sa ghnáthchúrsa a bheidh mar ainmnitheach don phátrún mar ainmnitheach na múinteoirí, mura bhfuil an scoil ina scoil bhunáite ag múinteoir acmhainne nó múinteoir tacaíochta foghlama agus sa chás sin beidh feidhm ag an nós imeachta atá leagtha amach ag 1 – 8 den aguisín seo. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo **d'Aguisín A** i gcás ina bhfuil socrú comhrialachais de réir **Alt 3.3** den lámhleabhar seo á chur i ngníomh.

12. Maidir leis an mbeirt mhúinteoirí ar bhoird bhainistíochta scoileanna Clochair agus Mainistreach, is é a bheidh i gceist ná, más rud é gur cléireach é/í an príomhoide, is tuata a bheidh i gcomhalta tofa na múinteoirí agus, más tuata é/í an príomhoide, moltar gur cléireach a bheidh i gcomhalta tofa na múinteoirí.

13. Úsáidfear an nós imeachta atá leagtha amach ag 1 – 10 den aguisín seo chun folúntas ainmnitheach múinteora ar bith a líonadh, lena n-áirítear ainmnitheach ionaid múinteora chun folúntas a líonadh tar éis don chéad ainmnitheach múinteora dul i mbun oifige mar phríomhoide gníomhach.

## Aguisín B - Nósanna imeachta maidir le Tuismitheoir(í) a ainmniú/a thoghadh lena gceapadh ag an bPátrún mar ainmnitheach/ainmnithigh na dTuismitheoirí ar an mBord.

Ba chóir an nós imeachta seo a úsáid chun ainmnitheach/ainmnithigh tuismitheoirí a roghnú den chéad uair agus i gcás fothoghcháin ar bith a thionólfar tar éis dul i gcomhairle leis an gCumann Tuismitheoirí.

Cinnfear modh toghcháin d'ainmnithigh tuismitheoirí i gcomhairle le hainmnithigh na dtuismitheoirí ar an mBord atá ag imeacht as oifig agus aon chumann tuismitheoirí sa scoil.

Tá tuismitheoirí leanaí atá cláraithe agus atá tosaithe ag freastal ar an scoil ó naíonáin shóisearacha go rang a sé san áireamh incháilithe le haghaidh ainmniúcháin agus toghchán don Bhord.

Tá rogha de dhá nós imeachta atá i bhfeidhm*. Leagtar amach iad i roghanna 1 agus 2 den aguisín seo. Ní féidir ach ceann amháin de na roghanna a chur i bhfeidhm. Ní mór an rogha a roghnaítear a leanúint ina hiomláine. Ag deireadh an phróisis cuirfidh ionadaí an phátrúin in iúl don phátrún an rogha a d'úsáideadh agus deimhneoidh gur cloíodh go hiomlán leis na nósanna imeachta faoin rogha a roghnaíodh.

*I gcás ina bhfuil socrú comhrialachais á chur i ngníomh de réir **Alt 3.3** den lámhleabhar seo, ní féidir ach rogha 1 a chur i ngníomh.

D'fhonn a áirithiú go mbeidh an ionadaíocht is leithne agus is féidir ann, ba chóir nuair is indéanta sin:

- go mbeadh an bheirt thuismitheoirí ó theaghlaigh ar leithligh agus gan gaol ar bith a bheith acu le comhalta ar bith eile den Bhord nó ball foirne agus a bheith tofa ag an gcomhlacht ginearálta de thuismitheoirí na leanaí atá cláraithe sa scoil agus a bhfuil tús curtha acu lena bhfreastal ar an scoil.

- níor chóir do thuismitheoirí leanaí atá cláraithe agus a bhfuil tús curtha acu lena bhfreastal ar an scoil a ainmniú ná a thoghadh ar an mBord ach amháin de réir Alt **3.1 (b)** nó **3.2 (b)** nó **3.3.2 (b)** den lámhleabhar seo.

### Folúntais i measc ainmnithigh na dTuismitheoirí

Nuair a tharlaíonn folúntas i measc ainmnitheach na dtuismitheoirí (tar éis bunú an bhoird) féadfaidh an bord bainistíochta tar éis dul i gcomhairle le cumann na dtuismitheoirí ceann den dá ghníomh seo a leanas a mholadh don phátrún;

(a) an duine ag a mbeidh an chéad líon vótaí eile a chomhthoghadh as measc na ndaoine nár toghadh chun an Bhoird i dtosach mar ionadaí, nó

(b) fothoghchán le teacht in ionad ainmnithigh na dtuismitheoirí. Moltar gan aon fhothoghchán d'ainmnitheach na dtuismitheoirí a bheith ann le linn sos an tsamhraidh

agus ar aon chuma ní fhéadfaidh ach tuismitheoirí na bpáistí atá cláraithe agus a thosaigh ag freastal ar an scoil ag am an fhothoghcháin a bheith páirteach ann.

**Nóta:**
Cé gur féidir le hainmnitheach tuismitheoirí ar bhord bainistíochta a bheith ina b(h)all de choiste chumann na dtuismitheoirí, níor cheart go mbeadh post oifige acu ar choiste chumann na dtuismitheoirí.

## Cosaint Sonraí agus RGCS

Agus mionsonraí á scaipeadh maidir leis na hainmnithigh a mholtar lena gceapadh mar ainmnithigh tuismitheoirí ar an mBord, ba chóir d'ainmnitheach an phátrúin agus don chumann tuismitheoirí a bheith aireach maidir lena gcuid dualgas ag éirí as an RGCS agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí, agus an gá atá ann na hAchtanna a chomhlíonadh go hiomlán i ndáil le bailiúchán, úsáid agus nochtadh sonraí pearsanta arna bpróiseáil. Toisc go bhfanann an fhreagracht as na hAchtanna a léirmhíniú agus a chomhlíonadh le gach scoil, institiúid nó comhlacht oideachais ar leith, ba chóir do na comhlachtaí seo iad féin a chur ar an eolas go hiomlán faoi fhorálacha na nAchtanna. Ba chóir a mheabhrú freisin nach ceadmhach ainmneacha na dtuismitheoirí a scaipeadh gan toiliú a fháil roimh ré - Féach **Rogha 2 (2)** den aguisín seo.

Ceapadh na hAchtanna chun príobháideachas daoine maidir le sonraí pearsanta a chosaint agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí AE (RGCS).

# Aguisín B (ar leanúint)

## Rogha 1

1. Déanfaidh ionadaí an phátrúin socrú le haghaidh cruinnithe tuismitheoirí leanaí atá cláraithe sa scoil agus a bhfuil tús curtha acu lena bhfreastal ar an scoil. I gcás ina bhfuil socrú comhrialachais de réir **Alt 3.3** den lámhleabhar seo á chur i ngníomh, comhchruinniú de thuismitheoirí na leanaí atá cláraithe i gceachtar den dá scoil, agus a bhfuil tús curtha acu lena bhfreastal ar cheachtar den dá scoil, a bheidh sa chruinniú. Tabharfar fógra deich lá i scríbhinn, ar a laghad, faoin gcruinniú sin do gach duine a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh ag an gcruinniú sin.  Déanfaidh an fógra seo:

    (a) a chur in iúl go lorgófar ainmniúcháin ó thuismitheoirí le haghaidh daoine a sheasfaidh i dtoghchán d'ainmnithigh tuismitheoirí ar an mBord,

    (b) Soiléirigh cé acu an ndéanfar ballóid a thionól ag an gcruinniú chun na hainmnithigh a thoghadh nó an seolfar an bhallóid ina dhiaidh sin mar phostbhallóid,

    (c) i gcás ina mbeartaítear ballóid phoist a bheith ann, tabharfar an dáta is déanaí le páipéir bhallóide a bheith ar ais agus an dáta, an t-am agus an áit a gcomhairfear na vótaí go poiblí.

2. Ag an gcruinniú ba chóir ainmniúcháin a lorg do phainéal máithreacha agus painéal aithreacha araon. Is féidir le tuismitheoirí iad féin a ainmniú agus ní mór do dhuine amháin atá ag freastal ar an gcruinniú tacú le gach ceann de na hainmniúcháin.

3. Mura bhfuil ach aon ainmnitheach amháin do cheachtar painéal, measfar an t-ainmnitheach/ na hainmnithigh a bheith tofa. Mura bhfuil ach triúr ainmní ann i gcás socrú rialachais roinnte measfar an triúr ainmní a bheith tofa faoi réir an riachtanais atá leagtha amach in **Alt 3.3.2 (b)** den lámhleabhar seo.

4. Má fhaightear níos mó ná ainmniúchán amháin do cheachtar painéal, tionólfar rúnbhallóid ag an gcruinniú nó ina dhiaidh sin. Ceapfar beirt áiritheoirí agus is féidir le duine acu gníomhú mar Cheann Comhairimh i gcás ballóide poist.

5. I gcás ballóide poist, ní foláir an vótáil a bheith dúnta agus na vótaí a bheith caite laistigh de dheich lá den chruinniú.

6. Beidh vóta neamh-inaistrithe amháin do gach painéal ag gach duine a bheidh ag vótáil.

7. Déanfar na vótaí a chomhaireamh go poiblí.

8. Déanfar an toghchán a chinneadh ar an líon is airde vótaí (i.e. córas an chéad duine abhaile):

    - is iad na hainmnithigh a fhaigheann an líon is airde vótaí ó gach painéal (painéal na máithreacha agus painéal na n-aithreacha, faoi seach) is túisce a thoghfar, agus

- measfar an t-ainmnitheach a fhaigheann an líon is airde vótaí taobh amuigh de sin a bheith tofa mar an tríú ainmnitheach, ach amháin i gcás go gciallódh sé, i gcás ceachtar den dá scoil, nach mbeadh tuismitheoir amháin de leanbh atá cláraithe agus ag freastal ar an scoil sin ina c(h)omhalta den Bhord. I gcás mar sin, measfar an t-ainmnitheach ag a bhfuil an líon is mó vótaí agus ag a bhfuil leanbh atá cláraithe agus tús curtha acu le freastal ar an scoil sin a bheith tofa.

9. I gcás comhionannas vótaí idir ainmnithigh, cuirfear ar crainn é chun toghadh an ainmnithigh/na n-ainmnitheach a chinneadh. Mar sin féin, i gcás ina ndearnadh an bhallóid ag cruinniú agus inar aontaigh tromlach na vótálaithe a bhí i láthair agus a chaith vóta, é, toghfar an t-ainmnitheach/na hainmnithigh trí vótáil arís ag an gcruinniú sin. Beidh vóta dá leithéid teoranta do na hainmnithigh chomhionanna.

10. Cuirfear toradh na ballóide in iúl do na tuismitheoirí agus d'ionadaí an phátrúin.

11. Féadfar na tuairisceáin vótála ón mballóid a choinneáil chun folúntais, a tharlódh i saolré an Bhoird, a líonadh trí chomhthoghadh sa chás go ndéanfaí cinneadh, tar éis dul i gcomhairle leis an gcumann tuismitheoirí, gan fothoghchán nó fothoghchán breise a reáchtáil, de réir mar is cuí.

12. I ndiaidh dheireadh an phróisis thuas cuirfidh ionadaí an phátrúin in iúl don phátrún gur roghnaíodh ainmnithigh na dtuismitheoirí de réir **Rogha 1** agus deimhneoidh sé/sí gur cloíodh go hiomlán leis na nósanna imeachta faoi **Rogha 1**.

# Aguisín B (ar leanúint)

## Rogha 2

1. Déanfaidh ionadaí an phátrúin socrú chun scríobh chuig tuismitheoirí uile na leanaí atá cláraithe agus a chuir tús le freastal ar an scoil (is é sin, gach líon tí) d'fhonn a fháil amach cé acu ar mhian nó nár mhian leo dul chun cinn le haghaidh ainmniúcháin agus toghcháin mar ainmní tuismitheoirí ar an mbord bainistíochta.

2. Lorgóidh ionadaí an phátrúin toiliú na dtuismitheoirí siúd a thugann le tuiscint go bhfuil siad sásta a bheith ar fáil le haghaidh ainmniúcháin agus toghcháin chun go scaipfí a n-ainmneacha agus eolas ar na ranganna a bhfuil a gcuid leanaí ag freastal orthu ar gach líon tí. Éilíonn na hAchtanna um Chosaint Sonraí nach mór d'ionadaí an phátrúin cead roimh ré a fháil ó gach tuismitheoir an fhaisnéis phearsanta sin a scaipeadh ar thuismitheoirí eile leanaí atá cláraithe agus tar éis tús a chur le freastal ar an scoil.

3. Ansin tiomsóidh ionadaí an phátrúin liosta na dtuismitheoirí ar fad a thoiligh d'ainmniúchán agus do thoghchán mar ainmní tuismitheora ina bhféadfar na ranganna a bhfuil a gcuid leanaí ag freastal orthu a lua má thugtar toiliú. Ansin scaipfear an liosta ar gach líon tí agus tabharfar cuireadh do thuismitheoirí leanaí atá cláraithe agus a chuir tús le freastal ar an scoil iarrthóirí a ainmniú ón liosta seo chun go dtoghfaí chuig an mbord bainistíochta iad.

4. Is féidir le gach tuismitheoir ainmniúchán amháin a dhéanamh do phainéal na n-aithreacha agus ceann do phainéal na máithreacha. Cuirfear ar aghaidh na hainmniúcháin chuig ionadaí an phátrúin ionas go bhféadfar liosta a chur le chéile den deichniúr a fuair an líon is airde ainmniúchán do gach painéal. I gcás go mbíonn comhionannas ann don deichiú háit, féadfar an líon seo a mhéadú faoin méid iomchuí le freastal a dhéanamh orthu siúd atá ar chomhscór sa deichiú háit.

5. Mura bhfuil ach aon ainmnitheach amháin do cheachtar painéal, measfar an t-ainmnitheach/ na hainmnithigh a bheith tofa.

6. Má fhaightear níos mó ná aon ainmniúchán amháin do cheachtar de na painéil, tionólfar rúnbhallóid agus féadfaidh tuismitheoirí de leanaí atá cláraithe agus a bhfuil tús curtha acu lena bhfreastal ar an scoil vóta a chaitheamh do na hainmnithigh sin a dheimhnigh go bhfuil siad sásta (fíoraithe ag ionadaí an phátrúin) a bheith ina gcomhaltaí den Bhord.

7. Ba chóir iad siúd a ghlacann le hainmniúchán a spreagadh chun cuntas gearr pearsanta a chur ar fáil le cur ar an bpáipéar ballóide, agus féadfaidh ainm agus uimhir theileafóin a bheith san áireamh ar an bpáipéar. Éilíonn ceanglais na hAchta um Chosaint Sonraí, áfach, nach mór d'ionadaí an phátrúin cead a fháil chun a leithéid d'fhaisnéis phearsanta a scaipeadh uathu siúd atá ag glacadh le hainmniúchán.

8. Ba chóir páipéir bhallóide ar leith a úsáid chun máthair amháin agus athair amháin a thoghadh. Beidh vóta neamh-inaistrithe amháin do gach painéal ag gach duine a bheidh ag vótáil. Ba chóir socruithe a dhéanamh le páipéir bhallóide a scaipeadh orthu sin atá i dteideal vótála agus iad a bhailiú uathu agus le duine creidiúnach a ainmniú mar Cheann Comhairimh. Ba chóir go gcuirfeadh an fógra ballóide dáta, am agus áit do chomhaireamh na ballóide in iúl, freisin.

9. Déanfar na vótaí a chomhaireamh go poiblí.

10. Déanfar an toghchán a chinneadh ar an líon is airde vótaí (i.e. córas an chéad duine abhaile).

11. I gcás comhionannas vótaí idir na hainmnithigh, cuirfear ar crann é chun toghadh an ainmnithigh/na n-ainmnitheach a chinneadh.

12. Cuirfear toradh na ballóide in iúl do na tuismitheoirí agus d'ionadaí an phátrúin.

13. Féadfar na tuairisceáin vótála ón mballóid a choinneáil chun folúntais, a tharlódh i saolré an Bhoird, a líonadh trí chomhthoghadh sa chás go ndéanfaí cinneadh, tar éis dul i gcomhairle leis an gcumann tuismitheoirí, gan fothoghchán nó fothoghchán breise a reáchtáil, de réir mar is cuí.

14. I ndiaidh dheireadh an phróisis thuas cuirfidh ionadaí an phátrúin in iúl don phátrún gur roghnaíodh ainmnithigh na dtuismitheoirí de réir **Rogha 2** agus deimhneoidh sé/sí gur cloíodh go hiomlán leis na nósanna imeachta faoi **Rogha 2.**

## Aguisín C - Nós imeachta chun ball/baill ón phobal a roghnú le haghaidh ceapacháin chuig an mBord.

(Beidh feidhm leis an bpróiseas seo, mutatis mutandis, chun comhalta amháin sa bhreis a roghnú i gcás Bord scoileanna nach bhfuil aon múinteoir amháin iontu, nó chun triúr comhaltaí breise a roghnú i gcás ina bhfuil socrú comhrialachais de réir **Alt 3.3** den lámhleabhar seo á chur i ngníomh.)

1. Tionólfaidh ionadaí an phátrúin cruinniú den bheirt ainmnitheach atá ag an bpátrún, an bheirt ainmnitheach tuismitheoirí tofa, ionadaí tofa na múinteoirí agus an príomhoide.

2. Tionólfar an cruinniú sin den 6 ainmnitheach laistigh de sheacht lá de na próisis toghcháin atá leagtha síos in **Aguisíní A agus B** a bheith críochnaithe.

3. Ag an gcruinniú sin, tar éis dóibh riachtanais scile an Bhoird do bhainistíocht éifeachtach na scoile a phlé, de réir na gcritéar atá leagtha síos ag 4 thíos, molfaidh an 6 ainmnitheach/comhaltaí beirt chomhaltaí sa bhreis ón bpobal trí chéile, a bheidh comhaontaithe eatarthu, le ceapadh ag an bpátrún. D'fhonn a chinntiú go mbeidh an ionadaíocht is leithne agus is féidir ann, ba chóir don bheirt chomhaltaí a roghnófar as an bpobal, nuair is indéanta, a bheith neamhspleách ar na catagóirí eile de dhaoine ar an mBord (féach **Alt 3.1** nó **3.2** nó **3.3** den lámhleabhar seo).

   Déanfar gach iarracht teacht ar chomhaontú d'aon ghuth.  Má bhíonn deacrachtaí ag na comhaltaí, áfach, maidir leis seo, is féidir tuilleadh cruinnithe a thionól chun an próiseas a éascú.  Moltar go mbeadh trí cinn, ar a mhéad, de na cruinnithe sin ann.

   Sa chás nach féidir teacht ar chomhaontú d'aon ghuth tar éis trí cinn de chruinnithe, déanfaidh tromlach 5 le 1 (8 le 1 i gcás socrú comhrialachais) de na comhaltaí beirt chomhaltaí sa bhreis ón bpobal i gcoitinne a mholadh don phátrún lena gceapadh. Cuirfear deireadh leis an bplé sin, lena n-áirítear na trí chruinniú molta, laistigh de dheich lá. Bheadh sé fóirsteanach ag na comhaltaí na daoine eile sin a shainaithint a bhféadfaí ceist a chur orthu sa chás go ndiúltaíonn na daoine ar cuireadh ceist orthu ar dtús don chuireadh. Ba chóir do na comhaltaí cinneadh a dhéanamh faoin ord ina rachfar i dteagmháil leis na daoine a roghnaíodh.

   Féadfar an tréimhse chun aontú ar roghnú beirt chomhaltaí sa bhreis a shíneadh thar deich lá go huasteorainn ghlan de sheacht lá dhéag ach é sin amháin más rud é go ndiúltaíonn an bheirt a roghnaíodh i dtús báire.

   Má theipeann ar thromlach na gcomhaltaí beirt chomhaltaí sa bhreis a ainmniú, mar atá léirithe thuas, ceapfaidh an pátrún beirt chomhaltaí ó na daoine a bhí á mbreithniú ag an mBord ar dtús le haghaidh ainmniúcháin.

4. Is iad seo a leanas na critéir a bheidh i bhfeidhm agus daoine ón bpobal á roghnú le gníomhú mar chomhaltaí an Bhoird ná:

   (a) Beidh scileanna ag daoine a ainmnítear a chuireann le riachtanais scile an Bhoird.

   (b) Ainmneofar daoine ar mhaithe le cothromaíocht inscne a bheith ag an mBord.

(c) Beidh spéis ag na daoine a ainmneofar san oideachas agus ina chur chun cinn ach de ghnáth ní tuismitheoirí ar dhaltaí atá ag freastal ar an scoil a bheidh i gceist.

(d) Le cois **(a), (b)** agus **(c),** cuirfear na critéir seo a leanas i bhfeidhm de réir mar is cuí:

## I gcás bunscoileanna Caitliceacha Rómhánacha

(i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar d'éiteas na scoile agus don phobal/pharóiste ar a bhfuil an scoil ag freastal agus beidh tuiscint acu agus tiomantas acu d'oideachas Caitliceach mar a bhfuil cur síos air sa Ghníomhas Iontaobhais do Scoileanna Caitliceacha.

(ii) I gcás Gaelscoileanna/scoileanna Gaeltachta Caitliceacha Rómhánacha, beidh tuiscint ag daoine a ainmneofar agus tiomantas acu d'éiteas na scoile. Beifear ag súil, freisin, go mbeidh eolas maith ar an nGaeilge acu sin a ainmneofar.

## I gcás bunscoileanna Eaglais na hÉireann

(i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar d'éiteas na scoile agus don phobal/pharóiste ar a bhfuil an scoil ag freastal agus beidh siad ina mbaill d'Eaglais na hÉireann, mar atá cinntithe ag Eaglais na hÉireann, cé go bhfuil sé faoi lánrogha an phátrúin a mhalairt a chinneadh.

## I gcás bunscoileanna Preispitéireacha

(i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar d'éiteas na scoile agus don phobal/pharóiste ar a bhfuil an scoil ag freastal agus beidh siad ina mbaill den Eaglais Phreispitéireach in Éirinn, cé go bhfuil sé faoi lánrogha an phátrúin a mhalairt a chinneadh.

## I gcás bunscoileanna Meitidisteacha

(i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar d'éiteas na scoile agus don phobal/pharóiste ar a bhfuil an scoil ag freastal agus beidh siad ina mbaill den Eaglais Mheitidisteach, cé go bhfuil sé faoi lánrogha an phátrúin a mhalairt a chinneadh.

## I gcás scoileanna Ag Foghlaim le Chéile

(i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar ón bpobal a ndéanann an scoil freastal air d'éiteas na scoile.

## I gcás Gaelscoileanna faoi phátrúnacht Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna Lán Ghaeilge

(i) Beidh tuiscint ag na daoine a ainmneofar ón bpobal a ndéanann an scoil freastal air ar éiteas na scoile agus tiomantas don scoil. Beifear ag súil freisin go mbeidh cumas maith Gaeilge acu sin a ainmneofar.

## I gcás bunscoileanna Moslamacha

(i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar d'éiteas na scoile agus don phobal/pharóiste ar a bhfuil an scoil ag freastal agus beidh tuiscint acu agus tiomantas acu d'oideachas Ioslamach mar a bhfuil cur síos air sa Ghníomhas Iontaobhais do Scoileanna Moslamacha. Beidh siad ina mbaill den phobal Moslamach in Éirinn de réir mar atá cinntithe ag Fondúireacht Ioslamach na hÉireann atá mar chomhlacht oifigiúil ionadaíoch tofa go daonlathach ag, agus do, na Moslamaigh in Éirinn, cé go bhfuil sé faoi lánrogha an phátrúin a mhalairt a chinneadh.

## I gcás Pobalscoileanna Náisiúnta

(i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar ón bpobal a ndéanann an scoil freastal air d'éiteas na scoile.

## I gcás na scoileanna uile eile

(i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar ón bpobal a ndéanann an scoil freastal air d'éiteas na scoile.

5. Gheobhaidh ionadaí an phátrúin amach láithreach faoi thoil na n-ainmnitheach chun gníomhú.

6. Nuair a bheidh na hainmnithigh roghnaithe agus é deimhnithe go bhfuil siad sásta gníomhú mar chomhaltaí, cuirfidh ionadaí an Phátrúin ainmneacha na n-ainmnitheach atá aontaithe chuig an bpátrún le ceapadh in éineacht le hainmneacha na ndaoine eile a ainmníodh le bheith ar an mBord. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach faide ná deich lá an tréimhse iomlán atá curtha ar fáil le comhdhéanamh an Bhoird a chur in iúl don phátrún, glacadh an phátrúin leis agus a chur in iúl don Aire.

7. I gcás folúntais, ba chóir do na comhaltaí Boird atá fágtha ainm a mholadh don phátrún le ceapadh ag baint feidhme as na critéir ag **Alt 4 d'Aguisín C** laistigh de mhí amháin ón uair a tharlaíonn an folúntas.

# Foirm 1 - Dearbhú Acht

**Ní mór gach cuid ábhartha den dearbhú seo a líonadh amach ina hiomláine (Cuirfear dearbhuithe neamhiomlána ar ais).**

**Cuid A.** [Bloclitreacha le do thoil]

Contae:________________________________ Uimhir Rolla: ______________________

Ainm na Scoile:____________________________ Uimhir Fóin na Scoile:________________

Ainm an Phátrúin:__________________________ Uimhir Fóin an Phátrúin:______________

---

**Cuid B.** [Bloclitreacha le do thoil]

Dearbhaím go bhfuil an té thíos ceaptha:

Teideal______ Céadainm______________________Sloinne________________________

mar Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta den scoil thuasluaite le héifeacht ó _____/_____/_____

An raibh an duine seo ina c(h)athaoirleach den Bhord atá ag dul as oifig? Bhí ☐ Ní raibh ☐

---

**Cuid C.**

Dearbhaím go ndearnadh ainmnithigh na dtuismitheoirí a thoghadh chuig an mbord bainistíochta de réir **Aguisín B** de *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2023 – 2027* ag úsáid (cuir tic sa bhosca cuí le do thoil):

**Rogha 1 d'Aguisín B** ☐ **Rogha 2 d'Aguisín B** ☐

---

**Cuid D.** [Bloclitreacha le do thoil]

Ar ceapadh an Bord seo faoi shocrú comhrialachais dar le **Alt 3.3** den *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2023 – 2027*? Ceapadh ☐ Níor ceapadh ☐

Má ceapadh, tabhair sonraí na scoile eile atá páirteach sa socrú comhrialachais;

Contae: ________________________________ Uimhir Rolla: __________________________

Ainm na Scoile: ______________________________________________________________

**Nóta: Ceangail Foirm 1 comhlánaithe maidir leis an scoil eile leis an bhfoirm seo.**

---

**Cuid E.**

Dearbhaím gur ceapadh gach comhalta Boird agus gur bunaíodh an bord bainistíochta de réir na riachtanas atá leagtha amach i *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2023 – 2027* agus san Acht Oideachais 1998.

Sínithe: __________________________________ (Síniú an Phátrúin) Dáta: ____________________

| |
|---|
| **NÓTA:** I gcás ina mbíonn athrú Cathaoirligh ann le linn théarma oifige an Bhoird, seolfaidh an pátrún dearbhú nuashonraithe d' **Fhoirm 1** chuig an Rannóg Rialachais Scoileanna a luaithe a dhéantar an ceapachán. Is féidir an fhoirm seo a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na Roinne. Ní mór í a chomhlánú go hiomlán agus í a chur ar ais chuig **An Rannóg um Rialachas Scoileanna, An Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co na hIarmhí, Eircode: N37X659.** |

## Foirm 2 - Dearbhú Glactha Comhaltais ar Bhord Bainistíochta Scoile

**Scoil:** ________________________________________ **Uimhir Rolla:** _______________

**Seoladh:** ______________________________________________________________

______________________________________________________________________

________________________________________ **Éirchód:** _______________________

Dearbhaím leis seo go nglacaim comhaltas ar Bhord Bainistíochta na scoile thuasluaite dá téarma oifige reatha, agus geallaim cloí leis na rialacha a bhaineann le mo dhualgais de réir *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2023 – 2027* agus de réir na rialacha, na rialachán, na reachtaíochta (lena n-áirítear an tAcht Carthanas 2009) agus na n-imlitreacha Roinne ábhartha eile ar fad a bhaineann le comhaltas agus le feidhmiú na mBord.

| Ainm an Chomhalta (Bloclitreacha amháin) | Síniú an Chomhalta | Dáta |
|---|---|---|
| _____________________ | _________________________ | _____/_____/_____ |
| _____________________ | _________________________ | _____/_____/_____ |
| _____________________ | _________________________ | _____/_____/_____ |
| _____________________ | _________________________ | _____/_____/_____ |
| _____________________ | _________________________ | _____/_____/_____ |
| _____________________ | _________________________ | _____/_____/_____ |
| _____________________ | _________________________ | _____/_____/_____ |
| _____________________ | _________________________ | _____/_____/_____ |

Ba chóir do gach duine de na comhaltaí an dearbhú seo a shíniú ag an gcéad chruinniú den Bhord a fhreastalaíonn sé/sí air, nó roimhe sin. Ba chóir an fhoirm seo a choimeád mar chuid de Leabhar na Miontuairiscí.

**Nóta:** Má tharlaíonn athrú ar bhallraíocht le linn téarma oifige Boird ba chóir an dearbhú seo a bheith sínithe ag aon chomhalta nua ag nó roimh an chéad chruinniú ar a ndéanann sé/sí freastal. Ní mór an fhoirm seo a choinneáil mar chuid de Leabhar na Miontuairiscí.